



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Míorúilt an chleite chaoin : rogha dánta - Liam S Gógan
Author(s)	De Paor, Louis
Publication Date	2012
Publication Information	de Paor, Louis (Ed.). (2012). Míorúilt an chleite chaoin : rogha dánta - Liam S Gógan. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
Publisher	Coiscéim
Link to publisher's version	<a href="http://www.coisceim.ie/">http://www.coisceim.ie/</a>
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/6751">http://hdl.handle.net/10379/6751</a>

Downloaded 2024-05-21T02:31:54Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



# Míorúilt an chleite chaoin

**ROGHA DÁNTA**



# Míorúilt an chleite chaoin

**ROGHA DÁNTA**

**Liam S Gógan**

*curtha in eagar ag*  
**Louis de Paor**

**COISCÉIM**

An chéad chló 2012

Míorúilt an chleite chaoin: Dánta © Eastát Liam Gógan

Réamhrá agus nótaí eagarthóireachta © Louis de Paor



Foras na Gaeilge

Tá Coiscéim buíoch de Foras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Tá Coiscéim buíoch den Chomhairle Ealaíon as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir, Coiscéim, Tigh Bhríde, 91 Br Bhinn Éadair, Páirc na bhFianna, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13.

*Le fáil ó na siopaí seo:*

**An Siopa Leabhar**

6 Sráid Fhearchair

Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 4783814

Faics: (01) 4785428

ansiopaleabhar@eircom.net

**An Ceathrú Póilí**

216 Bóthar na bhFál

Béal Feirste BT12 6AH

Guthán: (048) 90322811

Faics: (028) 90964189

leabhair@an4poili.com

**An Café Liteartha**

Daingean Uí Chúise

Contae Chiarraí

Guthán: +353 (0)66 9152204

Faics: +353 (0)66 9152205

comdhineoil@fiachdubh.com

*Orduithe ó dhioltóirí leabhar:*

**ÁIS**

31 Sráid na bhFíiníní, B.Á.C 2

Guthán: (01) 6626259

Faics: (01) 6612378

eolas@forasnagaeilge.ie

Clúdach: Valerie Seery

Clódóirí: Johnswood Press Teo.

# Clár

<i>Réambrá</i>	7
as <i>Dánta agus duanóga 1919-1929</i> (1929)	
Na coisithe	65
Aiceantacht	66
An linn	67
Samhla	68
An Ghaeilge	69
Taithleachas	70
An dá theanga	72
Trélineach	73
Taibhsí	74
An spéir	75
Samhain	76
Mí Mheáin Fhómhair	77
An chathraíocht	78
An tslí amach	79
An Nollaig	80
as <i>Dánta an lae indiu 1929-1935</i> (1936)	
An taistealaí	83
Cumha	85
Mian	86
Magh Meall	87
Impression	88
Cogadh	89
as Ceithre dánta do Dháimh Mhúscraí:	
Ceart agus cóir dosna béithibh	90
Stróll	92
Seanlaoch	93
Atuirse	94

An aithbhliain	95
Arascain Sildear	96
Marcra an díomua	97
Focal scoir	99

as *Dánta eile 1939-1941* (1946)

An bhliain chinniúnach	103
Amhrán tosaigh an Fhómhair	105
Liobharn Stáit	107
Amhrán Geimhridh	109
Siubhán	111
Fantais ceo	112
Fantais coille	114

as *Dánta agus duanta 1941-1947* (1952)

Eachtra criosaintéimeach	119
An loch	120
Amharclann an bháis	122
Nollaig Bheirlíneach	124
Grá éagmaiseach	126
Cuibhrigh ghorma	127
An soitheach Gréagach	128
Sreanga beo	129
Lá 'le Muire sa bhFómhar	130
An Phoblacht	131
An tseanbhliain	132
Ronsard agus Helén	133
An dá chlochar	134
September	135

as <i>Duanaire a sé 1947-1965</i> (1966)	
Aonach na neathanna	139
Cill Mhuire Nua	140
Fuinneog an bhláthadóra	142
Plato don bhfile	143
Nóra	144
Patricius	145
Easach Eileanóra	146
Eipeasód	147
as <i>Ar an tslí abhaile: Duanaire a seacht 1966-1979</i> (2012)	
HMS An Bhreatain	151
Hydrangea gorm	152
Klare Von Reuter	153
Gairm an scátháin	154
Don oíche	155
<i>Nóta ar chóiriú an téacs</i>	156
<i>Nótaí ar na dánta</i>	161





## Réamhrá

In eagrán mhí Márta 1953 de *Feasta*, an mhí chéanna gur foilsíodh léirmheas cáiliúil Mháire Mhac an tSaoi ar *Eireaball Spideoige* an Ríordánaigh, thug Máirín Ní Mhuirgheasa a breithiúnas féin ar *Dánta agus duanta 1941-1947* (1952), an leabhar is sásúla, b'fhéidir, de chuid Liam S Gógan. Sara dtáinig sí chomh fada leis na dánta, bhí scéal aici faoin bhfear a chum iad agus cur síos ar na tréithe pearsanta a chonaic sí ar fud na filíochta aige. Bhí sí ar saoire cois farraige roinnt bhlianta roimhe sin, adúirt sí, agus í i bhfeighil leanaí ar an dtrá, nuair a casadh an file uirthi agus eagrán dhátheangach de dhánta Rilke ina lámh:

Chrom sé láithreach ar spéis agus tábhacht na ndánta a léiriú dhom. Chuir sé an t-aistriúchán, focal ar fhocal, i gcomparáid leis an mbunleagan, agus chuir sé in iúl dom na háiteanna, dar leis, inar éirigh leis an aistritheoir an bhunchiall a léiriú go hoilte agus na háiteanna inar theip an cruinneas air. I gcaitheamh an ama go léir bhí leathshúil agamsa ar an leabhar agus leathshúil inníoch agam ar na leanaí a bhí faoi mo chúram. Ach ní raibh aon rud ar domhan ag déanamh buartha do Liam Gógan ach an fhilíocht sa leabhar. Ní raibh aird aige ar ghile na gréine agus na farraige; déarfainn, fiú amháin, nárbh eol dó go raibh an tráigh plódaithe le daoine agus le leanaí ag scréachadh agus ag súgradh go haerach. (19)

Léirigh an eachtra seo, dar léi, cuid éigin den mbua agus den laige a bhain le filíocht an Ghóganaigh. 'Is duine é a thugann mórómós d'fhocail – focail ársa, focail neamhchoitianta, focail ghíoscacha agus, anois is arís, focail áille. Agus tarlaíonn ar uairibh go bhfaigheann na focail sin an lámh in uachtar air. Éiríonn siad mar fhál idir an léitheoir agus ábhar an dána' (19). Mar go bhfanann a léargas rómhinic ar an dtaobh eile den

bhfál sin, adeir sí, tá ‘neamhphearsantacht’ ag roinnt le dánta Gógan, fé mar a bheadh ‘an file ina sheasamh ar leataoibh ón radharc in ionad é a shú isteach ann féin’. Leis sin, ‘tá fuaire agus neambeocht san dréacht iomlán a choisceann é ar comh-mhothú an léitheora a mhúscailt’. Níor mhór dó, adeir an léirmheastóir, ‘slat-tomhais phearsanta do shaghas éigin a bheith aige; is éigean dó a shéala féin a ghreamú ar a shaothar más fiú éisteach leis ar aon chor’ (19-20).

Is port coitianta é ag léirmheastóirí gur file é Gógan ar mhó a shuim i bhfocail ná sa méid a chuirtear in iúl leo, a raibh a cheann báite aige i leabhair seachas sa tsaol ina thimpeall. ‘Ba mhóide a cháil i measc lucht a chomhaimsire dá ndruideadh sé aniar níos cóngaraí dóibh’, a dúirt Tomás Ó Floinn (1947: 9). ‘Tá iarracht de bhréagnómhaireacht ar a chuid filíochta’, dar le Seán Ó Tuama (1950: 14). ‘Ba mhó a spéis i módh a ráite ná ins na ráitis’, a deir Muiris Mac Conghail (1966: 20). Bhraith Eoghan Ó hAnluain gur cumadh na dánta in *Duanaire a sé 1947-1965* (1966)

ar dheisiúr an tsaol, ar aghaidh na gréine agus ar chúl na gaoithe. Tá míneadas agus soineantacht iontu a chuirfeadh i bhfios nárbh as ré dhorcha intinne nó go fiú as bíogadh obann aoibhnis a fáisceadh iad. Toradh iad ar mheabhrú neamhchúiseach saoihiúil ar chúrsaí an tsaol agus ar dhúil scolártha sa teanga. Tá rian a gcúram orthu. (1966: 26)

‘In a more cultivated and historically integrated society than ours, Liam Gógan would be recognised for the ornament he is’, adúirt Risteard de Glaisne, ina léirmheas féin ar an leabhar céanna:

He writes, consciously or unconsciously, as if he were a member of some Académie Irlandaise, a fastidious aristocrat of letters: as regards language, conservative to a

fault, yet deeply concerned for the future of his medium; involved in the contemporary scene, yet curiously detached; champion of national values, yet one who takes the whole world for his ken. (*Irish Times* 5/8/1967: 5)

‘In general’, ar seisean, ‘the book is too full of elegant gesture: there is too little of the ache of delight or pain’.

Agus fós, d’aithin cuid de na léirmheastóirí ba dhéine dá raibh sa Ghaeilge an fhaid a bhí Gógan ag scríobh go raibh mianach neamhchoitianta éigin ina chuid dánta, ainneoin na lochtaí. Sa réamhrá a chuir sé le *Nuabbéarsaíocht* (1950), labhair Seán Ó Tuama ar easpa forbartha na Gaeilge mar theanga a bheadh oiriúnach ‘chun filíocht lántréitheach nua-aimseartha a cheapadh inti’ agus an dua a bhain leis an teanga a chur in oiriúint do shaol cathrach na nua-aoise:

Cuireann sin stríoch mór ar fhíle na Gaeilge, dar ndóigh, mar nach bhfuil an Ghaeilge ina teanga dhúchais ag aon phobal ceart cathrach; i dtreo ná fuil freastal beacht déanta inti ar mhórán de na cortha aigne a ghabhann le saol cathrach, agus nár beathaíodh go fírinneach fós inti na mílte smaoinemh agus focal a bhaineann le tranglam meicniúil na haoise seo. (11)

Thug sé creidiúint do Liam Gógan as an ‘iarracht mhisiúil’ a bhí déanta aige chun ‘teanga chathrach a sholáthar dó féin’. Daichead bliain níos moille, chuaigh an Tuamach níos faide fós sa mholadh ar thréithiúlacht Gógan, gan na lochtaí a chonaic sé fós ina chuid filíochta a shéanadh:

Tá blas éigin de chuisle a linne féin le brath chomh maith ar shaothar L.S. Gógan, an file is lú a bhfuil a cheart faighte aige díobh sin a bhí ag saothrú sa ré idir bunú an Stáit agus an dara cogadh mór (1939-1945). Níor leasc leis siúd, áfach, a mheon cathrach sofaisticiúil féin a chur

in iúl tré leas a bhaint as an traidisiún fileata is mó a sheachain filí maithe eile, traidisiún an 18ú céad. D'fhág a rian sin, agus rian fhoclóra an Duinnínigh, cuma dheoranta ró-líteartha go minic ar a chuid friotail. Bíonn fonn ar an léitheoir a rá uaireanta i dtaobh an fhile seo an ní a dúirt Ben Johnson i dtaobh Spenser: 'he writ no language'. Ina dhiaidh sin, scríobh Spenser filíocht a mhaireann go buan – agus níl aon amhras orm ná go bhfuil mianach buan chomh maith i mbeagán éigin de na liricí a chum L.S. Gógan. Má b'iad filí an 18ú céad féin na máistrí a bhí aige, níor choisic sin é ar eachtra grá pearsanta a shuíomh go healaíonta 'i gcoill de chuid Corot' (*Fantais Coille*), ná ar phictiúr de bhád canálach comónta i mBaile Átha Cliath (*Liobharn Stáit*) a chur i láthair ar shlí a léirigh go raibh sé faoi anáil phéintéirí impreisiúnacha na linne. D'áireoinn an dán deireanach sin go háirithe ar cheann de na dánta is cumasaí dá bhfuil scríofa sa Nua-Ghaeilge.

(1991: xiii-xiv)

Ba é Tomás Ó Floinn, áfach, ba thúisce a thug a ceart d'fhilíocht Liam Gógan sa léirmheas téagartha a scríobh sé ar *Dánta eile 1939-1941* (1946). Is file 'traidisiúnta' é, adeir Ó Floinn san aiste sin, 'guth ón uaigh' a chuirfeadh Fearflatha Ó Gnímh nó Dáibhí Ó Bruadair i gcuimhne do dhuine. I ndán amháin leis, 'braithim cór slua éigse na 18ú aoise ag ceol in éineacht ina chluasa'. Cé go bhfuil an file tar éis scarúint beagán leis an ársaíocht a chleacht sé roimhe seo, tá sé fós 'tumtha sa tseandacht', a deir an léirmheastóir, 'níl san 18ú aois ach inné; níl san 10ú aois ach arú inné'. Is iad tréithe an dáin dhírigh is mó atá le tabhairt faoi ndeara sna dánta: 'gontacht, greantacht, cruinneas agus léirghlaine smaoinreamh agus samhaltas'. Is é an t-iontas mar sin, adeir Ó Floinn, 'gur doiléire in áit soiléire a fhásann dá mbarr go minic', mar go gcuireann an file ualach rómhór ar a chuid focal. 'Fásann an nós ná fuil de théarma agam dó ach *telescoping*. Fitear an gréasán focal chomh mion

dlúth sin ina chéile nach mór é a leathadh, é a scaradh ó chéile, leis an samhaltas nó an smaoineamh atá bróidnithe air a aithint.' Tá Ó Floinn ar aon fhocal leosan a deir go bhfuil neamhphearsantacht ag roinnt le dánta Gógan ach ní ábhar gearáin aige an méid sin: 'Ní bhfaightear riamh é, ar nós formhór na bhfilí liriciúla, ag seilg a spioraid chéasta féin trí phóirsí diamhra na hintinne agus á stracadh ar urla i láthair an tsaoil in iomláine a baoise agus a hurghránachta'. Cé go n-aithníonn sé na laigí atá sa leabhar, críochnaíonn sé an léirmheas le breithiúnas tomhaiste ar chumas an fhile:

I ndeireadh thiar, bainim as nó buailim faoi, níl amhras orm, ar thoirt agus ar shubstaint a shaothair, gurb é an té is cumasaí atá ag scríobh filíochta i nua-ré seo na Gaeilge. Mar a deir sé féin sa réamhrá, 'muna bhfuil aitheantas ná acfuinn le fáil indiu' aige beidh tuiscint nua aige lá is faide anonn. (1947: 4, 9)

Má chuimhítear go raibh dhá leabhar foilsithe fén dtráth sin ag Máirtín Ó Direáin, agus dánta i gcló cheana sna hirisí Gaeilge ag Seán Ó Ríordáin, is mór an ní é gur thug Ó Floinn an chraobh do Ghógan thar éinne eile dá chomhfhilí i 1947.

D'ainneoinn an ardmholaidh san, is beag a cuireadh leis ina dhiaidh sin. Fiú is gurb é *Dánta agus duanta 1941-1947* (1952) an leabhar is cumasaí dá chuid, bhí filíocht de shaghas eile á cuardach ag léitheoirí agus léirmheastóirí faoi sin, filíocht nua-aimseartha den tsaghas a raibh réamhinsint ar chuid dá tréithe i saothar Gógan, agus fós go raibh a meanma bun os cionn le meanma a chuid filíochta siúd. Fén am gur foilsíodh *Duanaire a sé* (1966), bhí sé cúig bliana déag agus trí fichid is tá cuma na seanaoise ar an leabhar chomh maith le rian láidir na seanaimsireachta a bhain lena chuid filíochta ón tús. Ní hé nach bhfuil dánta breátha ann, ach braitear den géad uair, b'fhéidir, go bhfuil sé teanntaithe ag an teicníc oilte aclaí a bhí á forbairt aige ar feadh leathchéad bliain roimhe sin, go bhfuil

sé as dáta dáiríre sa ré nua ina maireann sé agus fuinneamh na samhlaíochta ag trá air.

Is é aidhm an bhailiúcháin áirithe seo de dhánta Liam Gógan léiriú éigin a thabhairt ar scóip is ar chomharthaí sóirt a chuid filíochta, agus aird a dhíriú arís ar an gcuid is fearr dá shaothar. Tar éis an tsaoil, seo file a fuair aitheantas leanúnach éigin ó d'áitigh 'an Greagóir clúmhaíl' Stiofán Mac Éanna ar na foilsitheoirí Maunsell a chéad leabhar a thabhairt amach sa bhliain 1919 (Gógan 1936: 1), nó gur cailleadh é i 1979 in aois a ocht mbliana agus ceithre fichid. Bhí WB Yeats, George Bernard Shaw, agus Oliver St John Gogarty, i measc na mbuaiteoirí eile nuair a bhuaigh sé bonn óir don bhfilíocht ag Aonach Tailteann i 1928. Fiche bliain níos moille, geall leis, bhí aitheantas á fháil aige i gcónaí i measc a chomhscríbhneoirí nuair a cheap Cumann na hÉigse mar Phríomh-Éigeas é i 1946. Foilsíodh dánta leis i gcuid de na hirisí agus na nuachtáin ba mhó a raibh éileamh orthu lena linn, an *Irish Independent* agus an *Sunday Independent* ina measc, agus an *Irish Press*, tráth dá raibh Cearbhall Ó Dálaigh, uachtarán na hÉireann lá níos faide anonn, ina eagarthóir Gaeilge air.

Cumadh cuid mhaith de na dánta sin le haghaidh ócáidí móra poiblí, ar bhunú stát na hIosraeile, mar shampla, nó ar theacht John F Kennedy go hÉirinn. Bronnadh cóip de 'Glóir-réim Uí Chinnéide' ar uachtarán Mheiriceá i mBaile Átha Cliath, léadh leagan Béarla de ar raidió Cheanada tar éis a bháis, agus cuireadh cóip den taifeadadh go dtí a bhaintreach, Jacqueline Bouvier Kennedy. Léadh an dán 'Mac Asmainn' cois uagha Ruairí Mhic Easmainn, agus a bhás siúd á chomóradh i 1965. Chum sé dán ómóis chomh maith do Charles Lindberg tar éis dó eitilt trasna an Atlantaigh den gcéad uair, agus ceann do Bhoris Pasternak 'ar a bheith coiscthe air an Duais Nóibéalach a ghlacadh'. Is é an dán is suaithinsí, b'fhéidir, i measc na ndánta poiblí aige ná an ceann a chum sé d'Italo Balbo, faisisteach Iodálach a bhain cáil idirnáisiúnta amach nuair a stiúraigh sé aerchabhlach na hIodáile chomh fada le

hAonach an Domhain i Chicago sa bhliain 1933. Cuireadh pictiúr Bhalbo ar chlúdach na hirise *Time*, agus ainmníodh sráid ina dhiaidh i Chicago. Fuair sé cuireadh chun lóin ón Uachtarán Roosevelt, is cheap treabhchas dúchais an Sioux ina thaoiseach é faoina athainm ‘Flying Eagle’. Cuireadh aistriúchán Fraincise ar dhán le Liam Gógan chomh fada leis ‘an Taoiseach aeir’ nuair a thuirling sé i Meiriceá is chuir seisean sreangscéal ar ais go dtí an file Gaeilge tar éis dó filleadh ar an Iodáil: ‘*Roma 4.18. ho molto gradito suo omaggio e desidero porgerle i miei piu vivi sentiti ringraziamenti. Italo Balbo*’ [Is mór ar fad agam do bhronntanas is gabhaim buíochas ó chroí leat. Italo Balbo], (Gógan 1936: 91).

Mura bhfuil na dánta san ar na cinn is fearr dar chum sé, taispeánann siad uaillmhian an fhile agus an tuiscint a bhí aige ar fheidhm phoiblí na filíochta. D’fhéadfaí an rud céanna a rá faoi na marbhnaí iomadúla a scríobh sé ar bhás daoine mór le rá sa tsaol poiblí in Éirinn agus thar lear, Pádraig Ó Conaire, Breandán Ó Beacháin, Jimmy O’Dea, Seán Ó Súilleabháin, Tórna, an Duinníneach, an Pápa Pius XII, an scoláire Meiriceánach Arthur Kingsley Porter, Boris Pasternak, agus an file Iodálach Gabriel D’Annunzio ina measc. Tríd is tríd, leanann na dánta sin coinbhinsiúin an mharbhna phoiblí go dílis gan dul tharstu in aon tslí a chorródh an léitheoir. Taispeánann siad mar sin féin aclaíocht an fhile i gcúrsaí stíle agus foirme chomh maith le gné thábhachtach dá thuiscint ar cheird agus ról an fhile.

Cé nach ionann dán a fhoilsiú sna nuachtáin is fearr díol is a chinntiú go léifí go forleathan é, taispeánann an méid sin ar fad go raibh aitheantas éigin á thabhairt do Liam Gógan ar feadh an chuid is mó dá shaol fada. Bhí ‘Na coisithe’, ‘Tuairimí’, agus ‘Liobharn Stáit’, ar churaclaim scoile ar feadh blianta fada agus dán nó dhó leis i ngach mórdhíolaim filíochta, geall leis, ó *Cuisle na héigse* (1920) ar aghaidh, sa tslí go bhféadfaí a rá go raibh áit socair go maith aige i gcanóin na filíochta Gaeilge ar feadh leathchéad bliain agus breis. É



sin ráite, is léir go raibh a sheasamh i measc léitheoirí Gaeilge imithe ar gcúl le tamall nuair a cailleadh é i mí na Nollag 1979. Tá easnamh dá réir i stair na filíochta againn mar níl aon amhras gurb é Gógan an file ab fhearr sa Ghaeilge sa tréimhse fhada idir bás an Phiarsaigh agus teacht chun cinn an Direánaigh, an Ríordánaigh, agus Mháire Mhac an tSaoi, aimsir an dara cogadh domhanda. Le fírinne, ba bheag an freasúsa a bhí aige ar feadh an ama sin. Ar nós gach aon fhile shubstantiúil, bhí léargas dá chuid féin aige agus stíl fé leith a d'eascair as an léargas sin is a threisigh leis. Bhí tuiscint áirithe aige ar an bhfilíocht a bhí bun os cionn leis an tuiscint choitianta atá i bpáirt ag filí, léitheoirí, agus léirmheastóirí le breis agus céad bliain anois, tuiscint leanúnach de réir a chéile gurbh fhiú a mheabhrú agus a chuid dánta á scagadh againn. Ina theanta san ar fad, scríobh sé dornán dánta atá i measc na ndánta is suaithinsí dar cumadh sa Ghaeilge ó aimsir na hathbheochana i leith.

### **Scéal a bheatha, 1891-1979**

Aisteach go leor ní réitím ar fad le breitheanna bheathaisnéisithe a dhúchais i dtaobh an fhile. Luíonn siad an iomarca, sílim, ar a n-abrann sé ina thaobh féin ina chuid filíochta. An fíor i mo thaobh féin de mar dhuine ar chuir mé de mo mheon i mo chuid dánta?

(Gógan 1969: 5)

Ainneoinn a chuid amhrais féin, agus amhras coitianta léirmheastóirí na linne seo faoin gcur chuige soineanta beathaisnéisiúil a fhéachann ar théacs litríochta mar a bheadh insint nó claoninsint ar scéal beatha an scríbhneora, tá go leor eolais tabhartha ag an bhfile dúinn ina chuid aistí próis a chabhródh leis an té a bheadh ag iarraidh dul amach ar a chuid filíochta. D'fhág an chorráil náisiúnta a tharla i dtús an chéid seo caite in Éirinn rian domhain ar a shamhlaíocht is tá a

chreideamh i gcúrsaí polaitíochta, teangan, agus cultúir, scríofa ar fud na filíochta aige. Sara dtabharfaimid faoi anailís níos mine ar na dánta mar sin, níor mhiste cur síos éigin ar phríomhimeachtaí a shaoil, go háirithe i gcúrsaí polaitíochta agus teangan, agus i gcúrsaí léinn, gné eile dá shaol a d'fhág rian láidir ar a chuid dánta.

Rugadh Liam Seosamh Gógan ar an 24 Deireadh Fómhair 1891 i mBaile Átha Cliath. Bhí sraith siopaí milseán ag a athair William sa chathair is bhí a mhuintir sáite i bpolaitíocht réabhlóideach an ama. Baill de Bhráithreas na Poblachta ab ea a athair is a uncail is ghlac a dheartháireacha páirt in Éirí Amach na Cásca 1916. Níor ghlac Liam páirt saighdiúra sa troid mar gheall ar ghortú a bhain dó as a óige a d'fhág céim bhacaíle ach bhí páirt ghníomhach aige ar a shonsan i ngluaiseacht na saoirse. Ba é an chéad rúnaí ar tuarastal a bhí ag Óglaigh na hÉireann, ó 1913 nó gur éirigh sé as i 1914 ar chúiseanna sláinte, agus ar chomhairle Eoin Mhic Néill a d'áitigh air cur isteach ar phost san Ard-Mhúsaem 'chun oibre do bhí lán chomh tábhachtach im thuairim le haon ní eile i bhfoirm oibre náisiúnta' (Bealtaine 1958: 18). D'fhill sé ar na hÓglaigh i 1915, is shocraigh dul go Meiriceá chun airm a fháil ó bhuíon Gearmánach a raibh feachtas buamála ar bun acu thall. Theip ar an iarracht mar bhí lucht faisnéise na bhfórsaí slándála ag faire róghéar orthu. 'Teip an gnáthrud i gcúrsaí Éireannacha! Is í a ndianghrá riamh í, bail ó Dhia orthu! (Iúil 1967: 17). Nuair a tháinig am na cinniúna, ní raibh puinn thar mar 'a dhéanfadh an gnó le haghaidh gheamairacht Nollag' ag na hóglaigh, 'a bhuíochas leis an adhradh a dhéanann an Gael dá dhia dúchais, an Botún'. Chuaigh a dheartháir Risteard amach le Fianna Éireann Luan Cásca agus 'gach saghas gléis ab fhéarr aige – ach amháin arm lámhaigh; thug mé piostal breá gléineach dó ag imeacht is gan lánán amháin agam ina chóir' (Feabhra 1967: 10).

Briseadh Gógan as a phost mar Leas-Choimeádaí i Roinn na Seanseod sa Mhúsaem tar éis an Éirí Amach is chaith sé trí

mhí sa champa géibhinn i bhFrongoch na Breataine Bige mar a raibh go leor de chinnirí na Cásca á gcoinneáil. Nuair a scaoileadh amach é, cuireadh ar fionraí óna phost é nó go mbreithneofaí cás na státsheirbhíseach ‘who are suspected of complicity in the Sinn Féin Rebellion, and whose cases are to be investigated by the Rt Hon. Sir Guy Fleetwood Wilson, GCIE, KCB, KCMG, and Sir William Byrne, KCVO, CB’ (Jeffery: 194). Mhol Coiste Wilson-Byrne go mbrisfí Gógan as a phost chomh maith le 22 státsheirbhíseach eile go rabhthas in amhras fúthu (193-4). Sa tuairisc a scríobhadar don Rúnaí Stáit sa Roinn Ghnóthaí Baile, ba chúis iontais agus údar aiféala do Wilson agus Byrne an tuiscint a bhí ag cuid de na daoine a tháinig rompu ar an deighilt ghlan a mheasadar a bheith idir a ndualgas oibre dá bhfostóirí agus a gcuid iompair lasmuigh den oifig:

Briefly it amounted in many cases to a declaration that so long as the individual in question discharged his official duties satisfactorily during office hours, he was fully entitled to do as he pleased out of office hours, even if it involved violence which might lead to the killing of troops or police officers. This view was expressed not by the lower ranks only. In more than one instance the allegation that a man engaged in military operations had not actually fired at a soldier was advanced as sufficient justification for re-instatement. (191)

Chaith Gógan dhá bhliain, ó 1917 go dtí 1919, ag obair mar mhúinteoir taistil le Conradh na Gaeilge i dTiobraid Árann, agus ‘beatha an mhadra’ aige, dar leis; b’fhearr ‘págh iomchróra leis na bóithre iarainn ná tuarastal lucht múinte na Gaeilge’ (Ní Ghallchobhair 1979: 11). D’fhill sé ar Bhaile Átha Cliath tar éis dó fhéin agus Máire Nic Fhirbisigh pósadh san Ardeaglais i gCorcaigh i mí na Samhna 1919. Casadh ar a chéile iad i 1916 i nGaeltacht Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus [f]aoi

cheann trí lá bhí lámh agus focal eatarthu' (Breathnach & Ní Mhurchú, 40). Bhí seisear clainne acu is tá an dán greanta a scríobh sé nuair a cailleadh a bhean chéile go hanabáí i 1940 ar cheann de na dánta is éifeachtaí dá chuid:

Ar maidin bhí a croí gan smúid  
Líonta dá subhachas gléigeal gnáith.  
Istoíche, ina marmar-ghnúis  
Léas anam-rún mo mhná.

A neamhthráthúil, ní fiosach duit  
Ach leath na loite a rinne tú  
Tré stua an lae go n-oíche sin  
Ag gabháil id shiolla phúir.

Inniu, is cuma dom an ghrian  
An rós is naofacht niamh na réalt  
Agus siúd do chúrsa tugtha, a bhliain,  
Go hiomar liath na gcéad.

'An bhliain chinniúnach'

Is í an Ghaeilge a thug Liam Gógan as Baile Átha Cliath agus Máire Nic Fhirbisigh as Corcaigh go dtí Béal Átha an Ghaorthaidh an chéad lá, is bhí an teanga fite fuaite le saol an fhile mar ghné lárnach den réabhlóid náisiúnta a raibh sé féin agus a mhuintir sáite inti. 'Is fiú le n-áireamh gurbh os cionn siopa le m'úncal, Tomás Gógan, milseánaí, a bhí céad cheannoifig an Chonartha i Sráid Uí Chonaill' (Bealtaine 1966: 23). Thug a athair, William, seomra cruinnithe ina thigh féin do Chraobh Bhriain Bhórimhe de Chonradh na Gaeilge nuair a bunaíodh í agus is ansan a fuair Liam tús a chuid Gaeilge ó Shinéad Ní Fhlannagáin, Bean de Valera ina dhiaidh sin. Chuaigh sé ar scoil go dtí Siúracha an Chreidimh Naofa agus ina dhiaidh sin chuig Scoil Uí Chonaill ar Shráid Risteamhain. Is ansan a mhúscail 'múinteoir comhbhách, an

bráthair tuata Henley, fear a thréig an tOrd aimsir na réabhlóide polaitíochta' a shuim in Eoghan Rua Ó Súilleabháin, agus chuir i dtreo na filíochta é. 'É sin agus blas a bheith agam ar Lamartine' agus 'filíocht fhearúil an Bhiorónaigh' (Samhain 1965: 7; Lúnasa 1969: 5). Nuair a chuaigh sé ar an ollscoil, roghnaigh sé Sean-Ghaeilge mar phríomábhar is bhain an chéad áit amach sa Léann Ceilteach i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i 1913. 'Bhí sé d'uaimhmian ag m'athair go rachainn le leigheas; sórt leá phríobháidigh ina cháilíocht féin ba ea é agus ardmheas ar dhochtúirí aige, ach um an dtaca seo bhí péist nimhe na Gaeilge dulta i bhfeidhm i mo chuid fola' (Samhain 1965: 7). I mbliain na céime, i léacht dar teideal 'Aiséirí na gCeilteach' a thug sé mar reachtaire ar an gcumann Gaeilge sa choláiste, d'úsáid sé an focal 'poblacht' a bhí cumtha aige féin. 'Ba é a thugas do Sheán Mac Diarmada mar aistriú ar *republic* le haghaidh a chuid Clubanna na Saoirse, agus ar an gcuma sin dhein sé an chéad fhocal d'Urfhógra na Cásca (Bealtaine 1966: 25).

Tar éis a phósta, chuaigh Gógan ag obair i siopaí milseán a thug a athair dó ach níor thaitn saol an tsiopadóra leis is d'fhill sé ar an ollscoil i 1919 chun cúrsa leighis a dhéanamh. Níor réitigh an cúrsa sin leis ach oiread is d'éirigh sé as tar éis bliana, 'go maithe an tseanbhean dom féin agus do Phól Ó Fearghail, dochtúir agus aisteoir, an réabadh reilige a rinneamar uirthi ar lorg neirbh a seidhge!' (Samhain 1965: 7). Má thug sé cúl mar sin leis an dá ghairm a bhí leagtha amach ag a athair dó, lean an dúil mhillteach a bhí aige i léann na bhfocal; i 1922 chríochnaigh sé a chuid taighde ar fhoclóir ailtireachta a bhí curtha le chéile aige mar thionscnamh MA. D'fhág sé an Ollscoil arís tar éis bhunú an tSaorstáit chun filleadh ar a sheanphost san Ard-Mhúsaem 'as ar dhíbir *scum* Sasanach an Chaisleáin mé i mbliain a '16' (Ó Conaire: 512). Chaith sé ceithre bliana, ó 1923 go dtí 1927, ag cabhrú leis an Athair Pádraig Ó Duinnín chun an dara eagrán dá fhoclóir a réiteach.

Cé gur dhiúltaigh Cumann na Scríbeann Gaeilge d'achainí an Duinnínigh ainm Gógan a chur i dteannta a ainm féin ar leathanach teidil an fhoclóra (Gógan 1951: 12), ghaibh an foclóirí buíochas flaithiúil lena chúntóir sa réamhrá:

The advice and extensive learning of Mr. L.S. Gogan M.A., N.U.I., Assistant Keeper, Irish Antiquities, National Museum, were available during the greater part of the preparation of the work; but more especially during the last four or five years has he laboured with unflagging energy and zeal in the work of revision, transcription, arrangement and research to an extent impossible to my single effort. He came to my aid when the pressure of the work was at its height and when the mass of material by its very extent threatened to prove unmanageable by a single worker; and his ardour has proved inextinguishable; and not I alone, but the wide circle for whom this book is intended, owe him a debt of gratitude for his sustained patriotic effort. (Dineen: xii)

Nuair a bronnadh céim oinigh ar an Duinníneach ar ball, is cosúil gur iarr sé ar Sheanad Ollscoil na hÉireann céim a bhronnadh ar Ghógan as a chuid oibre ar an bhfoclóir. 'Ligeas leis le dúil san mhagadh, mar ba mhaith do bhí a fhios agam ó thús gurbh é rud do réitigh leo súd, aistí buachaillí scoile chun céimeanna seachas obair ar bith bhuanatha de shaghas an fhoclóra. Ní nárbh ionadh, d'eitíodh é agus dob' obair mháistriúil í le feiscint an méid caim do caitheadh leis an eiteachas céanna!' (Gógan, Márta 1951: 12) Lean sé mar sin féin don bhfoclóireacht is d'iarr Cumann na Scríbeann Gaeilge air i 1950 forlíonadh a réiteach le cur le foclóir an Duinnínigh. Bhí 40,000 focal tabhartha le chéile aige nuair a shocraigh an Cumann gan an forlíonadh a fhoilsiú ar chúiseanna airgid.

Chomh maith leis an mioneolas a bhí aige ar an nGaeilge, ar gach tréimhse dá litríocht ó ré na Sean-Ghaeilge ar aghaidh, agus ar chanúintí labhartha na Mumhan agus Chonnacht go háirithe, mar ar chaith sé tréimhsí ag foghlaim agus ag teagasc, bhí eolas maith ag Gógan ar theangacha agus litríochtaí eile. Bhí Laidin, Gearmáinis, Fraincis, agus Iodáilis aige, agus tuiscint mhaith ar an Spáinnis. Bhí eolas scolárúil aige ar luathstair agus ar sheandálaíocht na hÉireann, ar ealaín nua agus ealaín ársa na hÉireann agus na hEorpa, eolas a theastaigh uaidh ina chuid oibre agus a dhoimhnigh sé le mionstaidéar is le taisteal fairsing san Eoraip. Fuair sé ardú céime i 1936 nuair a ceapadh é mar Choimeádaí sa Roinn Ealaíon agus Tionscail, is lean sé sa phost sin nó gur chuaigh sé ar a phinsean i 1956. Sula bhfuair sé an t-ardú céime, cuireadh thar lear é chun staidéar a dhéanamh ar na modhanna oibre a bhí i bhfeidhm i músaeim Shasana agus na Mór-Roinne, i Londain, Páras, Beirlín, Munich, Nuremberg, agus Cologne. Is ansan a chuir sé feabhas ar an bhFraincis a bhí aige ón scoil, agus ar a chuid Gearmáinise. Tar éis dó Nóra Marie Ní hAodha a phósadh i 1955, chuir sé feabhas ar a chuid Iodáilise. Bhí sise líofa sa teanga sin agus ba mhinic an bheirt acu ar cuairt chun na hIodáile, mar ar mhéadaigh a thuiscint ar theanga, litríocht, agus ealaín na tíre sin, idir shean agus nua.

Cailleadh Liam Gógan ar an 4 Nollaig 1979, is bhí scéala a bháis ar an gcéad leathanach den *Irish Times* an mhaidin dar gcionn:

Mr Liam Gogan, who died in Dublin yesterday, was keeper of Irish antiquities in the National Museum and responsible for setting up the 1916 section of the museum. He was 88. He was assistant secretary to the committee which established the Irish Volunteers in 1913 and a close friend of Roger Casement. Lame as a result of a hip disease, he was not a soldier but engaged in propaganda during Easter Week. He was imprisoned in Kilmainham

and deported to Frongoch camp in Wales. All the men of his family were imprisoned during the War of Independence. A civil servant and teacher, he was principally a poet, writing in Irish, English and French.

*(Irish Times 5/12/1979: 1)*

Seachtain ina dhiaidh sin bhí nóta ómóis faoin nGóganach ar an bpáipéar céanna agus an íomhá uasal den bhfile a lean dó ar feadh a ré chun tosaigh ann:

Long before it became fashionable to talk about being European, one always thought of Liam Gogan in that context. His cultural interests didn't stop at the English Channel but extended to Italy, Germany and France. With his well-bred voice and fine looks, his monocle and his bow-tie, he didn't seem somehow a typical supporter of the language movement. But his loyalty to the language was the passion of his life. [...] He was a fine poet who wrote only in Irish. This meant he would have a smaller audience than would have delighted in his talent, had he written in English. But he believed that he owed it to the Irish language to write in this way. In the period of the '20s and '30s when Irish poetry was at a low ebb, it was Liam Gogan who kept the flame alive. [...] Though his work was well known throughout the country, there is something about Liam Gogan's Republicanism that belongs especially to Dublin, that brand of separatism which inspired loyalty to Parnell. The last verse of one of Liam Gogan's finest poems catches this quality.

*Parnell! It was a name to scatter mists,  
Scattering the long languor of the Irish,  
Scattering the silly calm of cemeteries,  
Brightening the bodies of an old stock grown dull.*

*(Irish Times, 12/12/1979: 13)*



Mar a tharlaíonn, is é an ceathrú bhéarsa den dán ‘Parnell’, as *Duanaire a sé*, a bhfuil dhá bhéarsa dhéag ar fad ann atá aistrithe go Béarla anso ag U O’C. Cuireadh cloch eile ar charn an fhile sa cholún Gaeilge ‘Tuarascáil’ seachtain ina dhiaidh sin arís:

In ainneoinn a bhfuil ráite agus scríofa le hómós dó, tá de bharúil againn féin nach mó ná maith an tuiscint atá ag glún óg na Gaeilge ar a chéim is a cháilíocht. [...] Sé deir údair *Traidisiún liteartha na nGael* faoi go raibh sé ‘ar dhuine de na filí a d’fhéach le séala a linne a chur ar a shaothar’. Sé déarfaimis féin nár ghá an fhéachaint, mar tá an séala úd ar na dánta ó dhúchas, mar adéarfá, dúchas na ré ina ndearnadh iad – sea, agus dá n-abraimis é, dúchas chomharsanacht an fhile. Comharsanacht chathrach í – Áth Cliath don chuid is mó de – agus ‘comharsanacht’ shainiúil phearsanta an údair chomh maith. [...] Nílimid á éileamh [...] go bhfuil a dheantús le háireamh ar scoth a linne – cé go gcreidimid go mairfidh dánta áirithe leis an fhaid is beo don teanga. Ach tá an déantús san fíorthábhachtach, ina dhiaidh sin, mar eiseamláir agus mar dhroichead. Eiseamláir dílseachta dá aisling agus dá dhisciplín dhocht féin, eiseamláir bhuan leanúnach; agus de bharr na buaine leanúnaí úd bhí an teanga Ghaeilge á féachaint, agus á haclú – agus á fuirse chun earraigh úir. Is dócha nár ghá saothar Liam Gógan chun go mbeadh litríocht Ghaeilge inniu again, ach marach é, ní fheadramar an mbeadh mórán di ina litríocht chathrach ... (*Irish Times* 19/12/1979: 8)

Mar a chífear ar ball, ní gá scéal a bheatha a chur siar ar a chuid dánta in aon tslí mhíchuíosach lena áiteamh gur eascair cuid mhór de na tréithe a thugann a cháilíocht fé leith do ghuth filíochta Ghógain as cúinsí a shaoil féin agus comhthéacs

stairiúil an ama inar mhair sé: an díograis teangan agus an poblachtánachas neamhleithscéalach; an fhiosracht neamhchoitianta timpeall ar fhocail agus ar theangacha; an tuiscint leathan léannta ar chúrsaí ealaíne agus litríochta na hEorpa agus na hÉireann. Threisigh a thaithí oibre agus léitheoireacht fharising an tuiscint atá lárnach ina shaothar ón tús gur filíocht Eorpach is ea filíocht dhúchais na Gaeilge. Ar ndóigh, tá an chuid is mó de scríbhneoirí agus léirmheastóirí na Gaeilge le céad bliain anuas tar éis glacadh leis go bhfuil an nasc idir an dúchas agus an iasacht lárnach sa bhfilíocht nuaimseartha. Má ghlac Gógan le soiscéal Mhic Phiarais sa mhéid sin – ‘[d]’oscail sé doirse na hEorpa agus an domhain uile romhainn agus sheol sé isteach tríothu sinn’ (2012: 17) – ní hionann an t-adhmad a bhain seisean as agus an leagan coitianta den soiscéal sin atá in uachtar i measc filí agus léirmheastóirí na Gaeilge ó aimsir na hathbheochana i leith.

### ***Nua-dhánta (1919)***

Sa leabhar a bhí réitithe don gcló aige nuair a cailleadh é, *Ar an tsli abhaile: Duanaire a seacht 1966-1979* (2012), tá dán a bhfuil 1919 mar dháta leis ina gcáineann Gógan filí ‘nua’ na hathbheochana:

Cuirid na filí nua i gcuimhne dom  
An ceardaí stáin do chifeá maidin mhoch  
Ag deisiú árthaí pollta don chomharsanacht:  
Is mór an glór an saothar bíodh gur bocht.

‘Filí an lae inniu’

Is mór an faoiseamh, ar sé, imeacht óna ‘véarsaí leamha gan chríoch, gan chóir, gan chruth’ is fillleadh ‘ar bhaird na rann gan locht’. Tá an nasc leis na seanfhilí dúchais lárnach ó thosach deireadh a shaothair agus an aithris léannta ar fhriotal agus ar fhoirm na filíochta acusan ar cheann de na tréithe is so-

aitheanta ina chuid dánta. Is léir, más ea, nár shamhlaigh sé go raibh an tseanaimsearthacht ag teacht salach ar an nua-aoiseachas ina shaothar féin ach go háirithe. Thug sé *poésie moderne* ar a chuid dánta nuair a foilsíodh sraith fhada díobh in *The Irish Nation*, páipéar a chuir sé féin agus Michael Judge ar bun i 1916. Cé gur léir uaidh sin agus ó theideal an chéad leabhair aige gur shamhlaigh sé é féin ón tús mar nua-fhile, tá *Nua-dhánta* ag teacht go maith le coinbhinsiúin choitianta ré na hathbheochana. Tá cumas teangan agus aclaíocht foirme an fhile soiléir tríd síos ach is é gnáthlón léitheoireachta na linne atá ann ó thaobh ábhair de. Tá an leabhar tiomnaithe dá bhean, agus ‘chum glóire Dé agus onóra na hÉireann’ agus d’fhéadfaí a rá gur grá Dé, grá tíre, agus grá mná, na príomhthéamaí atá ann. Maidir leis an dán tírghrách ‘Mea puella’, deir an file go raibh sé le foilsíú sa *Catholic Bulletin* díreach tar éis Éirí Amach na Cásca faoin teideal ‘Éire’ ach gur bhain an cinsire amach é. ‘An mhí ina dhiaidh sin clóbhuaileadh é le athrú teidil: *Mea puella*; de réir dealraimh ba mhó a raibh de Ghaeilge ná de Laidin ag an gcinsire oifigiúil, an Maor Airm Dease!’ (Deireadh Fómhair 1964: 16). Ainneoinn na cinsireachta, níl aon ní neamhghnáth sa dán seachas comhtheács contúirteach an ama inar foilsíodh é: bean i gcruachás is ea Éire is ba bheag leis an bhfile ‘bás ar son do ghlóire’. I ndánta eile chomh maith, leantar gnáthfhoirmlí coitianta na linne: tá laochra an tseansaoil ar lár, Hanabal, Caesar, Cúchulainn agus Brian Bórainmhe; is péarla álainn í Muire Mháthair, a rug an chraobh thar mhná ‘le scéimh is grása’; is ón bhfiach a fuair a ghrá féin a gruaig chiardhubh, agus ón lile a sciamh; tá na Béithe cois uagha an tseanchaí á chaoineadh is an file ag guí go scaoilfidh Dia Éire ‘ó smacht aintiarnaí’.

Cé nach bhfuil aon dán sásúil ar fad sa chéad chnuasach, tá réamhchomharthaí ann ar chuid de na tréithe a bhaineann le filíocht aibí Gógan ar ball. Chomh maith leis an líofacht teangan, an tsolúbthacht stíle, agus an mháistreacht foirme, baintear feidhm as dhá shamhail atá coitianta ar fud a

shaothair: íomhá na cruite atá ceangailte le huaisleacht ghrástúil is le luachanna sibhialta an tseansaoil, agus íomhá na mbláth leochaileach a thugann sólas sealadach éigin don duine agus an doircheacht ag drannadh leis. Cé go molann sé an dúlra ar an ngnáthshlí, molann sé an chathair chomh maith ar shlí nach gnáth lena chomhaimsirigh. Tá dánta aige, leis, ar nádúr na filíochta, téama ar lean sé á chíoradh ar feadh a shaoil. Is trua leis nach bhfuil scil Austin Clarke aige ‘nó chuirfinn os comhair an tsóirt is oilte de shliocht Gael’ pictiúr den tsaghas a chruthaigh an file Béarla ‘le ceol is le togha gach ceirde’. I ndán eile, molann sé d’fhilí óga glacadh le teagasc Aquinas, ‘an doilbh is an dorcha’ a sheachaint is ‘na seanchuspaí’ a leanúint. Cuireann aistriúchán ón bhFraincis ar dhán le Chateaubriand, agus aithris ar Villon agus de Musset, leis an bhfráma tagartha Eorpach a bhaineann le filíocht Gógan ar fad.

### ***Dánta agus duanóga 1919–1929 (1929)***

Ainneoinn an easpa téagair atá in *Nua-dhánta*, tá éascaíocht teangan ann agus stíl shoiléir sholéite atá éagsúil go maith leis an saghas friotail a chleacht an file in *Dánta agus duanóga*. Fén dtráth san, bhí deich mbliana caite aige, geall leis, mar fhocaleolaí is tá a riansan ar an dara leabhar uaidh mar a bhfuil friotal níos saibhre, níos doiléire go minic, agus comhréir chasta a mheabhródh cur chuige fhilí na scol do dhuine in áiteanna. Tá an fráma tagartha scóipiúil, ilteangach arís agus dánta le Catullus, Horace, Hardy, Browning, Verlaine, Petrarch, Uhland agus Gras aistrithe go Gaeilge aige. Tá saol na cathrach lárnach faoi seo i ndomhan na filíochta aige agus é ag tarraingt ar fhoclóir an Duinnínigh chun réim teangan oiriúnach don saol sin a shaothrú. Molann sé Austin Clarke arís mar go mairfidh ‘maise is méin an laochais lónraigh’ ina dhán agus Eoghan Rua Ó Súilleabháin (‘E.R.O.S’) mar go maitheann a chuid dánta baois a shaoil dó. In ‘Taithleachas’, deir sé nár bhac sé riamh le samhla sioraí agus ‘smaointe mórga’ a chuardach ach ‘an rud

a bhí uaim le rá ó lár mo chroí istigh'. Níl sa bhard ach 'cláirseach a chomhaoise' is beidh sé chomh binn, uasal, nó chomh bocht leis an aois ina maireann sé, tusicint atá ag teacht go maith leis an méid seo thíos ón Duaisitheoir Nobel Czeslow Milosz: 'Let us admit that a man is no more than an instrument in an orchestra directed by the muse of History. It is only in this context that the notes he produces have any significance. Otherwise even his most brilliant solos become simply a highbrow's diversions' (1981: 11).

Is in *Dánta agus duanóga* a thagaimid den gcéad uair dáiríre ar chuid de na téamaí is suimiúla agus is leanúnaí i saothar aibí Gógan: an duairceas anama is an cumha a leanann timthriall na bliana agus caitheamh an ama; áilleacht leochaileach an tsaoil arb ionann go minic í agus áilleacht mná agus scáil an bháis os a cionn; an chollaíocht a bhfuil taibhsiúlacht éigin ag siúl léi, agus iarracht de chiontaíl is d'aiféala ar uairibh; polaitíocht neamhghéilliúil phoblachtánach agus mothú antoiseach frithShasanach. B'fhéidir a áiteamh gur comhartha nua-aimsireachta é gur úsáid sé leagan Iodálach den gcló Rómhánach sa leabhar seo ach amháin gur fhill sé ar an seanchló sna trí leabhair a tháinig ina dhiaidh. Pé ní ina thaobhsan, tá dornán dánta sa dara leabhar filíochta aige ina labhrann guth aduain uasal an fhile go soiléir so-aitheanta. Ina measc san, tá roinnt duanóg, an focal a chum sé féin ar *sonnet*, foirm iasachta a shaothraigh sé ar feadh a ré is a bhí lánoiriúnach don nGaeilge, dar leis.

### ***Dánta an lae indiu 1929-1935 (1936)***

Is é *Dánta an lae indiu* an leabhar is toirtiúla dá chuid is tá meanma fé leith ag baint leis a eascraíonn as seirfean agus eadóchas na tréimhse iar-réabhlóide in Éirinn. Tá sraith dánta ar theip an idéalachais agus na haislinge scaipthe tríd, fearg frithShasanach, agus díomá tharcaisniúil faoi laige a chomhÉireannach. Ní tine na réabhlóide a chionn an cainteoir

in ‘An chamhaoir bhréige’ ach tine chnámh a las daoscar na sráide; corp seanmhná gan cheann is ea Éire agus í á tórramh; fear déirce is ea aigne an dúchais. Ní haon chúis cheiliúrtha ‘iúbhaile airgid Sheoirse agus Mháire’ mar gur le linn do Sheoirse a bheith i gcoróin a cuireadh laochra na Cásca chun báis, a chuir státairí Shasana ‘gramaisc oilc ar fuaid ár mbánta’, a dhein cogadh na mbráthar ‘criathar poll dár ndóchas láidir’. Is iad na Gaeil an treibh is féile ar domhan, adeir an file: tabharfaidh siad duit gach a iarrfaidh tú ach amháin do cheart. Is cóir mar sin sláinte na ndaoine a mheasamar a bheith fíor a ól agus ‘sláinte na gcairde do thréig sinn’. I ndán amháin a cumadh i 1932, an bhliain gur toghadh rialtas de chuid Fhianna Fáil faoi cheannas de Valera den gcéad uair, tá dóchas láidir go gcuirfidh ‘Éamonn mór [...] reacht an chirt ar bun’ is go mbeidh ‘Éire Gaelach saor, dlúthaonta, beo’:

Sin deireadh dearbh le ré is reacht dearóil  
Do sheas le deich bhfadbhlianta searbh-bhróin,  
Ó ghaibh an ghéillsine mheata i bhfeallachomhacht  
Go teacht, mar ghréin as scamallaibh, an leon.  
‘Ré na hathbheochana’

Is láidre agus is leanúnaí, áfach, an t-éadóchas agus an díomá sa chnuasach tríd síos; tá comharthaí cogaidh san Éoraip agus taibhsí na seanlaochra fós ag gabháil na slí in Éirinn, ‘An marcra dílis a chuaigh/In aisce ag riar an choimheascair/Ar son a dtíre i nguais’.

Tá fráma tagartha na filíochta fairsing ilteangach mar is gnáth le Gógan. Tá aistriúcháin aige ar AE, Horace, Goethe, Stecchetti, Charles Cross, agus Wordsworth, agus lua ar Ronsard, Verlaine, de Musset, de Vigny, Hugo, agus Lamartine. I measc na laochra dúchais aige, tá Casement, Tone, Emmett, Mac Piarais, Mac Cruitín, Domhnall Ó Ceocháin, is an Duinníneach, ‘carthóir friotail is anama Éireann’ a bhain ‘flós in ucht an ama is i gcléibh na gcéad ná feonn’. Tar éis bhás

an Duinnínigh, ‘tá an tseisreach scaipthe is an céacht gan aon dá threodhadh’. Cé go bhfuil leathshúil fós in airde aige go dtiocfaidh ré nua ina mbeidh meas arís ar fhilí is ar an tsaíocht dhúchais, ní bhfaigheann sé sa bhfilíocht is fearr leis ach ‘tuirse ó leamhas an tsaoil ghoirt, chorraigh, chlaoín/Folús an ghrá, an t-áthas gairid grinn’. Taispeánann Gógan a chumas maidir leis an nGaeilge a chur in oiriúint do shaol nua-aimsire na cathrach in ‘An rabhadh’, atá bunaithe, deir sé, ar scéal fíor faoi lánúin nua-phósta a d’éalairigh lena mbeatha ar éigin nuair a theip ardaitheoir óstáin agus iad ar mhí na meala i bPáras. Taispeánann sé a sholúbtha is atá a ghreim ar chúrsaí meadarachta sna duanóga a bhfuil aon cheann déag acu i ndiaidh a chéile i gcúl an leabhair agus sna ceithre cinn de dhánta ar mhúnla an amhráin a scríobh sé le haghaidh Dhámhscoil Mhúscraí. Tríd is tríd, sa tríú cnuasach aige, ní thagann an friotal fairsing léannta idir an léitheoir agus ciall na ndánta ach braitear ó am go chéile mar a bheadh léargas an fhile á thachtadh ag an gcomhréir shínte, atá níos giorra do chur chuige na mbard ná d’fhilíocht an ochtú céad déag fiú in áiteanna. Cé go bhfuil díomá na linne le brath go minic agus go láidir sa chnuasach tríd síos, ní mór iad na dánta ar an bport sin atá sásúil ar fad mar aistí filíochta.

### ***Dánta eile 1939–1941 (1946)***

Tá scáil an bháis os cionn gach aon ní in *Dánta eile 1939–1941*, bás a mhná céile, bás teanga agus creidimh, bás na hÉireann agus na hEorpa, agus an duairceas a leanann caitheamh an ama níos láidre dá réir. Tá trí cinn de dhánta cumasacha aige a bhfuil an bás agus an grá fite fuaite iontu agus meanma éagsúil ag gabháil le gach ceann acu. Tá ‘An bhliain chinniúnach’ tiomnaithe aige ‘i gcuimhne Mháire Nic Fhirbisigh, bean an fhile’, dán grástúil foirmeálta a bhfuil a dhéanamh casta ag cur le mothú srianta an bhróin ann. Cé go bhfuil an chomhréir doiléir in áiteanna, braitear go bhfuil feidhm leis an geuid is

mó de na focail neamhchoitianta agus leis an struchtúr dlúth agus smacht á choimeád ar éigin ag an bhfile lena thocht. Is éifeachtaí agus is corraithí dá réir na línte ina labhrann sé go simplí tar éis na hornáidíochta go léir. In ‘Fantais coille’ siúlann na leannáin cosán dorcha ó ghleo an *chateau* go dtí ‘coill de chuid Corot’ mar a dtagann siad ar ‘radharc fantaiseach dearóil’ i measc na neantóg:

Dhá chnámhlach béal re béal!  
Ina lú sa chaonach chrón  
I lúib na scairte aimhréidhe  
Is chasamar fé scean  
Ó log na dtinte baoth’  
Is de chéimibh malla bróin  
Atriallam slí na gcraobh  
Do tháingamar fadó  
Gan chuimhneamh, béal re béal.  
‘Fantais coille’

Oireann friotal uasal agus atmaisféar gruama an dáin don ócáid agus don mothú atá a nochtadh sa dán. Tá cruinneas agus údarás mothála ag baint leis na focail neamhchoitianta liteartha agus comhthéacs uasal an chaisleáin sa bhFrainc oiriúnach don mbraithstint dhorcha atá ag teacht chun cinn ó thosach an dáin ar aghaidh. Tá mothú osréalach aislingiúil ag baint le ‘Fantais ceo’ chomh maith ach gur i dtimpeallacht chathrach atáthar an uair seo, mar a bhfuil bean anaithnid ag cíoradh a cuid gruaige is ag féachaint uirthi féin sa scáthán, ag feitheamh le fear nach ann dó. Tá an file agus a chomplacht sa tsráid lasmuigh ag faire ar scáth fir in aice an lampa shráide, ‘a shúile aige go hamplach/Ar dhallóig lonraigh tí/Ná feictear falla anonn de/Tren cheo ach cabhlach sí’. Ní thuigimid, a deir an file, an phian ‘Atá ag treabhadh a gcroí’ ó cheangail ‘geimhlitheoirí Thantail’ pósadh bréige eatarthu. Anso arís, tá an t-atmaisféar osréadúil agus an friotal diamhair ag teacht le mothú an dáin,



mar atá an tagairt chlasaiceach do Thantalus, an té ar chuir na déithe de phionós air go mbeadh sé i bhfastó ar feadh na síoraíochta, torthaí áille os a chionn in airde díreach thar raon a láimhe agus uisce go muineál air a thráfaidh gach uair go gclaonann sé a cheann chun braon de a ól. Ba dheacair samhail níos cumhachtaí a fháil don ngrá nach féidir a chomhlíonadh. Cé go bhfuil cúrsaí creidimh go mór i gceist i bhfilíocht Gógan, ní bhraitear sólás na Críostaíochta sna dánta seo atá ar na cinn is cumasaí dar scríobh sé.

I measc na ndánta polaitíochta sa leabhar, tá sraith fhada ar laochra na Cásca, agus aisling nua-aimseartha mar a gcastar Éire ar an bhfile is í ag cogaint briosca i gcaifé cathrach. Sna dánta a chum sé do Dhámhscoil Mhúscraí, cuireann sé an milleán ar lucht ceannais na tíre, ‘guagairí baotha gan mheabhair’, lán de ‘fuar spíts is maolchaint’, mar gheall ar an imirce ón tuath go dtí na bailte móra, agus mar gheall ar chúlú na teangan. Ní easpa tobac is práinn leis féin aimsir an chogaidh ach ‘Gur in éigin dá shamhail a bhíonn acar dá ghléasadh /Don té sin lér mhaith Gaill do ghlanadh as Éirinn’. Anois an t-am chun gnímh agus deireadh a chur leis ‘an teorainn chlaon’. Cé go bhfuil éifeacht áirithe leis na dánta poileimice seo, níl aon bhreith acu ar ‘Liobharn Stáit’, an dán is fearr sa Ghaeilge a léiríonn an díomá a lean teip an dóchais i measc lucht na réabhlóide tar éis beagnach fiche bliain de rialtaisí dúchais. Sa chás seo, tá codarsnacht íoróineach idir gluaiseacht mhaorga an dáin agus an bád canálach leamh, idir friotal saibhir, íomháineachas greanta, agus teicníc mháistriúil an fhile, agus an bád suarach nach eol dá foireann ‘gal is gaisce/Na bhfarraigí forard’. Más í Éire neodrach atá á daoradh ag an bpublachtach meánaosta, tá sé déanta níos éifeachtaí anso aige ná in aon cheann eile dá dhánta polaiticiúla.

### ***Dánta agus duanta 1941-1947 (1952)***

Is é *Dánta agus duanta 1941-1947* an leabhar filíochta is fearr de chuid an Ghóganaigh. Tá máistreacht an fhile i gcúrsaí friotail agus foirme soiléir tríd síos ach tá éascaíocht stíle ag roinnt leis an ionramháil údarásach ar uirlisí na ceirde nach samhlaítear leis de ghnáth agus mothú fé leith á scagadh i ndornán dánta atá i measc scoth a shaothair. Tá na comharthaí áirithe a bhaineann le guth fé leith an fhile, ó thaobh stíle agus ó thaobh ábhair, scríofa ar fud an leabhair: an cumha a leanann caitheamh an ama; éadóchas faoi chinniúint na tíre; íomhána uaisle na cruite agus an róis; an timpeallacht chathrach a mbíonn sásamh daonna éigin ag roinnt lena cuid iontaisí drithleacha; an chollaíocht is an chiontacht agus iad i ngleic; an meascán de shólás is de mhíshuaimhneas a eascraíonn as creideamh láidir. Cé go bhfuil fíoch agus binb an tseanphoblachtánaigh le brath fós in ‘Amharclann an bháis’ agus ‘An phoblacht’, agus blas láidir éadóchais in ‘September’ agus ‘An tseanbhliain’, tá mothú níos éadroime ná mar is gnáth leis sa chúigiú cnuasach aige, níos mó de dhrithle an tsaoil seo agus de sholas an tsaoil eile.

Is é croí an leabhair an tsraith dánta atá scaipthe tríd a chuireann áilleacht chollaí mná agus áilleacht spioradálta an chreidimh Chríostaí i gcomórtas. Admháil oscailte ar mhian peacúil is ea ‘Peaca ceana’ a leanann múnla na ndánta cúirtéiseacha grá sa tslí go molann an file áilleacht na mná is é in ainm a bheith á séanadh. Nuair a chionn sé roimis an bhean, airíonn sé ‘leaca an Dlí nach nódh/Dá mbriseadh i ndó ag bun an tsleibhe’. Cé gur dán greanta é, ní mór an crá croí ná an chiontaíl a bhraítear ann. Is láidre go mór cathú an pheaca in ‘Nollaig Bheirlíneach’ nuair a chuireann na teilí sa Tiergarten i gcuimhne don gcainteoir na mná óga, ‘ba gheal liom fadó/A dhéanfadh fothain is foscadh dom smaointe ná ritheann ar cóir/Is atá fuirste as ionad ag coraibh do mhaslaigh mo chomhacht’. Tá aiféala na ciontaíle agus iarracht den masmas is den bhféinhuath le brath in ‘An dá chlochar’ mar a gcuirtear

naofacht na mban rialta, ‘lampáí daonna ar dó le seirc ná scumhann’, i gcomórtas le saol an chainteora féin: ‘Cam is Dia ansúd/Is an Bás le goimh ag brath an dráma dhubhaigh’. Tá sonas gan smál na ciontaile ag roinnt leis an ngrá daonna in ‘Sreanga beo’, ‘An soitheach Gréagach’, agus ‘Ronsard agus Helén’, agus an díograis ainmheasartha a bhaineann le dúil chollaí le brath in ‘Grá éagmaiseach’. Tugtar an grá collaí agus grá Dé le chéile in ‘Eachtra criosaintéimeach’ agus ‘Lá’le Muire sa bhFómhar’, mar a mbraitheann an cainteoir an Mhaighdean Mhuire ag gáire leis ‘mar dhuine a thuig dom chradhsca’. Leanann an ‘imirt naofa’ nó go mbraitheann sé ‘saighde/An áthais naoimh’ ag gabháil trína anam cráite ‘am aontú leo is leat i mbáidh ná cailfear’. In ‘Cuibhrigh ghorma’, tá sé fós i ngreim an dá bhruach, ‘mar sheabhac san eadaraer/Nach fios dó cé acu is sprioc dó – neamh na réalt/Nó neamh siansaoibhinn brollaigh ghil na bé’. Is duanóga iad formhór na ndánta a bhfuil creideamh agus mianta collaí an duine i ngleic iontu is tá an fhoirm sin ag teacht leis an múnla áirithe den áilleacht atá á scagadh ag an bhfile, áilleacht uasal rómánsúil a bhfuil neamhshaoiltacht éigin ag gabháil léi in áiteanna.

### ***Duanaire a sé 1947-1965 (1966)***

Cé go bhfuil aistriúcháin ann ón bhFraincis is ón tSínis, ón mBéarla agus ón tSean-Ghaeilge, tá scóip na filíochta níos cúinge in *Duanaire a sé* ná mar a bhí sna ceithre leabhar a chuaigh roimis. Mar sin féin, tá na comharthaí sóirt a bhaineann le guth filíochta Gógan soiléir so-aitheanta tríd síos. Tá a leagan amach ar chúrsaí polaitíochta an domhain mhóir soineanta go maith agus cúrsaí idirnáisiúnta á meá aige de réir an tseanaighnis idir Éire agus Sasana. Is í cathair Washington ‘ionad dúchais saoirse an chroí’, is iarrann sé ar uachtarán Mheiriceá teacht i gcabhair ar Éirinn atá fós roinnte ag a namhaid: ‘Imir do ghaois, do dhéadlacht/Ag cloí an éigirt smáil!’ Meabhraíonn sé do Bhoris Pasternak, ‘ar a bheith

coiscthe air an Duais Nóibéalach a ghlacadh, an chosúlacht idir a chás féin agus cás a chomhfhile in Éirinn:

Ná feicim féin mo thír bhocht féin dá slad  
Ag leamhsairí led chuid is ionann béas,  
Le camastaíl in ard, imrím gan stad  
Ag broic le cóir do chumadh as an bhréig.  
‘Boris Pasternak’

Má tá rian na hársaíochta fós ar fhriotal na filíochta, níl na dánta chomh dlúthfhite is a bhí. Tá go leor dánta ócáidiúla poiblí sa leabhar, marbhnaí ar an bPápa Pius XII, ar Jimmy O’Dea, Brendan Behan, agus Seán Ó Súilleabháin ina measc, agus ar Ruairí Mac Asmainn, an laoch ab ansa leis ar fad, ba dhóigh leat, ón méid a scríobh sé faoi in áit eile: ‘Cuirtear é ina chruth íontach fir i gcomparáid leis an bpictiúir chlúil atá rianta go soiléir ar an aisléine naomhtha atá i dTorino na hIodáile, agus tuigfidh sibh go grinn cad chuige atáim: chím dealramh éachtach eatarthu’ (Bealtaine 1958: 17). Mura bhfuil an bhínb pholaitiúil chomh forleathan is a bhí, tá gomh láidir agus greann dóite fós le brath in ‘Na fámaidí’ agus ‘Cill Mhuire nua’, agus an seanmhíniú céanna aige arís ar chruachás na tíre in ‘Parnell’: ‘seanalíomhnadh gliocais Sacsan féin/Is claidhreach Éireann – beirt seanbhradairí’. Tá an drochmheas céanna ar mhuintir na hÉireann le brath sna haistí litríochta agus polaitíochta a d’fhoilsigh sé sna seascaidí den gcéad seo caite. Bhí leisce air glacadh le post an rúnaí ar na hóglaigh fadó, a deir sé in aiste amháin, mar ‘ní raibh an oiread sin muiníne agam as Éireannaigh, go bhféadfaidís aon ghnó a dhéanamh ar fónamh, dá mba é na géanna a chur amach as garraí an chabáiste, ní áirím buille fóna a thabhairt in aghaidh an údaráis Shasanaigh in Éirinn’ (Nollaig 1965: 10). Is iad na Francaigh is giorra dúinn ‘i sprid (agus i neamh-acmhainneacht)’, ar seisean in aiste eile (Nollaig 1969: 8).

Tá cúrsaí creidimh in uachtar in ‘Amhrán Lúrdais’, ‘Pacelli’, ‘Patricius’, agus ‘Deasgabháil Mhuire’, agus iarsma dá thaithí féin mar mhac léinn leighis in ‘Tuairimí’. Is beag rian den gcollaíocht atá sa leabhar, seachas an dán breá dá bhean chéile Nóra, mar a bhfuil suaimhneas neamhghnáth le brath, litríocht ársa is sráideanna comhaimsire na Róimhe ag cur le hiontas gan choinne a ghrá di:

Ar shráid Rómhánaigh ó thigh go tigh nuair a chím thú  
Ag grinneadh seoid anseo, ansiúd geal-shíoda,  
Le Lydia éigin de chuid Chatullus íogair  
Ar Via Merulana chraobhaigh bímse.

Ar shlí, is deacair dom go mór a shaoilstin  
Gur cuid dem shaol – ní hea ach cuid díom féin tú,  
An neach seo seada soilbhir a thit im líontaibh.

‘Nóra’

Tá nóta éadrom pearsanta le sonrú thall is abhus, in ‘Leanaí ag imirt’, mar shampla, a cumadh i 1935, is go dtugtar ainmneacha dílse a chuid leanaí féin ann. Tá nádúr na filíochta fós ag déanamh tinnis dó is tarraingíonn sé Rilke, Wordsworth, Plato, agus Verlaine chuige chun a theoiric féin a mhíniú agus a chosaint. Tá seacht gcinn déag de dhuanóga sa leabhar, agus áiteamh láidir ar son glacadh leis an soinéad mar fhoirm dhlisteanach sa Ghaeilge atá gairid go leor, adeir sé, do na ‘trí rainn is amhrán’ a chleacht filí Uladh san ochtú céad déag. Sa duanóg de chuid Wordsworth atá aistrithe aige, luaitear ginealach uasal idirnáisiúnta an tsoinéid agus Petrarch, Shakespeare, Tasso, Camoens, Dante, Spenser, i measc na bhfilí a chleacht í. Agus ‘d’fhéadfadh Wordsworth Michelangelo do lua leis; d’aistrigh sé duanóg uaidh – ach gan a admháil’ (1966: 71).

***Ar an tslí abhaile: duanaire a seacht 1966–1979 (2012)***

Tá níos mó ná leath an leabhair dheireanaigh, *Ar an tslí abhaile: Duanaire a seacht 1966–1979*, tabhartha suas d’aistriúcháin, 24 dán ar fad ón mBéarla is ón bhFraincis, ó Ghearmáinis, Spáinnis, agus Iodáilis, a d’aistrigh sé ‘toisc a fheabhas a d’insíodar firinne éigin den saol seo láithreach’ (2012: 17). Ina meascán, tá dán fada Francis Thompson ‘Cú na bhFlaitheas’ mar a bhfaigheann an té atá ar a choimeád ó Dhia ar feadh a shaoil amach nach bhfuil aon dul uaidh ar deireadh mar gurb é Dia amháin foinse gach grá: ‘Do ruaigis uait an grá nuair a ruaigis mé’. Tá na haistriúcháin eile ag teacht chomh maith le léargas an fhile féin ar chaitheamh an ama, ar shólás sealadach an cheoil agus an dúlra sa tsaol seo a bhfuil scáil an bháis de shíor os a chionn, ar an easpa ómóis a thugtar d’fhilí, ar laochas is ar scrios an chogaidh. I measc na mbundánta aige féin, tá dán ómóis do Mhicheál Mac Liammóir, marbhnaí ar an bPápa Pól VI agus a chomharba, Eoin Pól I, agus roinnt dánta ar theip an idéalachais in Éirinn. Is ‘tréatúireacht bhaoth’ Mac Easmainn agus Mac Piarais a cháineadh, is tá baol ann i gcónaí go slogfaidh long mhór na Breataine ‘Sinn féin inár gcurach dhearóil’ is í ag dul go tóin poill. Mar sin féin, mairfidh saothar de hÍde, Uí Néill, Uí Dhuinnín, agus a thuilleadh nach iad, is beidh a shliocht orthu, ‘cith beoga de spréachanna!’.

Cé gur leabhar míchothrom, míshásúil, é, a bhailíonn le chéile dánta a bhí cumtha aige thar tréimhse fhada ó 1919 go dtí an bhliain sular cailleadh é, tá mothú fé leith ag baint leis agus an file fós ag iarraidh brí na beatha faoi scáil an bháis a shoiléiriú. Tá leathdhosaen éigin dán, mar shampla, idir aistriúcháin agus eile, faoi loinnir neamh-mharthanach na mbláthanna a bhaineann geit bheag áthais agus dóchais as croí dúr in aimsir dhúlúachair na bliana agus na beatha. Is díol suntais sa mhéid sin na ceithre aistriúchán ón Spáinnis atá curtha ag eagarthóir an chnuasaigh, Fidelma Ní Ghallchobhair, leis na dánta a bhí roghnaithe ag Gógan féin don leabhar. Dánta ‘scaoilte’ den tsaghas a cháin sé go minic is ea ‘Buille an chloig’, ‘Klare von

Reuter', 'Aoi', agus 'Gairm an scátháin', le Jorge Carrera Andrade, a bhraitheann cuid mhaith ar shamhlacha neamhchoitianta chun dul i bhfeidhm ar an léitheoir. Ní féidir bheith cinnte cathain a deineadh na haistriúcháin seo, ach taispeánann siad arís eolas fairsing an fhile ar an bhfilíocht i dteangacha eile agus an iarracht leanúnach a bhí ar bun aige chun múnlaí filíochta a aimsiú a bhí ag teacht le dul faoi leith na Gaeilge agus le riachtanas a shamhlaíochta féin. Dá éagsúlacht iad dánta Andrade le dánta Gógan ó thaobh foirme de, tá an mothú diamhair dorcha céanna iontu atá tabhartha faoi deara againn i gcuid mhaith mhór de shaothar an fhile Ghaeilge. D'fhéadfaí dul níos faide fós agus a rá go n-oireann cuma neamh-chríochnaithe na ndánta seo don éiginnteacht i láthair an bháis atá á nochtadh iontu. An taibhsiúlacht a chruthaigh Gógan den gcéad uair in 'Na coisithe', tá imní agus amhras agus dóchas áirithe á leanúint sna haistriúcháin seo. Ar thairseach an tsolais is an tsoil, 'nuair a théann gach rud ar a ghlúine', tá na cathaoireacha féin ag fanúint 'le haoi neamhréadúil' a bhfuil a thost 'mianachúil' ag taitneamh sa doircheacht mar 'choluir obanna'. Tá an mheanma dhorcha leathdhóchasach céanna le brath arís in 'Don oíche', aistriúchán ó Iodáilis Ugo Fuscolo, mar a nglacann an file leis an doircheacht a sheolann é féin is a chuid smaointe 'sa chaoinchosán sin/A ritheann fé dhéin an neamhní shíoraí láithreach'. Tar éis an duaircis is an chumha a lean bás tráthrialta na bliana agus caitheamh míthrócaireach an ama i saothar Liam Gógan go dtí seo, braitear mar a bheadh fáilte á cur anso roimh an oíche agus an 'suaimhneas álainn' a bhronnann sí ar an duine cráite:

Sin am ar ceal, agus leis an uile chránas  
 Do mhill é is a mhilleann mise i ndáil leis:  
 Is fad is a bhreathnaím ort id shuaimhneas álainn  
 Cuirtear a chodladh an cuthach bhíonn am cháibleadh.  
 'Don oíche'

### **‘Tíorántacht aoibhinn’: friotal agus foirm**

Cé nach mbíonn teoiric agus praitic bonn ar aon i gcónaí sa scríbhneoireacht ná cleachtadh na filíochta ag teacht le creideamh liteartha an fhile féin, is minic a chaitheann scríbhneoir nuálach a chur chuige a mhíniú os ard chun suim an phobail léitheoirí a mhúscailt agus modhanna léitheoireachta a oireann dá shaothar a mhúineadh dóibh. Is léir gur thuig Liam Gógan go raibh a chur chuige féin as alt le príomhshruth filíochta na Gaeilge ó thús a ghreise go dtí an deireadh is chaith sé dúthracht nach beag ag iarraidh a theicníc agus a thuiscint a mhíniú dá chomhaimsirigh. Má chuirtear le chéile na haistí ar nádúr agus feidhm na filíochta atá scaipthe in irisí agus nuachtáin, agus an réamhrá a chuir sé le gach cnuasach dá chuid ó 1936 ar aghaidh, tá fianaise leanúnach againn ar chreideamh liteartha an Ghóganaigh. Ní miste, b’fhéidir, ag an bpointe seo an fhianaise sin a scagadh.

‘File náisiúnta idirnáisiúnta’ a thug Gógan ar Goethe, duine de na filí ba mhó a raibh meas aige air ó tháinig sé ar dhánta leis sa champa géibhinn i bhFrongoch mar a raibh cimid cogaidh ón nGearmáin á gcoimeád sular tugadh na hÉireannaigh anall tar éis an Éirí Amach:

Mar iarsma a gcónaithe ann d’fhág saighdiúir Gearmánach éigin leabhrán beag bogchlúdaigh den sórt a sholáthraíodh an rialtas Gearmánach dá gcuid saighdiúirí chun a saol sna trinsí catha a bhogadh beagáinín. D’osclaíos agus léas agus deineadh taibhreamh na súl oscailte dom leis an gcéad dán a bhí ann, dán fada inar léirigh Seán Goethe a íobairt féin don bhfirinne. Bhí seo chomh mór sin ar aon dul le filíocht Eoghain Rua Uí Shúilleabháin (+1784) agus fhilí eile den ré sin againn féin gur fhág sé rian domhúchta ar m’aigne, comhartha éigin nárbh aon dóichíní iad ná filí a chodail amuigh éinne den bheirt, Seán Gearmánach ná Eoghan Éireannach.

(Nollaig 1969: 7).



Meabhraíonn Gógan dúinn gur ‘téama agus bunsceál Eorpach, dála an Ghiúdaigh fain agus eile’ is ea *Faust*, máistirshaothar Goethe. ‘Is é Séadna an Chanónaigh Peadar Ó Laoghaire Faust clasaiceach na tíre seo agus is maith ann é, bun agus fotha na hathlitríochta againne’. Cé go molann sé ‘aighe dhomhanda’ an fhile Ghearmánaigh, is é an gaol gairid idir litríocht na Gaeilge agus litríocht na hEorpa is mó is cás leis: ‘is mó a théann Goethe mar fhear cuideachta liom, fear an amhráin óil úd atá chomh Gaelach sin ina mheon’ (8). In áit eile, iarrann sé ar an léitheoir dán le Goethe atá aistrithe aige a chur i gcomparáid le haislingí Gaeilge an ochtú haois déag. ‘Chífead go raibh ár bhfilí dúchais gar do bheith ar chomhchéim leis an Eoraip dá dhealaitheacht dá rabadar ó chónगरaibh na gnáthshibhialtacha’ (1952: 5).

Arís is arís eile, meabhraíonn Gógan dúinn na cosúlachtaí idir traidisiún na Gaeilge agus traidisiún na hEorpa ar shlí a d’áiteodh ar an léitheoir nach ón iasacht dáiríre a thagann anáil na coigríche isteach faoi leathdhoras leathdhruide na Gaeilge ach gur leagan fé leith d’oidhreacht choitianta iarthair na hEorpa ab ea an traidisiún dúchais abhus nó gur briseadh an nasc idir an Ghaeilge agus a hoidhreacht cheart idirnáisiúnta. Ní haon iontas mar sin go bhfaighfí an scéal céanna i mbéaloideas na Briotáine agus i nGaeilge Chiarraí, ná go rithfeadh dánta Belli ‘ar na línte ina ritheann ár gcuid aor féin trí na haoiseanna (“Eoghan cóir”, mar shampla, “Vailintín Brún”, *Parlamaint Chloinne Thomáis*, “An poc ar buile”). Tá foirm na filíochta ag an bhfile Iodálach ag teacht, a deir Gógan, lena macasamhail d’fhoirm i dtraidisiún na Gaeilge: ‘is í an duanóg nó an soinead a chleacht Belli’, foirm atá cóngarach go maith do na ‘trí rainn is amhrán’ ag filí Uladh san ochtú haois déag (Meán Fómhair 1964: 6, 7). Cé gur foirm Fhrancach í an ‘trí-rannóg’, tá leagan di i ndán le Séamas Dall Mac Cuarta (*Duanaire a sé*: 70). Más cuid dhílis den traidisiún dúchais i bhfad siar oidhreacht choitianta iarthair na hEorpa is féidir tarraingt ar an oidhreacht chomónta sin chun na bearnaí a

d'fhág stair choilíneach na tíre i litríocht na Gaeilge a líonadh. 'Dála gach teangan neamhshaothraithe ná fuil inti ach sraith de chanúintí dealaithe teastaíonn fuineadh agus faghairt uaithi agus ní fearr slí chuige sin ná í a mhúnlú, maidir le smaointe agus coraí cainte, ar mhúnlaí Eorpacha atá cheana féin ann'. Slí éifeachtach chuige sin is ea saothair i dteangacha eile a aistriú. 'Fé mar atá an Ghaeilge fé láthair ní fheicim go bhfuil aon dul ó aistriúcháin againn mar ghléas aithbheoite ar an dteangain'. Ní teangacha mionlaithe amháin a bhíonn ag tarraingt as stór comónta na gcomharsan: tá friotal Shakespeare, a deir sé, faoi chomaoin ag filí na hIodáile agus is é 'an comhdhlúthú' idir Béarla agus Iodáilis, Fraincis agus Spáinnis, 'bun agus lorg modha liteartha an Bhéarla. Féadfaí an rud céanna do rá i dtaobh na gclasaic Laidneach; ní fios cá mbíonn an teora idir an Laidin agus an Ghréigis aistrithe. Tháinig an Ghearmáinis nua liteartha ar an saol ar an slí chéanna' (Nollaig 1947: 4).

Is beag léirmheastóir Gaeilge a bheadh ag easaontú le Gógan maidir leis an nasc idir traidisiún coitianta na hEorpa agus an Ghaeilge is gá a athcheangal agus a theannadh sa nua-litríocht. Is é an tslí gur fhéach sé leis an méid a fuair sé ón iasacht a neadú sa Ghaeilge, agus an tuiscint áirithe a bhí aige ar ghné an dúchais sa chleamhnas litríochta sin a chothaigh easaontas idir é agus a chuid léitheoirí. I litir a chuir sé chuig eagarthóir *Combar* mar fhreagra ar léirmheas moltach Thomáis Uí Fhloinn ar *Dánta eile 1939-1941*, chuaigh sé in aghaidh an tsoiscéil is coitianta ar fad i measc léitheoirí agus léirmheastoirí Gaeilge le céad bliain anuas .i. gurb í caint na ndaoine is ceart don bhfile a chleachtadh ina chuid dánta is gurb é údarás an bhéil bheo a cheadaíonn friotal na filíochta. Chuir Gógan go láidir ina choinne sin agus é á áiteamh nach bhfuil i gcaint na ndaoine ach leagan caol cúng den nGaeilge mar a bhí agus í in ard a réime:

De réir mar a bhí sí dá 'thuathú' bhí sí ag cur uaithi a lán do mhairfeadh dá bhfanfadh sí i gcion dá gnáthchleachtadh

mar theanga cúirte, ceirde is ceannaíochta. Is é cuma ina bhfuil sí fé láthair ach ina teanga róshimplithe de réir gnáthchaighdeán an tsaoil atá ann anois. Im thuairimse tá orainn dul i bhfrithing na conaire agus na focail atá tite feadh na slí do chur ina mbeathaidh arís ar chuntar gur focail oiriúnacha iad. Ar an gcuma chéanna tá a lán focal maith atá claonta nó íslithe i mbrí ón chanúint go chéile. Tá orainn deimhitheacht nua do thabhairt dá leithéidí de réir mar a is gnaoi linn. (Bealtaine 1947: 4)

Ní leor aithris ar theanga labhartha na Gaeltachta mar sin le bheith dílis do dhúchas na Gaeilge mar níl i gcaint na ndaoine féin ach iarsmaí scáinte de shaibhreas stairiúil na teangan. Ní haon obair árseolaíochta, más ea, an saghas seandálaíochta teangan a chleacht sé féin ach obair riachtanach tharrthála a leagfadh bunsraith níos leithne agus níos socra faoin nGaeilge athnuaithe a bhí le teacht, teanga nach mbeadh teanntaithe ag a stair chloíte, ach a mbeadh nasc láidir folláin inti idir an sean agus an nua, idir an iasacht agus an dúchas.

Chuige sin, chaithfí tarraingt ar na canúintí beo ar fad, ar an mbéaloideas agus an tseanlitríocht, ar gach aon saghas foclóra, agus leaganacha nua a chumadh nuair ba ghá, bunaithe ar mhúnla na seanteanga. D'éiligh Máirtín Ó Cadhain athchóiriú radaiceach den tsaghas céanna ar an teanga sa chaint cháiliúil a thug sé do Chumann Merriman i 1969:

Má tá tada i ndán do shaotharú na Gaeilge, caithfear an Ghaeilge sheargtha uilig a scrúdú agus foclóir a dhéanamh d'fhocla agus de leagain a bheadh inghlactha in athuair. Agus déanfar a lán cineál foclóirí eile. Idir dhá am caithfe muid sméaracht linn cho maith agus is féidir linn i gcamhaoineach an chathair ghriobháin seo arb í an scríbhneoireacht í, an uair féin is cóiriúla dála a saothraithe, ár gcuid cnuasaigh comhfhocal, ár gcuid stórchistí, ár gcuid órchistí a dhéanamh. (1969: 19)

Sa litir a chuir Gógan chuig eagarthóir *Combar*, mhínigh sé cuid de na ‘focail neamhchoitianta’ a bhí sna dánta aige féin. ‘I seanscéal Muigh Eoch, sílim, ba ea chonnarc “aduain” ar dtúis, agus ní dóigh liom go bhfuil “frithir” imithe ó úsáid. Maidir le “cuanna” agus roinnt focal “ornáideach” eile, bainid leis an ngnáthaicme úd ar a dtugtar “focail liteartha” agus ní shílím gur coir iad d’úsáid’ (1947: 4). Fiche bliain níos moille, nach mór, bhí sé fós ar an téad chéanna sa réamhrá a chuir sé le *Duanaire a sé*:

Uaireanta, bíonn locht orm mar gheall ar fhocail sheanda do chur ag obair. Is fíorannamh ar fad a leithéid agam; is é fáth an lochtúcháin, focail as canúintí seachas a chéile d’úsáid. Ar an dtaobh eile den scéal, cad é an díobháil focal mar ciogal (*cyclos*) do chur ag obair arís? Chím ‘gleodh’ ag Mac Cuarta ar ‘socrú síos’ – focal atá chomh hársa leis an Táin. Tá an-chlampar ar siúl fé láthair san Iodáil i dtaobh a cuid údar a bheith ag baint feidhm as focail chanúnacha! Ní foláir don scríbhneoir féin pointí dá shórt seo do shocrú. (1966: 7)

Tharraing sé Dante chuige an uair seo mar eisiomláir den gcáiréis ba cheart don bhfile a chleachtadh i gcúrsaí friotail. ‘Luaim na pointí seo toisc go mbíonn a chuid féin den fhreagarthacht ar an bhfile a theanga dhúchais do choimeád díreach ar a bonnaibh agus an *mot juste* do lorg agus do chleachtadh. Ní gá ach Dante agus teanga ionraic na hIodáile do chur i bhfáth dúinn féin’ (8). B’fhuirist a rá nach bhfuil cuid de na samplaí a luann sé sa méid sin féin ‘oiriúnach’ ná *‘juste’* ach tá an tuiscint sin gurb é dualgas an fhile diúltú don éagóir stairiúil a bhochtaigh an Ghaeilge agus scóip mar a bhí inti roimhe sin a bhronnadh ar ais uirthi lárnach i greideamh liteartha agus i bhfilíocht Gógan.

Nuair a tháinig sé go dtí cúrsaí foirme, luaigh sé deashampla na seanfhilí Gaeilge agus fhilí na hEorpa chun treise

a chur lena áiteamh gur chóir cloí le meadarachtaí rialta sa bhfilíocht. ‘Bheith scaoilte go huile ó chuma’, ar seisean sa dán fada a chum sé do Chúirt Éigse Bhaile Átha Cliath 1941, ‘cad é sin/Ach baois na cruinne roimh chumadh na gréine?’ Chaithfeadh saoirse na healaíne a bheith ceangailte ‘go fireannach féata’ le ‘coimse crotha agus foirmeach féachta’ (*Dánta eile*, 1947: 39). Maidir le dánta ‘dímheadaraithe’, bhí an chuid is mó acu ‘ag barradaíl ar titim chun próis’ agus iad ‘ag brath go mór ar casadh nó sracadh an iontais agus an mhearbhail do bhaint as aigne an léitheora’. Bhí baol ann i gcónaí go mbeadh ‘an iomad den “miseachas” agus de chaighdeánaibh “miseamhla” an fhile in éifeacht ina leithéid de chumadóireacht agus go n-imeoidh dhá dtrian dá mbíonn dá rá aici siar síos den léitheoir (nó b’fhéidir na trí treana féin!)’. Bhí sé buíoch nach raibh an galar a thóg ‘Samhaltánaigh na Fraince’ agus ‘na Foiréadairí (Surrealists)’ le haithint ar nua-philí na Gaeilge go fóill, ‘daoine mar na Direánaigh, Ó Ríordáin agus tuilleadh acu’ (*Dánta agus duanta*, 1952: 5-7).

Má cuireadh ina leith féin go minic gur doiléire seachas soiléire ba thoradh ar a theicníc chasta, is gné leanúnach dá thuiscint ar nádúr na filíochta gur laistigh de struchtúr socair meadarachta is fearr a chuirtear léargas an fhile abhaile ar an léitheoir. In aiste ómóis ar bhás an fhile Iodálaigh Giuseppe Ungaretti, rianaigh sé na céimeanna i dtreo na doiléire a lean ‘saoirse ó chuing na meadarachta’ i nua-fhilíocht na hEorpa ó aimsir Bhaudelaire ar aghaidh. Bhí an claonadh chun doiléire ceangailte an chéad lá, dar leis, le tionchar na léirmheastóirí ar fhilí na Fraince: ‘le dallaphúicín a chur ar an léirmheastóir de réir ceirde a lán den ghalamaisíocht; chumfá véarsaí, mar a déarfá, agus tú i láthair scata cúistiúnach neamhfheicseanach, na léirmheastóirí’. Ní saoirse a d’eascair as san ach ‘sclábhaíocht i réigiún na filíochta agus tá a rian sin ar a lán dá bhfuil “nua-aimseartha” inniu’ (Meán Fómhair 1970: 17-18). Bhí sé fós ag iarraidh an ghné sin dá chreideamh liteartha a mhíniú sa réamhrá a chuir sé leis an gnuasach deireanach aige. Fiú is go

raibh an Duais Nobel buaite aige, prósfhile ab ea Pablo Neruda mar nach raibh rím ná rithim sa chuid is mó dá dhánta:

Nós ab ea é sin a thosaigh na filí san Fhrainc agus ní mholaim iad mar, ó thús, ghabh ceol de shórt éigin le filíocht ar filíocht i gceart í: ní foláir di an ceol, go fiú seanmheadarachtaí diana na hÉireann. Bhí cuid mhaith den cheart ag Verlaine, Francach eile, ‘an ceol os cionn gach aon ní eile’. Ach thairis an méid sin, is iad na Gearmánaigh (Goethe, mar shampla) agus na Sasanaigh is dlúithe a leanann an dlí ceart. (2012: 18)

Níor bhac sé an uair seo le filí na Gaeilge a shaoradh óna bhreithiúnas ar an ngalar Francach: ‘Mar sin féin, leanann formhór fhilí na haimsire seo an neamhcheol: nach cuid é sin de chealú an smachta ghinearálta a tharla de dheasca dhá chogadh mhíllteanacha, dhá chogadh dhomhanda?’; (18).

Cé gur chleacht sé mórán meadarachtaí éagsúla, saorbhéarsaíocht san áireamh, is iad an dá fhoirm is coitianta ag Liam Gógan ná múnla dúchais an amhráin thuaithe, agus an duanóg Eorpach, gaol gairid, dar leis, do thrí rainn agus amhrán na Gaeilge, gurbh fuirist mar sin cló an dúchais a chur uirthi: ‘leantar de ghnáthfhoirm na duanóige (.i. soinéad) Eorpaí ach, in áit rímeanna measctha a bhformhór siúd, leanaim de riail Éireannach agus rím amháin gutaí tríd síos’ (2012: 17). D’aithin sé féin gurbh iad seo an dá fhoirm ba ghiorra do chló faoi leith a shamhlaíochta: ‘tugaim fé ndeara an rian domhain a d’fhág an t-amhrán tuaithe orm; is dócha gur mar fhaoiseamh ón dtíorántacht aoibhinn úd do tharraingear orm féin foirm na duanóige go mbíonn conlathacht *de rigueur* inti’ (1966: 7). Ós duanóga iad an oiread sin de scoth na filíochta aige, is fiú ceann a thógaint den míniú breise a thug Gógan ar an bhfoirm áirithe sin: ‘ar ghualainn “an chló amhránaigh” is geall le dánta “prósúla” iad, ach is foirm í sin atá oiriúnach do “ghú” an lae inniu’ (1936: 1). Triocha bliain níos

moille, shamhlaigh sé arís éascaíocht phrósúil, nach mór, le foirm na duanóige a chleacht Tórna agus Rilke, Wordsworth agus Shakespeare agus Michelangelo chomh maith leis féin: ‘dála *ballade* nó rabhcán is foirm Eorpach é atá leath slí idir an ghnáthfhillíocht agus an fhaisnéis ghairid phróis; oireann sé don aitheasc ghairid aonta shimplí’ (1966: 71).

### **‘Idirmhítheoir na fírinne’: freagracht an fhile**

Ní ar a son féin amháin a mhol Gógan na meadarachtaí rialta a chleacht sé féin agus seanfhilí na Gaeilge roimhe. Is é an tábhacht a bhain le ‘tíorántacht aoibhinn’ na meadarachtaí rialta ná go raibh smacht an fhile ar uirlisí a cheirde riachtanach chun teacht ar an bhfírinne arbh é príomhfheidhm na filíochta í a léiriú agus a bhuanú. In aiste fhada ar ealaín nua-aimseartha na hÉireann, dhírigh Gógan arís ar an ‘scaoilteacht’ a shamhlaigh sé le nua-aimsearachas na hEorpa ‘go mbíonn, is baolach, a lán dramhaíle ar a fhuaid’. Mhínigh sé go soiléir cad as a dtáinig an casadh seo i gcur chuige lucht ealaíne. ‘Cogadh, b’é do mhúscaíl an cheannairc ealaíonta seo agus ní hanseo ach ar an Mór-Roinn a bhris sí amach, ag dul ó chéim go céim i bhfarradh gluaiseachta eile, an Coimiúnachas’. An Eoraip a mhol sé mar eisiomláir d’fhilí na Gaeilge, níorbh í an Eoraip nua iarchogaidh mar sin a raibh cúl á thabhairt aici do na seanluachanna coitianta sa tsaol agus san ealaín gur chreid sé féin iontu. D’aithin sé gur eascair ‘an cheannairc ealaíonta’ as uafás frithdhaonna an dá chogadh domhanda, ach níor leor san, dar leis, mar chosaint ar ealaín éagruthach Picasso, Roualt, Braque, agus Klee, a raibh ‘an dia mór san Freud ina aingeal coimhdeachta acu ag séideadh fúthu chun an dríodar a bhí báite san chogús íochtarach acu a thabhairt ar barr is a leathadh ar chanfás do chosain a lán!’ (Aibreán 1963: 22). Ní raibh aon chúis pé scéal é go leanfaí drochshampla na hEorpa sa tír seo ó d’fhág ‘oileánachas agus leithimeallacht na hÉireann’ an t-aos ealaíne abhus:

saor ón gcorrabhuais a bhain crothadh is céad as an ealaín ar an Mór-Roinn de bharr dhá chogadh mhóra, dhá éacht a chaith na péinteirí thall in iomar na haimiléise is d'fhág san neamhchinnteacht meabhrach a thug ina lorg an Ciúbachas, an Dadachas agus faisin phéintéireachta dá malairt, iad ag iomaidh mar phéinteirí le gach saghas aisteachais a bhí scartha formhór an ama le réasún agus le hintleacht, mar sin iad is bun le gach saghas friotail ar bith agus ealaín a chur sa chomhaireamh. (21)

Ainneoinn na corrbhuaise, níor chóir don ealaíontóir, 'idirmhínteoir na fírinne', géilleadh don míréasún ná don éiginnteacht:

Ní fheadar an bhfuil ceart nó teideal ar bith ag idirmhínteoir na fírinne a mhaidí a ligean le sruth agus dul i muinín díth céille, éagruthaíochta agus neamh-níochais, bheith ag iarraidh orainn glacadh le pictiúr agus a fhios go maith aige agus é dá ofráil dúinn nach bhfuil ann ach dúrdam ráiméiseach. (Bealtaine 1963: 12)

Ní ghéillfeadh sé féin go raibh 'aisteachas' na modhanna nua ealaíne riachtanach chun freagairt d'fhírinne shuaite an tsaoil iarchogaidh san Eoraip. Sa réamhrá a chuir sé le *Dánta eile 1939-1941*, a foilsíodh díreach i ndiaidh an chogaidh, mheabhraigh sé d'fhilí na Gaeilge gurbh iad 'idirmhínteoirí mhianta rúindiamhracha an chine', is go bhfaighidís aitheantas agus buíochas ar ball, mar 'in ainneoinn gach tarcaisne, gach faille, gach leithchil leanfaidh sibh oraibh ag freagairt ghlaoch an chroí, na scéimhe, na fírinne agus an cheoil' (1946: 7). Leis sin, léirigh Gógan croí a chreidimh féin i gcúrsaí filíochta: gurb é tóraíocht na fírinne príomhghnó an fhile is go bhfuil an fhírinne sin ceangailte le hord agus rialtacht éigin, ainneoinn chomhairle Phlato gur mó an meas atá ag an bpobal ar shaothar an amadáin a bhfuil 'buile an Naonúir' ann ná ar



dhánta an té a fhéachann le ‘filíocht do chumadh le héirim’ (*Duanaire a sé*, 1966: 39).

Cé go bhfuil ‘dlí’ agus cur le chéile riachtanach, dar leis, tá tuiscint Liam Gógan ar fhírinne na filíochta níos leithne ná san. San aithris a dhein sé ar litir cháiliúil Rilke, moltar don bhfile óg ‘Dul ionat féin ar cuaird gan duine id dháil’ agus gan dearmad a dhéanamh de na miotais úd go ndeintear banphrionsaí de na dragain iontu: ‘seans gur prionsa éigin mná/Gach ollphiast dragain de chuid ár mbeatha ghnáith’ (*Duanaire a sé*, 1966: 66). Tá claochlú draíochtúil i gceist sa bhfilíocht mar sin agus cumas dá réir ag an bhfile dul níos giorra don bhfírinne atá faoi cheilt laistiar d’aghaidh fidil an tsaoil. Sa réamhrá tathagach a chuir sé le *Dánta agus duanta 1941-1947* (1952), luaigh sé teoiric Maritain go bhfuil ‘an fhilíocht gairid don draíocht’ mar go bhfuilid ‘araon tumtha sa tsamhlaíocht’ a gceapann ‘ciníocha breacshibhialta’ a gcuid miotas aisti, agus ‘pé rud i bhfoirm creidimh a bhíonn acu’. Ní gníomh samhlaíochta amháin í an fhilíocht, áfach, a deir Gógan:

[...] is doimhne (nó is airde) fréamhacha na fíorfhilíochta go mór ná an tsamhlaíocht agus is mó agus is uaisle feidhm di. Taobh den bhfios agus den bhraistint dhaonna is ea í agus insna tíorthaibh go bhfuil an réasún, an *logos*, in uachtar is é is tús agus is tionscnamh di pé méid tairfe a bhaineann sí as gaibhdibh agus as áiseannaibh na draíochta úd. (6)

Eascraíonn fírinne an dáin as bua léargais an fhile agus an tslí go bhfoilsítear gné fholáigh den mbraithstint dhaonna ann. ‘Ciallaíonn file fear na feiscinte, admhaítear’, a deir sé sa leabhar deireanach ar fad aige, agus ‘iomas, sin fios agus eolas, nó, go deimhin, aisling an fhile chirt’. Ní mór do gach file fíis dá chuid féin a bheith aige, léargas nach bhfuil teanntaithe ag an saol iairbhír. ‘An seanfhile dáiríre, chaitheadh sé culaith speisialta, í fite as cleití is eití na n-éan, de chomhartha gur in airde a bhí

a chuid smaointe agus a chuid iomais dírithe'. In *Ar an tsli abhaile: Duanair a seacht 1966-1979*, luaigh Gógan tuiscint Goethe 'gurbh í an fhírinne príomhaidhm agus áiméar an fhile', agus chuir aguisín tábhachtach leis sin: 'Ar ndóigh is í an fhírinne atá i gceist mar a léirítear don bhfile í' (2012: 19). Is é a léargas féin ar an bhfírinne a thugann cáilíocht fé leith do shaothar file mar sin agus is ar a fheabhas a éiríonn leis an léargas sin a chur in iúl a bhraitheann éifeacht a chuid filíochta.

### **'Míorúilt an chleite chaoín': léargas Ghógain**

Ní dóigh liom ar deireadh gur éirigh le Liam Gógan a léargas féin a chur i bhfeidhm ar shlí aontaithe ina chuid filíochta, ach is maisiú ar litríocht nua-aimsire na Gaeilge go leor dá chuid dánta. Cé go bhfuil cuma na seanaimsireachta ar a shaothar, ba cheannródaí dána é, réabhlóidí coimeádach a lean a chonair uaigneach féin i leataobh ón mbóthar díreach a thaitigh a chomhleacaithe. Is fíor gur chuaigh a dhánta ar strae go minic i measc na gcarraigeacha focal a bhailigh sé ar feadh na slí, nó sa chomhréir chasta atá fite chomh dlúth sin ar uairibh go múchtar léargas an dáin in áit é a shoilsiú. Mar sin féin, taispeánann na dánta is fearr dá chuid nár ghá cloí le caint na ndaoine chun dintiúirí teangan an fhile a phromhadh agus fírinne a dháin a chinntiú, gurbh fhéidir friotal airtifiseálta a shaothrú chun léargas an fhile a chur abhaile go healaíonta is go héifeachtúil. Fiú amháin sna dánta laga aige, is léir go n-oireann an friotal ait agus an chomhréir chasta do chló faoi leith a shamhlaíochta féin. Tá foirm agus 'fírinne' na filíochta ag freastal ar a chéile chomh minic sin sna duanóga go gcaithfear géilleadh go raibh foirm iasachta an tsoinid oiriúnach dó fhéin ach go háirithe mar mhúnla dlisteanach bhéarsaíochta sa Ghaeilge.

Chomh maith leis an nuacht a bhaineann le filíocht Liam Gógan ó thaobh teicnionta agus teangan, cuireann a chuid dánta le léargas coitianta na litríochta ar an tréimhse iar-réabhlóide in

Éirinn. Níl aon fhile Gaeilge a léiríonn chomh maith céanna an díomá, an t-éadóchas, agus an seirfean a bhain leis na fichidí agus na triotheidí den gcéad seo caite go speisialta, nuair a tuigeadh do na fíréin go raibh aisling an Éirí Amach á tréigint ag oidhrí na réabhlóide. Fiú is nach bhfuil ach cuid bheag de na dánta sin le háireamh i measc scoth na filíochta aige, tá léiriú leanúnach iontu ar mheon an phoblachtánaigh neamhghéilliúil a chonaic suarachas agus meatacht ag teacht chun cinn in áit na féiniobartha agus an laochais. An domlas atá ar fud na ndánta aige, go háirithe sa luathshaothar, tá sé le brath chomh maith san aiste fhada atá aige ar Ruairí Mac Easmainn:

Pé acu arbh fhiú an íobairt mhór seo do rinne Sir Ruairí agus an chuid eile acu, nó an chuid bhreise do tháinig ina dhiaidh, is amhras mór liom é. Mórchuid den am, ó fuaireamar rialtas saor anseo, do chaith an tír seo ina stát póilíneach, agus bhainfí stad as Mac Asmainn dá dtuigfeadh sé agus é sa chroich go mbeadh suas le milliún dár muintir cailte don tír bliain is daichead tar éis a chrochta, agus cúnamh á thabhairt dóibh glanadh amach as a dtír féin ag rialtaisí agus ag forais an stáit, de shórt na nOllscoil, mar shampla. Agus mar ofráil dó agus do chuid eile ar son a saothair i gcúis na Gaeilge, níl faic ar bith ach Gaeltacht atá ídithe nó geall leis dó, agus an t-athGhaelú do mheasadar a dhéanamh curtha ar ceal nach mór ar fad. (Meitheamh 1958: 18)

Ar ndóigh, ní ar bhonn na faisnéise atá inti ar dhála stairiúla a mheastar luach na filíochta ach ar a fheabhas a chuireann an file fírinne a shamhlaíochta féin i bhfeidhm ina chuid dánta. I gcás Gógan, is gné lárnach leanúnach den bhfírinne sin a léamh tarcaisniúil ar shaol poiblí na tíre lena linn. In ‘Liobharn stáit’ go mórmhór, agus, ‘Amharclann an bháis’, braitear an mothú domlasta ag teacht chun cinn de réir a chéile ar shlí a bhaineann geit as friotal na filíochta, a chuireann braithstint fé leith gach

dáin díobh i bhfeidhm ar an léitheoir. Cuirtear gnéithe eile de léargas an fhile i bhfeidhm go healaíonta i ndánta eile: an cumha a leanann caitheamh an ama is atá nasctha le bláthú agus feo an domhain nádúrtha ('Trélineach', 'Eachtra criosaintéimeach', 'An bhliain chinniúnach', 'Lá 'le Muire sa bhFómhar'); an taibhsiúlacht a bhfuil imní agus aiféala, collaíocht agus ciontaíl aisteach á leanúint ('Taibhsí', 'Fantais coille', 'Fantais ceo'); an teannas idir dúil chollaí an duine agus a chreideamh reiligiúnda ('An dá chlochár', 'Eipeasód', 'Cuibhrigh ghorma', 'An soitheach Gréagach'). Tá gnéithe den bhraithstint dhaonna á bhfoilsíú go cumasach sna dánta san ar fad agus dhá cheann acu, ar a laghad, 'Liobharn Stáit' agus 'Fantais coille', i measc na ndánta is fearr dar cumadh sa Ghaeilge sa bhfichiú haois.

### **Frith-nuafhile?**

Cé gur lean sé ag saothrú na filíochta ó ré na hathbheochana anuas go dtí aimsir *Innti*, níor bhain Liam Gógan dáiríre le haon aicme fé leith i measc fhilí na Gaeilge. Tá tréithe áirithe sna dánta a scríobh sé idir 1919 agus 1939 a shamhlaímid de ghnáth leis an nua-fhilíocht – an friotal nua-aimseartha cathrach, mar shampla, agus an tslí gur éirigh leis machnamh teibí a chur in iúl le samhlacha nithiúla – ach ní nua-fhile é mar a thuigtear an téarma sin de ghnáth. Ar shlí, d'fhéadfaí a rá gur frith-nuafhile é sa mhéid gur chuir sé go láidir in aghaidh roinnt de na tréithe ba láidre a bhain leis an nua-fhilíocht, dar leis, in Éirinn agus san Eoraip: an scaoilteacht agus an éiginnteacht, 'dúrdam ráiméiseach' na heágruthachta agus an neamhníochais (Bealtaine 1963: 12). File ab ea é a raibh a shamhlaíocht tumtha, báite ar uairibh, sa dá thraidisiún a shealbhaigh sé le díograis neamhchoitianta, traidisiún dúchais na Gaeilge agus traidisiún bunaithe iarthair na hEorpa. Dealraíonn sé mar sin féin gurb é an nasc nua a chruthaigh filí na Gaeilge idir an iasacht agus an dúchas i gcaitheamh an dara cogadh domhanda agus sna blianta ina dhiaidh sin a d'fhág

saothar Gógan i measc iarsmaí an tseansaoil díreach agus é i mbarr a mhaitheasa. An uair ab fhearr a bhí sé, ó 1939 go dtí 1947, bhí an roth ag casadh cheana féin agus an fhilíocht ag bogadh ar bhóthar eile seachas an chonair aduain a bhí siúlta aige féin ón tús. Tá fianaise éigin againn sa bhfreagra a thug sé ar iriseoir ón *Irish Times* mar gheall ar an gcaitheamh aimsire ab fhearr leis, gur thuig sé go raibh a dhúil neamhchoitianta sa bhfocaleolaíocht á scoitheadh óna chomhGhaeilgeoirí, nárbh ann don léitheoir a thuigfeadh a cháiréis ná a dhíograis:

The creation of scientific and art terminologies in Irish is, perhaps, after all, my true hobby, since for the time being at least this consists in creating an imaginary language for non-existent people. It only seems to half fit your definition, and I wish I could say quite simply that I collected bookplates, made model steamers, or even, like a former secretary of one of our oldest academies, collected cigar-ends. (*Irish Times* 10/1/1942: 4)

Chomh maith leis an tuiscint neamhghnáth a bhí aige ar dhúchas na Gaeilge, d'fhág an múnla áirithe den Eoraip a bhí neadaithe ina shamhlaíocht as alt é leis an mothú coitianta a bhí ag teacht chun cinn in Éirinn agus i bhfilíocht na Gaeilge aimsir an chogaidh, nuair a bhí an tseanEoraip sin ag imeacht ar lár. Má bhí filíocht an Ríordánaigh agus a chomhghuaillithe ag teacht le meitifisic agus mothú nua a bhí 'ag eascairt in iarthar domhain ó aimsir Bhaudelaire i leith' (Ó Tuama 1978: 1), bhí filíocht Gógan ag teacht níos mó leis na tuiscintí seanbhunaithe a chuir comharbaí agus deisceabail Bhaudelaire dá gcois. Chomh fada siar le 1948, agus é ag cur síos ar mhodh nua ealaíne a bhraith sé ag teacht chun cinn in Éirinn, thaispeáin sé an drochmheas a bhí aige ar nua-ealaín na hEorpa, a bhí as alt lena thuiscint féin ar nádúr na healaíne agus ar an nua-aimsearthacht: 'It was important that Europe should find out [...] that the Irish School had a new and adult art to give it, an antidote to a mode

which was labeled, variously, “new”, “modern”, or “living” art, but which was, in effect, European art in its senility’ (*Irish Times* 7/9/1948: 3). An tuiscint ar ord agus áilleacht, ar chreideamh reiligiúnda, ar uaisleacht, ar an bhfirinne féin, atá chomh láidir sin i bhfilíocht Gógan, baineann sí leis an saol réamhchogaidh, sular scriosadh na seanluachanna ‘sibhialta’ a bhfuil a scáil le brath i gcónaí i ndánta seanEorpacha an fhile nuaGhaeilge. Tá sé le brath sna haistí próis agus sna dánta a dhíríonn ar nádúr na filíochta ó 1941 ar aghaidh gur thuig sé féin go raibh nósa nua cumadóireachta agus léitheoireachta tagtha chun cinn nár réitigh leis an saghas filíochta a bhí forbartha aige ar feadh deich mbliana fichead go dtí sin. Is léir chomh maith nach raibh aon fhonn air a chur chuige féin a athrú le bheith bonn ar aon lena chomhleacaithe in Éirinn agus san Eoraip.

Sa chnuasach seo, gheofar dánta as gach cnuasach de chuid Liam Gógan ach amháin an chéad leabhar, an ceann is laige dar fhoilsigh sé. Roghnaíodh na dánta ab fhearr, dar liom, a léirigh na gnéithe éagsúla dá chur chuige agus dá léargas. Mura bhfuil na dánta ar fad ar aon chéim feabhais, níl aon cheann acu nach bhfuil guth fé leith an fhile le brath ann. Sa chuid is fearr díobh, braitear an claochlú draíochtúil a loirg sé féin sa bhfilíocht, ‘míorúilt an chleite chaoin’ a dheineann ‘de gach litir aibidh rós’:

Sínim mo lámh tré spás an aeir id threo  
Ag míniú is ag ceansú t’fholt mar ór  
I míorúilt seo an chleite chaoin im dhóid....

Agus deineann de gach litir aibidh rós,  
Rós cuimhnimh dearg nó an rós nach rós,  
Finneacht do scéimhe i bhfirinneacht im chomhair.  
‘Sreanga beo’

*Louis de Paor*  
*Ionad an Léinn Éireannaigh*  
*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

# Liosta saothar a ceadaíodh

- Breathnach, Colm, 1985. *Liam S. Gógan: Tráchttaireacht théacsúil ar a shaothar fileata*, tráchtas MA neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Breathnach, Diarmuid & Ní Mhurchú, Máire, eag. 1990. *1882-1892, Beathaisnéis a dó*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- De Glaisne, Risteárd, 1967. 'Poet of elegant gestures', *Irish Times* 5 Lúnasa.
- Dineen, Patrick S, 1927. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla, An Irish-English Dictionary*, new edition, revised and greatly enlarged, Baile Átha Cliath & Corcaigh: Irish Texts Society.
- Gógan, Liam S, 1919. *Nua-dhánta*, Baile Átha Cliath & Londain: Maunsell agus a Chomhlucht Teo.
- 1929. *Dánta agus duanóga*, Baile Átha Cliath: Muintir CS Ó Fallamhain Teo, i gcomhar le hOifig an tSoláthair.
- 1936. *Dánta an lae indiu*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- 1946. *Dánta eile 1939-1941*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- 1952. *Dánta agus duanta 1941-1947*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- 1966. *Duanaire a sé*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- 2012. *Ar an tslí abhaile: Duanaire a seacht 1966-1979*, eag. Fidelma Ní Ghallchobhair, Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- 1947. 'Litir ó Liam Gógan', *Comhar*, Bealtaine, 4.
- 1947. 'Aistriúcháin', *Comhar*, Nollaig, 4.
- 1951. 'Dála foclóra Uí Dhuinnín', *Feasta*, Márta, 12, 18.
- 1955. 'Pairís cois Seine', *Feasta*, Meán Fómhair, 9-10.

- 1958. ‘Ruairí Mac Asmáinn agus na hóglaigh’, *Comhar*, Aibreán 12-13; Bealtaine 14-20; Meitheamh 16-18.
- 1963. ‘Ealaín Éireann san 20ú céad’, *Feasta*, Aibreán 11-12, 21-23; Bealtaine, 9-12, 25-26.
- 1963. ‘Na hóglaigh úd’, *Feasta*, Nollaig, 14-15.
- 1964. ‘File an hata síoda’, *Feasta*, Meán Fómhair, 6-8.
- 1964. ‘Irish conspirator’, *Feasta*, Deireadh Fómhair, 16-18.
- 1965. ‘Iolscoil – i gcinnlitreacha’, *Feasta*, Samhain, 7-8.
- 1965. ‘An seanteach cois Faiche Stiabhna’, *Feasta*, Nollaig, 9-10.
- 1966. ‘Mo chuidse den tseachtain mhór úd’, *Feasta*, Bealtaine 23-25; Deireadh Fómhair 21-23; Nollaig 13-14; 1967, Feabhra 9-10; Aibreán 23-24; Iúil 15-17; 1968, Eanáir 23-24; 1968, Márta 13-15; Aibreán 11-12.
- 1969. ‘Villon, file na bhfiontar’, *Feasta*, Lúnasa, 5-7.
- 1969. ‘File náisiúnta idirnáisiúnta’, *Feasta*, Nollaig, 17-18.
- 1970. ‘Bás file’, *Feasta*, Meán Fómhair, 17-18.
- 1972. ‘Pound agus Eliot’, *Feasta*, Eanáir, 13-14.

Jeffery, Keith, 2006. *The GPO and the Easter Rising*. Baile Átha Cliath & Portland, Oregon: Irish Academic Press.

Mac Conghail, Muiris, 1966. ‘Réamhtheachtair na nua-fhilíochta’, *Feasta*, Deireadh Fómhair, 20.

Milosz, Czeslaw, 1981. *The captive mind*, aistriúchán ón bPolainnis ag Jane Zielonko, Vintage Books: New York [an chéad eagrán 1953, Alfred Knopf Inc. New York].

Ní Ghallchobhair, Fidelma, 1979. *L.S. Gógán agus a shaothar filíochta*, tráchtas MA neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.

— 1987. ‘File idirthréimhseach’, *Comhar*, Márta, 20-23.


Ní Mhuirgheasa, Máirín, 1953. ‘Dánta a scríobh LS Gógán’, *Feasta*, Márta, 19-20.



- Ní Mhuiríosa, Máirín, 1980. ‘Liam S Gógan (‘Leasg’), 1891-1979, *Feasta*, Eanáir, 18.
- Ó hAnluain, Eoghan, 1966. ‘Seanannúirí’, *Comhar* Lúnasa, 25-6.
- O’Brien, Frank, 1968. *Filíocht Ghaeilge na linne seo*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 102-6, 120-1.
- Ó Cadhain, Máirtín, 1969. *Páipéir bhána agus páipéir bbreaca*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar & Cumann Merriman.
- Ó Conaire, Breandán, ead. 1974. *Éigse: Duanaire na hArdeistiméireachta*, Baile Átha Cliath.
- Ó Floinn, Tomás, 1947. ‘File a róthumadh i dtobar na héigse’, *Comhar*, Márta, 4.
- Ó Tuama, Séan, 1950. ead. *Nuabhéarsaíocht*, Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill.
- 1991. ead. (le Louis de Paor), *Coiscéim na haoise seo*, Coiscéim: Baile Átha Cliath.
- Welch, Robert, ead. 1996. *The Oxford companion to Irish literature*, Oxford: Clarendon Press, 218.



*Muintir Gógan c.1900: máthair an fhile, Ellen Hendricks, a athair William Gógan, Liam (ina shuí), agus Uinseann (ina sheasambh).*



*Liam Seosamb Gógan, lá bronnta na céime BA, 1913*



*Máire Nic Fhirbisigh, Corcaigh, c. 1916*



*Liam agus Máire, c.1935*



*Muintir Gógan i gCologne, 1936: Conall, Blánaid,  
Brian (chun tosaigh), Nuala, Cothraí.  
Irial, an duine ba shine den gclann, a ghlac an griangbraf.*



*Liam i mbun tochairle ar láthair seandálaíochta déanach sna 1930idí*



*Máire agus Liam, i mBaile Átha Cliath, déanach sna 1930idí*



*Liam agus Nóra san Iodáil, déanach sna 1950idí*



*Liam sa seomra tosaigh, 18 Bóthar Thír an Iúir Thoir, sna 1970idí*



as

*Dánta agus duanóga 1919-1929 (1929)*





## Na coisithe

I gcoim na hoíche cloisim iad  
Na coisithe ag siúl,  
Airím iad, ní fheicim iad,  
Ní fios cá bhfuil a gcuard.

I gcoim na hoíche dorcha,  
Is an uile ní i suan,  
Airím teacht na gcoisithe  
I lár an bhaile chiúin.

An daoine iad nach sona dóibh,  
Nó anamna i bpúnc  
Nach aoibhinn dóibh an t-ionad san  
I gcónaíd go buan?

I gcoim na hoíche dorcha,  
Is cách ina chodladh suain,  
Is ea chloisimse na coisithe  
Ag teacht is ag imeacht uaim.

## Aiceantacht

Tré chúinne na fuinneoige  
Cois droichid chím duilliúr  
Crainn fhionnuair fhuinseoige  
I measc seantithe dubhach’.

Agus sin a bhfeiceann cime  
Na cathrach trén smúid  
Ag fógairt d’ainneoinn caime  
Nach marbh treibh na ndúl.

Nuair a thagann ámh an oíche  
Trén chrann chím lasair shuairc  
Ó lóchrann aonraic – croí bog  
Na cathrach roim suan.

Scríobhann sí síos in órdhath  
An t-arta so go glínn:  
‘Ní díscfeair choíche an dóchas!’  
Ar dhroim an tsrutha righin.

## An linn

A linn, i lár an léana lí,  
Is liom is aoibhinn tusa d'fháil  
San áit chúlánta so, is taoi  
Id aghaidh mar naoidhe an tsuilt gan chnáid.

Don tsnáthaid mhóir, don bheichín bhuí  
Agus d'éanlaith shínir glé-scáthán,  
Don tseamair ghlas sa bhfásach mhín,  
Don néilín ghlínn ar spéir go hard.

Scaití, a linn, is brónach a bhír:  
Crithir in íodhnaibh taibhrthí cáis;  
An solas a ghealadh tráth do chroí  
Mo chreach! ag tuiltibh deor dá bhá.

An oíche bhogchiúin, ámh, nuair a thigheann  
A' doimhneas airde an aeir id dháil,  
Is foisce dúinn na domhain gan teimheal  
I gcéin dár bhfaire i suan ded bharr.

Is tusa an tsúil ná dúnann choích', –  
Súil manaigh mhíonla i gclabhstra bláth –  
Ná faca fós an saol mar a bhíonn,  
An baile eisión ná éad ná mná.

## Samhla

Thíos ar úr na hinse  
Beirt sheanreanglamán,  
An Bás i bhfail na hAoise  
Ag croitheadh a gcnámh is ag rince  
Is ag loit scothóg an bháin.

Scíordann chucu a' Coilltibh  
Na Beatha bruinneall cháidh  
Ina gúna scaipthe scaoilte,  
A gnúis ná an mhil is milse,  
Cé eile ach an Grá?

Na harrachtaí nuair a chíd í  
Huth! bíogaid ina dáil,  
Na creatlaigh bhochta, bhuí-chas',  
Ní thiochfaid suas léi choíche  
Is éasca cosa an Ghrá!

Agus téid thar n-ais go díomdhach  
Go mbreathnaíd a gcáir  
Mhíthaitneamhach i míntsruth  
Na hAimsire doimhin díogach  
Go dtí an Mhuir Shíoraí ag gabháil.

## An Ghaeilge

Mar fheileastram i mbogach taoi  
Cois abhann go bríoch ag borradh  
Is féachtar ort ón droichead chrainn –  
Féachtar is scínnear thorat.

Ní dhearna súd, a theanga thím  
Ach ghabhas gan stríocadh ad stothadh  
Is níl im dhóid ach réalt gan aoibh  
Is mé fé dhraoib ón dturas.

Dom féin is duitse b'fhearra choích'  
Go deo gan tíocht id ghoire  
Do bheifeá féin id bhláth gan teimheal  
Is ní bheinn mar ataoim gan toradh.

## Taithleachas

(le M Ní L)

Le foighid do léis, a bhé, na laoithe a líonas  
I gcuach na nduanta is fuarais iad cé díth liom  
Ar easpa smaointe mórga – bíodh gur fíor sin  
Cad é is mórgacht ann i gcríochaibh díble?

Cá bhfuil an ní atá buan fé chuaird na gréine?  
Focal nó féileacán nó fáidh nó féile –  
A dteacht is luath agus scuabtar iad go héasca  
I gcoirr na marbh is sinn gan dabht in éineacht.

Cuardach ar thropaibh móra, ar shamhlaibh síordha  
Ní dhearna riamh im dhántaibh, admhaím é;  
An rud a bhí uaim le rá ó lár mo chroí istigh  
Adúras é pé buach díomuach mo dhícheall.

Buile agus ifreann Danté bíodh nár fhéachas,  
Sheachnas an aill is fáil ar nithibh éachtach',  
Níor dhifreach liom suarach agus uasal gléineach  
Adamh is domhan im radharc ba mhar a chéile.

Is fáinne an saol, is fáinne an bheatha thadhail seo,  
Dearmadtar sin le méid ár n-easpa radhaircne,  
An rud fíor-ard, fíor-bhuan, fíor-uasal, faighimse é!  
Níl sé le fáil abhus – abhus! ná deimhneacht!

An amhlaidh a mheasfá dom go leanfainn sómpla  
Ár bhfilí dúchais – dream bocht aimid óltach,  
Cam-bhladar béil nó aithis gharbh, scólta,  
Caoineadh na marbh maol i mbriathraibh móra?

Cad atá sa bhard ach cláirseach a chomhaoise,  
Más ceolmhar í bia sé féin go binnghuth  
Más uasal í ní bhia go bocht a smaointe  
Ní héirí d'fhile thar aon os cionn a thimpill.



## An dá theanga

Nuair a labhram Gaeilge athraíonn mo dhomhan!  
Chímse gach aon rud, dar liom, bun os ceann,  
Siúlaim arís in Éirinn ársa, an t-am  
A bhí Brian na Bóirmhe beo, is chím im amharc  
Mar ghréin ag éirí romham amach an Teamhair:  
Is chím an bhuíon filí ag gabháil anonn  
Is ceol na cruite á gcoimhdeacht mar a ngabhaid  
ach Gaeilge a labhairt.

Nuair a labhram Béarla, chím im aice feall,  
Aintiarnas agus éitheach agus foghail;  
Leamhgháirí lámh na monarchan úd thall  
Agus easpa grinn an tSasanaigh ró-ramhair  
Mar Thurcach ina thigh, toirtéiseach teann,  
A mheirdreach lena thaobh: is chímse namhaid  
Ag feitheamh lena scian do ropadh ann –  
ach Béarla a labhairt.

## Trélineach

Sa tseomra bíodh ná fuilid beo –  
Níl bláth acu nár éirigh críon –  
Tá cumhracht aoibhinn úr na rós.

Úrgháirdid mé cé fágaid brón  
Beag tríd an áthas nuair do bhím  
Sa tseomra, bíodh ná fuilid beo.

Cuirid i gcuimhne dhom go nódh  
An chéibheann óg do dhoirt an fíon  
So, cumhracht aoibhinn úr na rós –

Is d'imigh uaim sa rian aineoil  
Is crithim nuair do chím a lí  
Sa tseomra, bíodh na fuilid beo.

Go gcuimhním ar an am fadó  
Go bhfaca ar dtúis an mhaiseach mhín  
Fé chumhracht aoibhinn úir na rós.

## Taibhsí

Táid inár dtimpeall, inár dtimpeall,  
Taibhsí na ndaoine fadó,  
Cuid díobh ag caoineadh is ag caoineadh  
Is cuid díobh in aoibhneas go deo.

Gabhaid ina mbuíontaibh, ina mbuíontaibh,  
Gan feiscint, gan tsuim is gan gleo –  
Ní fheadar ar ghnaoi le haon naoidhe díobh  
Ár n-agallamh d'óiche nó ló?

Bheadh sásamh im chroíse dá sílfinn  
Go bhféachfadh díobh duine im threo,  
Samhailt éigin brón-aghthach, caomh-chroíoch,  
Le tuiscint dom bhuaireamh ró-mhór.

D'fhéachfadh is d'imeodh arís léi  
Fé chríochaibh éaguimseacha ar seol  
Is chuimhneodh orm choíche, orm choíche  
In ainneoin a díomá dothomhais.

## An spéir

Is ceansa, ceanúil a chasann an spéir  
Thar domhan a fallaing mar bhanaítra shéimh –  
Ar alltacht achar anaithnid i gcéin  
Na ndeamhan, ní cheadaíonn amharc dá tréad.

Is mín ar maidin a leaca gan léan  
Go caoin ar lasadh le caithis don tsaol:  
Braoin má scaipeann ar leanbh a cléibh  
Níor chúí a chasadh go harraingeach léi.

Is álainn dreach di iar leathadh an lae,  
Lán den mhaise do thagann ón ghréin  
Gáire ceana ar a ceannaithe caomh'  
Le grá ná caitear: a fearg is maoth.

Is sámh mar a chasann sí fallaing na réalt  
Fána leanbh d'éis teaspaigh an lae,  
Le suantraí a d'airigh i dtosach ón tSaor  
Chun suaimhnis meallann a leanbh go réidh.

Druid go caoin inár dtimpeall, a spéir,  
Cuir go binn ag tríreach na héin,  
Orainn, ar chlainn do chlí-bhrollaigh, séid  
An cion atá suite i gcríochaibh na néal.

## Samhain

Samhain an áir ó tháinig chugainn fé dheoidh  
Fé bhrataibh cumha noch d'fhigh na síofraí ceoigh,  
Leagtar na búird fé bhiannaibh go cóir  
Go bhfeartar Féile Moingfhinne an reoidh.

Is fuar an oíche, is fuar an uile bheo,  
An slua ag teacht is fuaire fuaire fós,  
Ach tiomargaid is triallaid chugainn sa ród  
Ón reilig iarmhair, 'Fáilte, a mhairbh, romhaibh'.

Dar linn, airítear gairgeacht a nglóir,  
Gíoscadh na bhfiacal, cnagadh cnámh is beol  
Is iad ag blas na nithe ullamh dóibh –

Níl ann ach fiúir na gaoithe agus gleo  
Cloichshneachta ghéir in éadan na bhfuinneog  
Is gadhar amuigh sa doircheacht ag geoin.

## Mí Mheáin Fhómhair

Treascair na bláthanna, coinnle cumhra tí  
An domhain, a dhoirseoir mhodarshúiligh: buígh  
Na duillí uaine, lom an fhaiche, fill  
An brat urláir tar éis na bhfleadhanna a bhí.

Chímse mo dhóchas faon fé spéir gan spíc  
Os comhair mo shúl ag éag mar charaid chroí  
Gan feiscint romham ach naimhdeanas is níoth  
Laethe anaithnide, doghrainn, dochar, díth!

Cad chuige ar thréigis mé, a Iúilín bhuí,  
Led theas, led aoibhneas ceoil, led mheirbhí,  
Led shuiríocht, led bhriochta mara is maighe?

Ná an mí patuar so b'fhearr go mór liom fíoch  
Is faolras Feabhra, cleasa cama is draíocht  
An Aibreáin chorra-ruaisigh ar mo thí.

## **An chathraíocht**

Ar chúl an tí – léinte agus éadaí cnis  
Ag tabhairt na gaoithe i lár an earraigh ghluis  
Ar phéirsí arda trasna a chéile a righ  
An níochánaí gleithearánach glic.

Calán ansúd is buicéad lán abhus  
Is carn fuílligh tí is luaithre,  
An chríon-bhróg chaite is bréagáin gheala a bhris  
Aos óg an tí, is bláthanna do loibh.

Ní léir i mbéal an tí ach radharc gan locht  
Gach leaba bláth is ciumhais casáin i ndeis  
Ag áiteamh céim is réim an té gur leis.

Sciórdann an saol ar séirse ar aghaidh gan stop  
Fé dhéin gach nua – is suaill má ríomhtar leis  
I dtaobh an dríodair a shnámhann sa mharbhshruith.

## **An tslí amach**

Is í an tslí isteach an tslí amach!  
Tá an oíche ann; nuair a tháinig b'í do las  
An lampa loinnir-réidh. Tá tine mhaith  
Sa teallach a théann an seomra socair deas.

An phailm atá cois na fuinneoige theas  
Tá sí niamh-dhuilleach, ard; réitíonn a glas  
Le deargbhán na bhfallaí: leabhair go fras  
Im thimpeall ar an mbord nó ar mo dheasc.

I lár an chiúnais bhoig seo téann thar n-ais  
Mo chuimhne chun Uíbh Laoghaire chnocaigh: eas  
Airím ag bogamhrán, is chímse creat

Na gcarraigreacha fé chrotal; táth den raith,  
Tortóigín fraoigh, an ceo ina chuairsce chas  
I lúib an ghleanna, cailín, bothán, ba.



## An Nollaig

A Nollaig aoibhinn, is tusa innilt umhal  
An Gheimhridh fhiata, ár dtiarna doicheallúil.  
Is tú ár samhradh i measc seanrotharúch  
Na spéartha dá spriocadh ag imreasán na ndúl.

Tá cuileann gluair is drualus ar tiús  
I bhfrathacha an halla mar is dú,  
Soilse ar lasadh, bronntais gheala ar bhúird  
Is bloc na Nollag ag tintealaigh sa lúib.

Tá tine ann, gan dabht, mar ghréin lae Iúil,  
Bladhmsach brománta buí is – ailliliú!  
Seo chugainn an ceol, seo chugainn an féasta ar stiúir!  
Siúd ort, a Nollaig! a ríon na roillsí rúin.

A Nollaig, thugais cuimhnte eile chugainn:  
An Leanbh Iontach agus dúshlán dúr.

as

*Dánta an lae indiu 1929-1935 (1936)*



## **An taistealaí**

(Nollaig 1927)

Tríd an sneachta, tríd an spéirling,  
Tríd an duifean daingean daoldubh,  
Tá fear taistil ag druidim go déadla  
Ag gluaiseacht roimis ina dhuine gan léargas.

Lampa níl dá threorú ná réalta,  
Solas tithe ná lóchrann léasmhar,  
An bóthar garbh féin ní léir do  
Ag sneachta á choipeadh ag goimh na ngaothfach.

Céim ar gcúl ní chúbann aon troigh  
Ach aghaidh de shíor aige gan staonadh  
Ar chóchaibh gaoithe le gcritheann saolta  
Is an sneachta mar láimh an bháis dá thraochadh.

Chíonn sé uair umá seach gach taobh de  
Spinncí loma agus fiacla géara  
Ina scáilibh scáinte fíor-neamhshaolta  
Ina gcumaí dubha den doircheacht déanta.

Agus uair nach é mothaíonn gach taobh de  
Mar a bheadh slua na marbh ag dréim leis  
Ach tá a fhios ag a chroí gan ríog nach é sin  
Ach na dronganna giús fán slí ag éamhaigh.

Croí fearúil! ná cloífidh aon rud  
Dá dtiocfaidh roimis samhalta nó saolta  
Screadach síobhra, faí na bhfaolchon,  
Donacht na slí ná spíd na spéartha.

Fé dheireadh thiar i ndiaidh gach éigin,  
Solas do chíonn sé tríd an aer dhuibh  
Solaisín aonraic uaigneach – réalta!  
B'é' le Dia an síon go maolfaidh.

Cuireann uaidh mar ualach déarmhar  
Cuimhneamh a tháirdíl tríd na sléibhte,  
Tríd an anfa ó éirí gréine  
Go teacht an duifin do bhasc a chéadfa.

Agus cuireann chun cinn le neart aith-théite  
I dtreo an tsolais a bhain osna a chléibh as,  
Agus druideann fé dheoidh chun fuinneoige gléiní –  
Is é solas teallaigh a thí an réalta.

Fanann sé tamall ag faire cé faonlag  
Ar an radharc ró-aoibhinn a chíonn i réir do,  
Leanaí suanmhara go faiteach ag éisteacht  
Is bean inmíoch sa lasair ag féachaint.

## Cumha

Lastall atá an teampall ina sheasamh  
Ar ghualainn an ghleanna dhíthghlóir,  
Laistíos de tá tréadaí an eallaigh  
Go suairceach ag cantain gan stró.

\* \* \* \*

Is leonmhar í creidhil chiúin na marbh,  
Is deorach dubhshalmairacht an chóir,  
Is tá deireadh le portaireacht aitis  
An tréadaí is é ag fanacht fé bhrón.

\* \* \* \*

Lastall táid á tabhairt chun a curtha  
An ainnir a fuair sonas sa ngleann;  
A thréadaí! beidh am agus cluinfeair  
An tsalmairacht ortsa dá tabhairt.

\* \* \* \*

Cá fearr duit an bhuaire seo gan toradh?  
Cá fearr duit id thost duit go fann?  
Glac misneach is can leat go deireadh  
Is meidhrigh led phortaibh an gleann.

## Mian

Dá bhfaighinnse seoladh mar a sheolais uair leat,  
A Throstáin thairis laochda,  
Thar chlasaibh ómra na bóchna fuaire  
Ar m'oilithreacht go hÉirinn –

Is go bhféadfainn rós mar an rós do fuairis  
Mar Íosóid ríonda d'éileamh,  
Is an deoch úd a d'ólais d'ól lem spéir-mhnaoi –  
Mar thusa, an bás ní shéanfainn.

## Magh Meall

Ar raonaibh coiscthe chuireas mo bhárc gan bhéim  
Go tréanmhar cumasach thar tonnaibh ba dhána céim,  
Ar ghaothaibh coscartha tugam gan áird ár mbéal  
Is baoth-bhriocht boineann ní stopfaidh go bráth ár réim –

Go réabfam boige bánghrinnill na trá i gcéin,  
I réalann luise is loinnir na dtráth gan bhaol,  
Séada sonais i ndrithleann grá gan éag,  
Is séis an tsonais go gcluinfear in árd an aeir,

An chéibheann, ionas go bhfeicfead ag trácht le gréin  
As craobhach coille thar scothaibh an bháin fém dhéin,  
In éide solais ag breith an chopáin ghil léi,  
A bhraonta cumais go n-ibhead má bhásaid mé.

Sid é do rug mé as cuideachtain ghnáith mo ré  
In éadan toinne agus tulcaí tláiththe an tsaoil;  
Sid é an cuspa do chuir tú, a bhárc gan bhéim,  
I raonaibh coiscthe go himeallaibh tráchta an tséin.



## Impression

Bhí an teampall lán de dhaoineibh  
De rogha is togha na ndream  
Ach mhothaíos fársta im thimpeall  
An scaoth nach daonna ann –  
Agus bhí an chomhra suíte  
Is an bhratach uirthi anuas  
Is sagart dubhach ag guíochtain  
Ar altóir lán de ghruaim.

\* \* \*

Bhí toscairí na gcríoch ann  
Is uachtaráin na stát,  
Bhí uaisle bailte cinn ann  
Is teachtairí ón Pháp –  
Ach do scread laistiar na glórtha –  
Do chrith an slua go léir –  
'Is í Éire atá dá tórramh  
Is ní fhuilngeofar é!  
Do baineadh clár den chomhrainn  
Is nuair a oscladh í, mo lom!  
B'ea chonacthas i gcomhad ann  
Corp seanamhná gan cheann!

\* \* \*

Is dá mhéid í luisne gréine  
Is gléacht na gcoinneal buí  
Is ollachomhacht na dtréinfhear,  
An flústar is an phoimp  
Dhein tuamba dona déarmhar  
Den bhaislic úd de phlimp.

## Cogadh

Síorleadraimis a chéile ón gceas go dtí an cnámh  
Go mbaineam fuil ár gcléibhne as na féitheannaibh go dtráid,  
Agus luífidimid le chéile ar an bhféar is craorag bláth,  
Agus déanfar sinne d'aontú gan aon éalaing ag an mbás.

Cá fearra dhíbh, a Fhrancaigh, ná duitse, a Ghearmáin,  
An pleascadh agus an pleancadh agus fuilíocht an áir?  
An plé gan cheann so a shantaigh bhur sinsir lena lá  
Ná teorannófar choíche ach le buíontaibh uile an bháis?

Cár imigh cumhacht na bPaonach agus léigiúin Chéasair áigh?  
Táid a gcloiginn insa chré dhuibh – níl téagar ina lámha,  
Tá a gcoirp mar aoileach gáifeach ag na bláthannaibh san Áis  
Is go dtí an pointe is sia siar den Chruinne insa Spáinn!

Tar éis ar mhairbh Cú na nÉacht ní fada a chuaigh le Meáidhbh,  
Ní fada a chuaigh le Lifeachair dá mhéid an gearradh brád:  
Má dhíbir Brian na tuaisceartaigh ní doras dúnta a d'fhág  
Roim allachoin ba mheasa fós ar chogadh nó ar chlár.

Ní túisce deireadh curtha anois le ciorrú thar barr  
Ná siúd arís ag cogarnaigh lucht rialaithe na stát,  
Agus ullmhófar gunnaí agus loingear chun an áir,  
Agus ullmhófar osnaí agus golfairt dosna mnáibh.

Ach tagann tráth chun smaointe agus tagann fara crá,  
Agus suífead síos go díblí chun go gcaithfead suas fé dheáidh  
An cuntas úd gan ghlanadh: is ní glanfar é go bráth,  
Agus chím gan éinne beirthe leis an gcoimheascar ach an bás.

## **as Ceithre dánta do Dháimh Mhúscraí**

A Chúirt na Saoithe, is a Choiste na Ceart-Éigse, is a Chomhairle Cinn Céille, Ceoil agus Caomh-Ealaíon Chathair agus Chontae Chorcaí i gcoitinne, umhla, ómós, urraim agus ard-oirmhíde uaimse díbh, agus duitse go sonraíoch, a Uachtaráin uasail, fhocail-bhinn, éirimiúil. D'airíobhair go huile achairt, impí agus achainí ardéifeachtach Dhomhnaill dhiorraingigh dhán-chumasaigh Uí Cheocháin ó chaoinchnocaibh chaomh-chrothacha Cúile ciúin-aobhne, clutharúla, clú-fhairsinge Aodha, ar son béithe, bruinneal, brídeach is ban óg uasal Éireann iath-leithne uile. Iarraim go humhal oraibh dá bhrí sin áird, aire agus éisteacht do thabhairt ar aighne agus abhcóid eile ó Fhine Gall go bhfuil fonn agus fosc air chun na cúise céanna do phlé go héagmaiseach.

### **Ceart agus cóir dosna béithibh**

Is maith é, a Dhomhnaill, mar a sheasaís go cróga  
D'ainniribh Fódla le chéile,  
Mar a leagais id chódaibh go bagarthach bródmhar  
Feasta ná pósfar ar spréithibh:  
Táthaire id choinnibh má deireann aon ní  
Fágtar an sruimile fé bhinb an dlí  
Atáthar le cumadh mar chosaint gan mhoill –  
Ceart agus cóir dosna béithibh.

Is feasach don Chomhairle nár cleachtadh an nós so  
An tan úd ba mhórtasach Éire,  
Rachmas thar teorainn ag flaithibh na Fódla,  
Fearann is stór ag gach éinne:  
An tráth úd do dlí don duine a bhí ar tí  
Báibe do bhreith leis mar sholas a thí  
Táille le hoide na brunnile a dhíol  
Is gan teachtain go deo ar a séadaibh!

Freagraig'! fógraim ar cheannaibh na Comhairle  
Cathain a d'ordaigh na Déithe  
Cailíní gleoite do bhacaint ar phósadh  
Cheal acraí, óir agus tréada?  
Báibín ar deireadh mar *investment* faraoir!  
Dá háireamh ag bodaigh mar rubar nó íl!  
Ádhamh an uair a thogair sé socrú síos  
Ní raibh taimice stró ag Éabha.

Machnaig'! pósann an Talamh an Bhóchna  
Gan faic na feoirlinge d'éileamh,  
Is b'fhada le smólach fiú na mbannaí d'fhógairt  
Nuair a ghlacann sé smólach mar chéile:  
Blátha na coille ní chuirid aon tsuim  
In áirnéis ná eile seach cion agus gnaoi,  
Is tá a shliocht orthu mar is follas dár mbuíon,  
Ní bhlaisid, dar ndóigh, an t-aiféala.

Leagam in bhur gcomhair, a mhaithe a fuair óirdneadh  
Ó ghlaicibh Ard-Chodhnaigh na hÉigse  
Gur ceart díbh an chomhairle atá agartha ag Domhnall  
Feasta do ró-chur in éifeacht.  
Is práinneach atá bruinneala binne na gcríoch  
Le háirdeall ag feitheamh le biseach sa dlí,  
Ná fágaig' go singil iad d'uircaspa maoin' –  
Ceart agus cóir dosna béithibh!

## Stróll

Do ghaibh an tInleacht Dúchais  
Amach ag siúl do féin  
Tré shráideannaibh stairiúla  
Sith-áilne longphoirt Gael.

Do ghaibh sé thar choláistí  
Ollscol is pháláis léinn  
Thar acadaimh is árais  
Ealaíon ina fhánaí chaoch.

Do stad sé cois colúna  
An taoisigh long, Mhic Néill,  
Agus b'é a rá cois cúinne:  
'A phobail phrionsaigh, déirc!'

## Seanlaoch

Le dúil i laochas feasta dán ní léim  
Ar dhóchas ard, ar dhoghraínní na nGael,  
Stair Emmett, Tone nó scéal an Phiarsaigh féin,  
Ar fuilingeachd i gcath na mblianta i gcéin.

Ach téim ad chuardach siar sa tseanashaol  
Is ort nuair a gheibhimse radharc, id ghnúis shoiléir  
Chímse gach stair i bprós nó i rann dar réidheadh  
Scríofa i litribh beo im chomhair le léamh.

Na ceannaithe gan dath, gan snas, an béal  
Dlúth, daingean, diorraingeach, na súile féighe  
Chíonn rompu an gnó is inseann rún do chléibh.

Scéalaid súd roic is fillteacha do ghné  
Ar ghabhais tríd ar son an chirt is créidhe  
Na gcarad a throid is a thit, ochón! led thaobh.

## Atuirse

Wordsworth na bhfocal fiúntach, Mac Cuirtín,  
De Vigny, fíon na bhfilí, Lamartine,  
Cé bhlaiseas iad go léireach, laoi ar laoi,  
Níor shásadar, níor chiúnadar mo chroí.

An t-ualach atá am thabhairt go talamh síos  
Ní samhail dó ualaí eile, admhaím,  
Ní thomhaistear é, ní mheátar, tuis leis níl:  
Cé mheáfadh rud i ngan fhios – ábhar m'inní?

Is méala an scéal nach sás na séimhfhilí  
É a leigheas go bun, ní mór gur doimhin an cnaoi  
Ná cneasaítear le léamh, le léargas laoi.

Chím i ngach líne an galar céanna, chím  
An tuirse ó leamhas an tsaoil ghoirt, chorraigh, chlaoin,  
Folús an ghrá, an t-áthas gairid grínn.

## **An aithbhliain**

Mar loing anaithnid ag druidim as an gceo  
Le breacadh an lae ar leirg mara aineoil  
Chítear i gcéin ‘An Aithbhliain’ chugainn ag seol’  
Le tabhartaisí ón gCinniúint inár gcomhair.

Níl sás a stoptha ag aon den chine bheo  
–Cabhlach dá mhéid ná gaoth dá dhéine comhacht –  
Bainfidh sí cuan amach is leagfaidh seol,  
Is cuirfear chugainn ar port amach a stór.

Cad iad na bronntais atá fén haiste i gcomhad?  
Áirithe áthais, áirithe eile bróin,  
Seoda domheasta agus iontaisí go leor.

Cad í an fhoireann? Cairde agus naimhde nódhá.  
Cé hé an captaen? An tÁdh gan aon agó.  
Is guím duit a mb’fhearra leat go ngeobhair.



## Arascain Sildear

A Arascain! Ba dhuine thú den bhuíon sin a thoghann  
Ceart síoraí Dé mar dhalta ó am go ham  
Is go gcuirtear d'éis a n-oidis iad anall  
Dá shuíomh, dá dhíoghailt is dá shíoladh ar fuaid an domhain.

Cuma cá dtéann sibh, cuma cá hinneall a ghabhann,  
Comhalltar an dualgas do cuireadh romhaibh gan fall  
Is déanfar neamh nua den dubhaigéan ar ball  
Is chífidh sin fis na bhfíor gach anam dall.

Cá críoch do-bheir sibh? Coróin is gradam trom?  
Gárthach comhbhách na slua is séideadh beann?  
Dileagraí bardas? Lútáil sirtheoirí seang'?

Go bhfreagraidh Críost an cheist – ní mise a lamhann:  
Ní gnaoi lem Bhé an chroch dá gléas' ná amharc  
Ar fhaiche lámhaigh is marfóirí ann.

## Marcra an díomua

Tá an ceantar uile timpeall  
Fé smál seandráíochta duairc'  
Is locha, cnoic is coillte  
Ag malaírt aoibhe ar ghruaim:  
Tá an ghrian fé cheothaibh fillte  
Is na héanta ar díbirt uainn  
Is ní cluintear siolla ach taoille  
An tosta thím máguaird.

Féach! marcra matal-scaoilte  
Ár sinsear cloíte ar cuaird  
Tré dhoircheacht na hoíche,  
Tré mhodar-scímibh cuas:  
Is iad a n-eacha díble  
Na blianta groí do ghluais –  
Agus siúd ar sciath gach mílidh  
Seanchomhartha cnaíte an bhua.

Ina samhailtaibh gabhaid an tslí seo  
Ná lasann choíche anuas  
Séimhsholas canta coinnleach  
An lóchrainn dhíomsaigh bhua:  
Do throideadar go díochra  
Gan taisiríocht, gan trua,  
Do thugadar go líonmhar  
A bhfuil ag díonadh a dtuath.

Is d'éis gach iarracht' íogair'  
Is d'éis gach daoirbhirt dhua  
Is d'éis gach ruathair fhíochmhair  
Siúd iad fé scím ar cuaird  
Tré dhoircheacht na hoíche,  
An marcra dílis a chuaigh

In aisce ag riar an choimheascair  
Ar son a dtíre i nguais.

Is féachaid uathu, sílim,  
Is iad go righin ag gluais'  
Chun Éireannach na haoise  
Seo an chinsil nua  
Is deirid linn go híseal  
–Mar leoithne gaoithe an fhuaim –  
'Beidh sibhse leis dár gcoimhdeacht  
Trén scáth gan maoichint bua!'

Siúd scaipthe an tímpreacht  
Gan rian ná fuíoll le lua  
Seach cuairsce ceo os coilltibh  
Is giolc sa linn dá shuath'  
Is cluintear insa díseart  
Atá im thimpeall – tuairt  
Is coisimeacht na mbuíonta  
Ag tóir arís an bhua.

## Focal scoir

Le ceachaireacht is anfhorlann orráiseach búr  
Níl taitneamh ag m'aighe do dhántaibh ciúil,  
Mé chreachadar, mé radadar as m'aras dú  
Is chaitheadar mo cheartas-sa i gcráig ainiúil.

Fé tharcaisne sheasmhaigh is fáltacht pháir  
Cé leanfadh d'fhí na bhfantaisí i mbárdacht úir?  
Bheir raistine an ghailbhthin gach bárr dá dhlús  
Go talamh síos, is an lathach bhog is géarr dá shú.

Gheibheann m'anam ámh im ainnise lacáiste ciúir  
Nuair a mhachnaím gurbh amhlaidh ó ghabháil na dtriúch  
Dom shamhalaibh i dtalamh Airt iar dtrá urrúis.  
'Gem armas! Is fada san atá rás na mbúr!

Ach mhaireas-sa leamhbhearta na dtíoránach úd:  
Ná facamar le gairid iad dá sá ar gcúl?  
Is mairfead nó go dtagaidh le conách i gcumhacht  
Seadairí go mb'aithis leo na báird do scumhadh.



as

*Dánta eile 1939-1941 (1946)*



## **An bhliain chinniúnach**

*(i gcuimhne Mháire Nic Fhirbisigh, bean an fhíle)*

A bhliain, nuair a caitheadh tú id shaighid  
As bogha na hAimsire de ríog  
Ba bheag do mheasas-sa go deimhin  
    Id dhiaidh go mbeinn ag caoi.

Do chúrsa fiadhain nuair a thugais fé  
Do bhíos mar éinne eile suairc;  
An tráth, mo mhairg, a chríochnais é  
    B'iúid snadhmtha mé le gruaim.

Ba dhíreach í do chuaird, dar ndóigh,  
Ach insa tseol tré ghlinnte an spáis  
Do threaghdais cliabh ionmhain mo stóir  
    Dá fágaint romham sa bhás.

An lá san féin do bhí an spéir  
Gan oiread eala de néal dá seol':  
Ina áras aobhdha ag an ghréin  
    Dár dtigh féna éide rós.

Ach nuair do scar an oíche a brat  
Fionnuar fé reannaibh eadarnaí  
Do thángais agus sciobais leat  
    Id chúrsa bean mo chroí.

Ar maidin bhí a croí gan smúid  
Líonta dá subhachas ghléigeal ghnáith;  
Istoíche, ina marmar-ghnúis  
    Léas anam-rún mo mhná.



A neamhthráthúil, ní fiosach duit  
Ach leath na loite a rinne tú  
Tré stua an lae go n-oíche sin  
    Ag gabháil id shiolla phúir.

Inniu, is cuma dom an ghrian  
An rós is naofacht niamh na réalt  
Agus siúd do chúrsa tugtha, a bhliain,  
    Go humar liath na gcéad.

## Amhrán tosaigh an Fhómhair

Is luath do thuigim ó fhuaim is ghliogar  
Na gcrann so im ghoire an scéal so –  
An Samhradh sona is a sheamhar glan-shoirbh  
Bheith fé dheoidh ag imeacht is ag éagadh:  
Is maith is fiosach dom ciall an tsiosa so  
Agus ciall an chorruihte a théann leis  
Gur gearr le binb go scáinfear duille  
Gach crainn ba shochard don éanlaith.

Is bíodh nár imigh an claochló crotha  
Go fóill ar chuma gach aon rud  
Is láidir a thigeann im lársa srotha  
Dobhróin de bhíthin an éachta  
Agus chím mar thuilleadh de chomhartha ar imeacht  
Na gléachta as innibh an tsaoil seo  
An lias úd doirbh is an riast úd rocach  
Ar ghruannaibh gorma na spéire.

Is mar shíobhraí lonna as tigheas anshocair  
A raibh, ar imigh, ar théaltaigh,  
Tá táinte dubha na bhfáinleog corach  
Le ráig ag imirt in éineacht  
Fé bharr na gcloigtheach atá sa reilig  
Gur thráigh fiú a cine saolta  
Is gur scúigh a dteideal de ghnúis gach lice  
Le blianta nach furas a réaladh.

Tá na húlla corra agus fós an piorra  
Go fóill gan titim dá ngéagaibh  
Tá fós ina n-iomdhaidh roinnt bláth agus scotha  
Is a gcinn gan cromadh ag an spéirling:  
Ina dhiaidh sin uile is dian do mhothaigh  
Le brón mo spiorad an téarnamh –

Udhálta an duine cois trá ag fuireach  
Is bárc a chiste dá thréigean.

A Fhómhair dheirg nár mhór do dheifir  
Ag tíocht dár lomadh chomh héasca?  
Ná fágfá sciolla beag éigin eile  
Den tSamhradh shona inár gcléithne?  
Is ró-mhaith a thuigim gur tú duibhghiolla  
An Gheimhridh bhioranta bhraobhaigh  
Is gur gearr go dtiocfaidh i do dhiaidh ar sodar  
Do thiarna chun sinne do phréachadh!

Ataoi id imeacht mar an gcneá úd frithir  
Do chnaíonn an duine nach séanmhar,  
An inní, adeirim, ós í atá fite  
Tré chroí agus innibh ár gcré-ne;  
Is mar í do bheirir inár gcoim gan fuireach  
An blas éideimhin doshéanta  
Ar áine ár dturais tré lár an tsonais  
Agus amharc ar dhoras an Éaga.

## Liobharn Stáit

*(Dathbrionnaíocht)*

Ar léinsigh órga an uisce  
Ar a bhfuil na néalta daite  
Tá an bád canálach liosta  
Ag imeacht léi gan mhairg –  
Is fear a stiúrtha meata  
Ag cuimhnithibh gan áird.

Ní curtha i dtábhacht a ciste  
A cáil ná cúis an aistir  
Is í liodarthacht na leisce  
Luas dlisteanach a taistil  
Is ní scanraíonn sí an eala  
Is í ag dul thar bráid.

De chéimibh troma briste  
Tá a capall seanda á tarraingt  
Ar ché na ciumhaise gluise  
Is ní mó le ríomh a ghradam –  
Atáid araon mar a mheasaim  
Ar cháilíocht amháin.

Anois tá an t-ard dá shroisint  
Is an loca dubhach ar leathadh  
Is is gearr go mbíonn an tuile  
Dá líonadh caise ar chaise  
Agus nochtaíonn fé mhaise  
An machaire comhnard.

Fé shuaimhneas ná coisctear  
Ar aghaidh arís go ngabhaid,  
Lichtéir na dtaibhrthí folamh  
Is foireann cúpla cnaiste

Nach eol dóibh gal is gaisce  
Na bhfarraigí forard’.

Ar éadan mhín an uisce  
Siúd seanga-chruth na saileach  
Mar ghréas do rinne clisteacht  
Na méar ar shróll bhuídhaithe  
Is ní clos ach tuairt an chapail  
Is falaireacht an bháid.

## Amhrán Geimhridh

A' gleanntaibh iomadúla  
An deiscirt táid ag tíocht,  
A' lochaibh ciara iargúlta  
An iarthair táid ag tíocht,  
A' sléibhtibh Uladh clúmhla  
Na mbeanntlach' stoirmghnúiseach',  
Ó aillreachaibh cuisniúla  
Na mara mearbhallaí –  
Tá taisí deargshúileach'  
An gheimhridh allta ag tíocht.

Do-chím a ndealbh úrthach  
Tré ghlaise an aeir ag tíocht  
Mar mhachnamh gan subhachas,  
Mar mharbhna gan aoibh –  
Do-chím a ndreach éagsúlta,  
A mbaill chrithloinneach' lúbtha  
Tré choilltibh éaduilliúrach'  
Na gcnoc agh-lom ag sní,  
Daorthaisí deargshúileach'  
An gheimhridh allta ag tíocht.

Ar ball trén chopar umha docht  
Titeann brat gan teimheal  
De shneachta i bhfoirm chlúmthairt  
Éanta na marbhríocht  
Atá dá bhfaiteadh ar chiumhasaibh  
Na ngarraithe oighriúla  
I bhfighid na scáile i ndubhsmacht  
Aisléine an talaimh fhaoin –  
Tá taisí deargshúileach'  
An gheimhridh allta ag tíocht.

Thar sioc is reo na dtriúcha,  
Thar oighear na sruthann' síothach'  
Thar muiribh téachta ár n-ionsaí  
Atáid go tiubh ag tíocht,  
Ag breith leo fionta an dubhachais  
Fé dhéin ár gcine i múchna  
Is mil na míchinniúna  
Is bláthanna gan aoibh –  
Daorthaisí deargshúileach'  
An gheimhridh allta ag tíocht.

Ar eanaighibh diana á dtionlac'  
Tá orgán na síon  
Ag líonadh an aeir le dúchan  
A gceolta codarsnaí,  
Le confadh na mbrútach  
Ná facthas le súile,  
Is an oíche shéimh dá rúscadh  
Le héamh nach sona a bhrí –  
Táid taisí deargshúileach'  
An gheimhridh allta ag tíocht.

Ar maidin chítear iontas:  
An domhan a bhí tamall bríoch  
Lán d'aiteas agus lonradh  
Mar chorp ina mharbhluí  
Is aibíd fhuar na bhfionnscoth  
Nár fhás abhus dá chlúdach  
Is cóirí crann géaglomtha  
Dá fhaire fadaraíoch  
Is taisí buile-shúileach'  
An gheimhridh ina chroí.

## Siubhán

*(do mhnaoi SG)*

Do spailp an ghrian ach níor le heineach dúinne  
Do las arís an duilliúr a bhí úirfhliuch  
Is labhair na héin ón ghéig a bhí doilbh ciúin seal  
Nuair a d'éalaigh anam aiteasach ár múirnín.

Ró-fhada chuaigh sí uainn ina turas lonrach  
Siubhán an ghéire láigh do scriosadh múchna  
Do bheireadh léi soiscéal an tsonais chugainne  
A bhaineadh dár gcroíthibh fuíoll gach doirbhchúrsa.

Anois tá an choinneall ghlé a thug solas iontach  
Ag bás neamhfhial i bpiantaibh troma múchta  
Is má ghéireann féin le gréin an chruinne chumhra  
Is beag a thoradh san, adeirim, dúinne.

Sheol sí thar tairsigh mar a thránn a port ón tiúchruit  
Do líonadh halla seal dá torann subhachais  
Nó fé mar a scinnfeadh féileacán mearbhallach  
De bhláth an tsaoil fé dhéin an tsolais rúnda.

An cheannaghaidh gheal mar mharmarchruth clúdaigh,  
In ucht a máthar dáiligh í le cúram  
Caoimhleabhar a beatha beannaithe – sin dúnta:  
Sa chliabhán sróill féach sceol beag eile ag tionscnamh!



## Fantais ceo

Tá ceothanna na Samhna  
Ag teanntú solaisín  
Mhímheanmnaigh an lampa  
Ar ghob an lanntáin 'luím  
Is an cuaille féin go samhaltach  
San aladhomhan so buí.

Ina stad le hais an lampa  
Tá fannscáth fir de shíor  
Is a shúile aige go hamplach  
Ar dhallóig lonraigh tí  
Ná feictear falla anonn de  
Trén cheo ach cabhlach sí.

Sa tseomra ómrach amhantrach  
Tá bean ghné-cheansa ag cíoradh  
A folt fada fonnsach  
Os comhair scátháin – is chionn  
Íomháigh léi tráth dob ansa  
Ná fiú a dealraimh fhínn.

Is mar siúd le ceo gach Samhna  
Bíonn seisean ann de shíor  
Le cois an chuaille lampa  
Ag stánadh anall aníos  
Is ise seal le santacht  
Os comhair scátháin a gnaoi  
Ag brath ar fhear nach ann dó  
Ina treo go mall ag tíocht.

\* \* \* \* \*

Agus seo sinn féin, a chomplacht,  
Fé shobharthain inár suí  
Is ní thuigimid an t-amhgar  
Atá ag treabhadh a gcroí  
Ach ba fhrithir é an fronnsa  
Inar ceangladh, am, an dís  
Ag geimhliitheoirí Thanntail –  
Is géar a ngeall le n-íoc.

## Fantais coille

Do thréigeamar an gleo  
Ar son an chiúnais réidh,  
Is siamsacht an *chateau*  
Ar son an duifin shéimh;  
Do scaramar le feoir  
An locha mharbhghné  
Nár thaibhsigh spíc ach sceo  
De chorcracht an aeir,  
Is leath na beithí scód  
Dubhuaine torannmhaol  
Os cionn na slite crón',  
Os cionn ár n-aisling claon.  
Trí choill de chuid Chorot  
Do shiúlamar araon –  
Coill leathan ghoirmcheoch  
An iarthair mhodairléith.  
Níor chainteamar sa tseol  
Ach sinne taobh re taobh  
Ag siúl gan sosadh romhainn  
Gan cuspa seachas réalt,  
Réalt doirbh dúile aineoil  
Dár dtarraingt céim ar chéim  
Chun mothair thais neantóg  
I dtiúdas bhog na ngéag.  
Do stadadh linn d'abhóig,  
Is b'fhacthas dúinn sa chraos  
Radharc fantaiseach dearóil –  
Dhá chnámhlach béal re béal  
Ina luí sa chaonach chrón  
I lúib na scairte aimhréidhe  
Is chasamar fé sceon  
Ó log na dtinte baoth'  
Is de chéimibh malla bróin

Atriallam slí na gcraobh  
Do tháingamar fadó,  
Gan chuimhneamh, béal re béal.



as

*Dánta agus duanta 1941-1947 (1952)*



## Eachtra criosaintéimeach

Tré shamhain-doircheacht na gcaolghairdíní  
Féna gcuid donn-aibídí de chrannaibh a thuirling,  
Leathaid na bláthanna ard-ghasuaine buí seal  
Griantsoilse an tsamhraidh is sámhiríocht in éineacht.

Sa tseomra dóibh, crapshoilseach, socair, uaigneach,  
As a gcuid soitheach seanda cré lán doinne,  
Leathaid arís na bláthanna ard-ghasuaine  
Solas an lae ghil, solas cuimhnte is láiche.

Sa tseomra isteach nuair a chaolaigh Katia ina cuardaibh  
Go bhfacthas í ina deargchulaith cois clabhair ghil:  
Ina foltaibh donna atá mar néall camhaoireach  
Bhí bláth de bhláthannaibh ard-ghasuaine ag lonradh.

Im chroí istigh mar a líonaid srutha an iontais  
Is saighneáin iomaí ag spréachadh tré gach guairne,  
Tá fíor amháin ná tuirsíonn dá bladhmadh,  
Fíor blátha bhuí ghriantsoilsigh ard-ghasuaine –

Mar nóta ceoil do scaoileadh ag an Dúileamh  
Na cianta ó shin, do-áirithe, ón ríchead:  
Foirm, doighear lonrach, a tháinig tréсна glinnte  
Chun sochaid chiúin fé dheireadh thiar sa duain seo.



## An loch

In amhdhoircheacht na hoíche do rángamar ceann thuaidh  
An locha úd do luas leat – ball diamhar-rúnta bogchogarach.  
Tré thaibhseacha na gcrann beithe dob fhacthas dúinn an tráigh  
gheal ghainmheach

Is í ag glioscarnaigh go bogshoilseach aerachtúil.  
An tráth do stad an capall suas i lár na coille dob é a bhí tnáite  
tuirseach

D'éis turais dhuainéisigh tré bhaolaibh iomadúla. ...  
Stiúraigh an tiománaí sinn i dtreo na trá scoithghile  
Chun radharc ba ghrinne d'fháil ón bhforaois  
Ar uiscibh ciúine síothacha an locha, an loch anaithnid aerach.  
Níor chuala trácht air cheana ná mo chara ach an oiread. ...  
É ina luí ansan os comhair ár súl amach fé spéir dhuibhré is a  
bhruacha i gcéin fén scáth,

Mar sciath cruaiche do thit as croibh aindé éigin, sciath gan roc.  
Ar ball beag d'éirigh an pláinéad mór os cionn na sléibhte  
matal-dubhacha

Gur sháigh a chraoiseach airgid tré chompar an dubhaigéin  
chaomhálainn.

Bhí an tiománaí fillte go dtí an carr sa choill is é ag míogarnaigh  
go trom i gciúnas mhín na hoíche,

A chlóca donn mímhaiseach ina bhurla fána chorp: bhí an lampa  
leis ag míogarnaigh mar fhéileacán sa líon....

Ba ghearr go raibh ár n-éadaí sraithte ar ghainimh bhoig na trá  
Agus uiscí teo tanaí an locha ag cuilitheáil inár dtimpeall ...

Agus sinn ag snámh fé sholas shuaimhneach na réaltaí....

Lastall de dhroim an uisce bhí teorainní doimhseacha  
eascairdiúla na gcríoch ainiúil

Agus sinn inár n-aonar gan farainn ach an loch, loch na  
gcuimhneamh suanmhar....

Do scinn cearc uisce as praip sailí a bhí lámh linn: dar linn bhí  
Faonspiorad fáin ag gluaiseacht tré mhaothshoilseacht an aeir....

Do stad an t-am dá ghluaiseacht mheirbhthriallaigh....

Do stad mo chuisle –  
Ba chlos fuaim gunna i bhfad  
Mar ord an tsaoil ar inneoinn na cinniúna  
Go trom ag titim. Luascadh na mbileog báite!

## Amharclann an bháis

Mar a ritheann tuile dhonn  
I measc na mealltrach ceo  
Fé spaglainní na splanc  
Ó líne lampaí mór'  
Tá an marbháras trom  
Ina shráid nach amhantrach snó.

Is iomaí tais is samhailt  
Nach sona breabhaid darb eol  
Gach cloch den bhfalla theann,  
Gach leac den tseamlas reoch:  
D'éis báis nár bheannaigh ceall  
Ba dhídean am é dóibh.

Áit dhiamhair, áit dhubhlobhaidh  
In a dtaitheann fantais neoid  
Na saol do mhí-chum deamhain  
Na mísc le meabhail is móid....  
Agus cuimhnte léimeann' abhann  
Is na scine ar mheall na scóig'.

Is iomaí scéilín cam  
Is cluiche fealltach fós  
Do chríochnaigh tráth ina chom  
Fé scáil an scanraidh leoin:  
Is iomaí dráma leamhais  
Fuair ina chabhail a chóir.

Agus bíodh ná fuilid ann  
Anois ar lom na mbord  
Chím coirp na bpeacach fann  
Fé bhinn a n-odharscaoilteog:  
Fuílligh agus fadhbha fogha  
Díoltais nár mhall a thóir.

Bíonn scamall éigin do bhail  
Fén dtigh úd thall sa ló  
Agus méirneáil éigin crom  
San oíche os ceann an chró  
Agus séanaim é mar lobhar  
Gur chnaígh an chlamhra a chló.

Cé scar le fada anall  
Teach duairc na gcrannta bróin  
Le haíocht na marbh bodhar  
Do ghlac a shamhail de ghnó –  
Is ar chlár is fuarga fonn  
Féach corp is meabhair is meon  
Do thíre dílse ar lobhadh  
I radharc an domhain id chomhair.

## Nollaig Bheirlíneach

Tá na scríbíní tógtha is na cábáin ina gcaorthaibh den ór  
Fé bhraoithibh ardnósacha, déadla, doiléire an Schlóss  
Is na mangairí fórsach ag glooch a gcuid earraí is seod  
Tré ghlagaireacht cheolta na n-orgán garg don tslógh...

Ar bhéalaibh an Altesmuseum atá fillte sa cheo  
Tá puthairí deataigh lantaeirí na mbothanna seó  
Ag éirí is ag casadh ina gcuairscí móorthimpeall an Dóim  
Is ag méadú an duifin aiséinigh do chlúdaigh gach cló.

\* \* \* \*

Tré shneachta dhuibhreoite an Lustgarten leathain tá cóip  
An aonaigh le flústar ag foluain tharam gan gleo  
I gcuma-riocht scáilí i gcathair nach cathair na mbeo  
Nó mar imirt dubhslasrach as tintibh nár adhnadh i gcóir.

Lastall uaim cois droichid tá báid na canálach dubhshnóch  
Is iad gafa go daingean i nglacaibh an oighir is an reo  
I ndealramh na n-intinn do théachtaigh im mheabhair nó fós  
Mianta mearbhallacha an chroí seo atá casta in aimhreo.

\* \* \* \*

Siúd an Zeughaus dá bhuíochtaint ag na soilsí aibhléise fé  
dheoidh  
Gona thaisce seanchuimhneamh seanshaolta ná bainimse leo  
Is an Denkmal beag Gréagach iomchuachta in éagrothaibh bróin  
Ina scáil ghormghnúisigh ar leithridh ó shoilsibh an róid –

Mar a bhfeictear sa Linden na busanna buí ar a seol  
Fé lampaí geamhshúileacha is rothaí ná cluintear a nglór

Is na scáileanna daonna ag gluaiseacht mar chrothaí ar scód  
Fé scáth dhuibh eachdheibhe urranta Friedrich der Gröss...

\* \* \* \*

Agus mise mar iadsan im shamhailt do baineadh dá treo  
Nach fios di cá dtabharfaidh sí aghaidh nó cá conair do  
gheobhaidh –  
Taibhreamh Beirlíneach do mhearaigh mo chubhais as an  
nódh  
Is do chuir mé le fánaidh in aibhéis an amhrais dho-thomhais.

As an achrann dhoilbh, as an gcuilthe chorraigh éalód  
Gus an Tiergarten uaigneach a bhí tamall in éide den ór,  
Gléshrothach, éintsiansach, eachmhinic, lán áthais is ceoil  
Ag lorg na síthe idir teilí do lomadh fadó.

\* \* \* \*

Teilí mar chuimhneamh na mbruinneall ba gheal liom fadó  
A dhéanfadh fothain is foscadh dom smaointe ná ritheann ar  
cóir  
Is atá fuirste as ionad ag coraibh do mhaslaigh mo chomhacht.

Ina dhá leath dom chroí é bhéarfad ní fheadar cá treo  
Trén sneachta dá cháthadh idir bhraitinní solais is ceo.

## Grá éagmaiseach

*(iar Rilke)*

Múchtar mo shúile is go bhfeicfead fós tú,  
Mo chluasa plúchtar is aireod do chéim,  
Ar díth na gcos dom, leanfad go deo tú  
Is má stadann mo ghlórtha ní stadfaidh mo ghlaio:  
Mo ghéaga teascaigh, aithbhéarad barróg ort  
Le féithe mo chroí mar lem lámha féin:  
Coisctear mo chroí is lasfaidh ar nóimeat  
M'inchinn uait mar le barrach ón spréich  
Agus raghaidh an lasair ina tuile fhórsach  
Tré shruthanna glóracha m'fhola go léir!

## Cuibhrigh ghorma

An banda gorm ina ritheann buíon na réalt  
Ina lonradh chiúin mórthimpeall cruinne an tsaoil  
Is as amach a gheibhim tinfedh is blaodhm  
Lé gcumaim ceol go bhfilíocht don ré.

Ach banda gorm eile tá do réab  
Mo chéadfaí uile ina reannaibh a chuaigh dá raon,  
Banda do chosain croí is brollach séimh  
Colaim na finne ina chumhdach shocair séad.

Idir na crioslaigh ghorma aisnéidhim  
Tá m'aigne mar sheabhac san eadaraer  
Nach fios dó cé acu is sprioc dó – neamh na réalt

Nó neamh sians-aoibhinn brollaigh ghil na bé:  
Idir dhá shursaing ghorma chomhghlé  
Is cime cinnte anamshuaite mé.



## An soitheach Gréagach

A Katia, ar fhág na blianta siúil  
An cruth ionadhartha ab eol do rinn mo shúl –  
Ocht ráithe ó shin – gan on gan athrú,  
I bhfaghairt an eich, i mbreáthacht na gceithre dhúil?

Nó dála nimf chaolchosda an tsoithigh úd  
As Attica atá sa chlabhar, ar fhúig  
Saitíreacha na mianta frithire smúid  
A suiríochta forránta ar do ghnúis?

Ní creidte san, a scéimh is doinne lúb!  
Is léir id líofacht mhilis, bhanda, tú  
Ar d'each sheang Ghallda ag glanadh fáлта dlúth'

Na bpáirceanna cois Caim na ngiolcach ciúin  
Nó tríd an leoithne thar mhachairí Huntingdúin  
Id shíofra fhionn ag gabháil led chonairt umhail.

## Sreanga beo

An phreatainn bhán nuair a scaraim ar an mbord  
Is an cleite geal nuair a bheartaím i gcóir  
Chun litir chugat do scríobh, go scríobhaim fé dhó,  
Ar phár, ar thaibhlibh t-aigne, a stór....

Aibhéis aintsrianta eadrainn más dóigh,  
Eadrainn tá righte nascanna fíorbheo  
Mar shreing na saighead sa bhogha in inneall chóir:  
Cé a bhainfidh trá mo smaointe ort dá seol?

Sínim mo lámh tré spás an aeir id threo  
Ag míniú is ag ceansú t'fholt mar ór  
I míorúilt seo an chleite chaoin im dhóid....

Agus deineann de gach litir aibidh rós,  
Rós cuimhnimh dearg nó an rós nach rós,  
Finneacht do scéimhe i bhfírinneacht im chomhair.

## Lá 'le Muire sa bhFómhar

Bhí an séipéal lán de bheannaitheacht an adhartha  
Is láithreachas Dé ar ollaltóir á fhoilsiú  
Ag foirinn sagart díograiseach, culaith-shoilseach:  
Coinnle i bhfail na gréine is blátha ar adhaint ann:

Is bhís thar chách ann cromtha roim an Mhaighdin  
Féna coróin as scamallaibh ag éirí:  
Do measadh dom – nó dom ab ea gur taibhreamh  
Gur gháir sí liom mar dhuine a thuig dom chradhscal?

Do lean i bhfad an imirt naofa im radharcas;  
Bhí cloig ag craoladh minic-theachta an adharthaigh  
Gur ghéill mo chroí do bhrí gach diamhair-bhladhma:

As obann ghaibh trém anam suaite saighde  
An áthais naoimh san íobairt mhinic a faighreadh  
Am aontú leo is leat i mbáidh ná caillfear.

## **An Phoblacht**

*(iar gCamoens)*

An eagal leat í? Féach í ina codladh suain,  
Bandia an chatha agus an chogaidh bhuaín:  
Ina timpeall, féach, tá fraoch an gheimhridh fhuair  
Is dorchadas roim breacadh an lae athuair.

Ná ceap gur meisce a d'fhágaibh í i suan,  
Tromchodladh sámh a thug ól na bhfionta suairc' –  
Ar ionnas Danté tá a spiorad ar cuaird  
I saol na scál go dtiocfaidh lá chun bua.

A chlann na gcnoc, a chlann na ngleannta duairc',  
Tógaig' in airde bhur n-airm ghreanta ghluair'  
I solas bhreá a gnúise is a caille anuas!

Gearraig' go doimhin an brollach álainn uais!  
As gach aon bhraon dá fuil dá silfidh uaidh  
Léimfidh chun gníomha laoch gan loiceadh suas!

## An tseanbhliain

Ar t'uaigh, a bhliain, is mó san osna a léigim  
Is leagam iomad bláthanna ar do chré-chuilt,  
Seanrósaí críonna is oragán in éineacht  
Im mharbhna fé sholas fhuar na gréine –

Táthán as Páirc an Ídigh, raithneach éagtha  
Ón Choill Bhúlónaigh is *edelweiss* síor-ghléineach  
Ón Zú Bheirlíneach is tuilleadh fós den tréad san  
Do stathadh liom im thrialltaibh imigéineach'.

Faigh bás, a bhliain, tar éis do dhíchill thaodmhair,  
Is mó san ionadh gleoir is eachtra shéadach  
Do riarais chugam as iosta-log na laethe –

Is mó san cuimhneamh aoibhinn, crithir, éadrocht  
A d'fhágais im chomhair ina oidhreacht shona, shaolaigh,  
Ábhar taibhrthí iomadúla is blas aiféala.

## Ronsard agus Helén

*(Ronsard)*

An tráth go mbeidh tú aosta is tú id shuí  
Cois tine ag tochrais leat le solas buí  
Na coinnle is tú ag rá mo rann le rinn  
'Mhol Ronsard', déarfair, 'mise ar mhéid mo ghnaoi'.

An nóimeat san cé cortha traochta í  
Ón tsaothar dhian níl bean de lucht do thí  
Ná bíogfaidh suas m'ainm nuair a chloisfidh sí  
Is molfaidh t'ainm féin le moladh fíor.

Beidh mise ansan fén bhfód im thaise gan bhrí  
Ar scáth na miortal dubhach go suaimhneach síothach  
Is tú id aon cois teallaigh crom le haois

Ag caoi mo ghrá-sa is uallachais do chroí –  
Ná bac an lá amárach, mair go binn  
Is bláthanna an tsaoil seo bailigh chugat gan mhoill.

## **An dá chlochar**

Ina n-áras naomh i measc na gcrann cairdiúil  
Go dtimpeallaid réimsí báin ina n-uaineacht úir,  
Chím na mná rialta, scáil i ndiaidh scáile ar lúth  
I mbun a gceárd dea-ordaithe coschiúin.

Go síltear leat go bhfuil an tsíoth ó thús  
I seilbh gach a bhfeictear – fiú an bhúird  
Dhonntslíobtha, chruinn, ghlanordaithe parlúis  
Is an tsoithigh scoth scáthghorm os a chionn.

Cuid acu atá ina séipéal lách ar glúin  
Roim Máistir a riarann slí a miochair-shiúil  
Ina lampáí daonna ar dó le seirc ná scumhann....  
Ar ball beag scaoileann iomann bá a rún.

An clochar a ghnáthaim, Cam is dia ansúd  
Is an Bás le goimh ag brath an dráma dhubhaigh.

## September

Teacht Mheithimh Fhómhair arís is clos athuair  
Amhráin an Earraigh úir dá ngabháil go buach  
Ag éanta an aeir, nuair a bhí an bhliain go nua  
Do líonadh seal ár bhfirmimint go dual:

Ar dtúis an spideog bhrolladhearg luaim,  
An dreoilín mion ón íobairt fola a chuaigh  
Is gealbhain ghiúise ag bíodaireacht gan bhuairt  
Mar ghaibhne sí ag pleancadh inneonach' fuar'.

Éistigí leo! An oirfideacht seo suairc  
Ní fada arís go scaoilfear í chun suain  
Is lucht an chanta is gearr anois, monuar,  
Thar farraigí aineoil go mbeidh a gcuard.

Ní taise leis d'fháinleog na n-eití luath',  
Dála mo dhóchais imeoidh an fháinleog uaim.





as

*Duanaire a sé 1947-1965 (1966)*



## Aonach na neathanna

Siúd é díreach ar seol  
Aonach na Neathanna,  
Is an fothram ná deineann an sló  
Deinid na dathanna.

Scríbíní líonta de stór  
Is daoine ag imeacht ar mearathal,  
Leanaí gach aoise ag spóirt,  
Geocaigh, gíofóga is mangairí.

Cábáin ag cailleacha crón'  
Ag insint na gcártaí d'ainniribh,  
Nó ag baint as a gcriostal dea-nócht  
Nó a' basaibh éachta is eachtra.

Siúd an táirm is an gleo,  
Na capaill ghuairneáin leo ag radaireacht,  
Marcaigh in airde agus ceol  
Dá stealladh ina códaibh measctha.

Srianta is diallaití óir,  
Carbaid niamhracha is carranna,  
Eilifint, fianna is cóip  
Na n-óg ar aon bharr aiteasa.

Clampar is fothram is ceol  
Ag líonadh idir chnoc agus mhachaire,  
Is an abhainn gan focal as a beol  
Ag imeacht ón gheoin glaoch asaile.

Is rithim ón gcampa seo im chóir:  
Is é an saol é im chóir, fíor-aithnim,  
Ag casadh ina chuardaibh go leor,  
Báite go sróin insa dearmad.

## Cill Mhuire Nua

*(foirm aoir ar sheanamhrán dúchais)*

Is buachaill le polaitíocht mé a shiúlaigh a lán  
Ó chuas-sa le maitheas an phobail;  
An uair úd dob ionraic gan spot í mo cháil,  
Mo dhualgas don cheartas do rinneas;  
Ba neartmhar, ba chaithiseach, cróga mo ghníomh,  
Ní chasfaí go brách liom nár chórach mo shlí,  
Bhí Gaeilge im phlucaibh is misneach im chroí  
Sular fhágas seanmhuintir Chill Mhuire.

Nuair a d'agair an Píarsach gur mhithid do chách  
A raibh feidhm ann go nglacfadh an gunna,  
Do bhíos-sa chomh haibidh le héinne chun lámhaigh  
I sráidibh nó amuigh ar na cnocaibh;  
Ba chliste mé i gcathaibh chun pléascáin nó caoir  
Do chaitheamh i dtrucail de shaighdiúirí buí,  
Beairic do choscairt nó píléir do chloí,  
Nuair a d'fhágas seanmhuintir Chill Mhuire.

Ina dhiaidh sin ní mé a bhí chun deiridh aon tráth  
Chun na duanna móra a d'fhulaing;  
I gcampaí príosúnach do mholtaí mo speán  
Is a fheabhas do bhí mise chun troscaidh.  
Fé dheireadh do rinneamar sos agus síth  
Leis an gcomplacht a bhí ag iarraidh le cleasanna nimhe  
Ár mbratach, ár dteanga is ár gcine a chur síos  
Is d'fhilleas ar mhuintir Chill Mhuire.

Níorbh fhada ann domsa an pobal gur gháir  
Orm féinig chun saothair a thuilleadh,  
Is le guthanna móra do chuas insa Dáil  
Chun ár gcuspóir i gcrích cheart go gcuirfínn.  
Agus siúd é an fáth dhuit go bhfuil Éire gan teimheal,

An Ghaeilge in uachtar i ngach cúinne den tír,  
An Béarla gan labhairt is an Galldachas síos,  
Is an díbirt ar mhuintir Chill Mhuire!

## Fuinneog an bhláthadóra

Do stadas nóimeat diair le cois fuinneoige  
Domhain-scáfaire síúla an bhláthadóra  
Ag breithniú na bplandaí scothacha beoga  
A bhí feistithe istigh go connail-nósach.

Músclaid im mheabhair, meabhair bhíogach fhada-ródach,  
Pictiúirí canta as saol na sléibhte órga  
Is gaoth na ruag ina bhfada-scuabaibh thórsa  
Is na néalta á mbreacadh le scáthannaibh den ómra.

Adeir an ticéad geal liom: *Escallonia!*  
Adeirid féin liom: ‘scinn ar luas ón ngleo-bhroid,  
Sír grian is aer, tóraigh saoirse is dóchas,  
Éanta ag seinm, bába ar chnoic ag ceoladh...’

Fé mar do bhainfeá silleadh súl id ródaibh  
Den bhflaitheas féin tré scoilt bhig ins na neolta  
Nó cuimhneamh luisneach lonn na laetha órga  
Ad phriocadh obann as riasc na modarmheonta,

Do chuas ar aghaidh ar mo mhaolaistear gnótha  
Agus greim do-scaoilte ag m’aighe ar m’aisling nóimit:  
Beart plandaí geala ina mbraighdibh bláthadóra  
Is an domhan go léir de scéimh ina gcontanósaihb.

## **Plato don bhfile**

Tuig duit, a fhile, ar mhionnaigh an Gréagach:  
An té úd ná feictear ann buile an Naonúir  
Is go dtugann fén bhfilíocht do chumadh le héirim,  
Gan chuige ina chumas ach tuiscint is céardacht  
Is ealaín dá ligean tré dhoras na héigse,  
Chífidh sé ar cumadh leis de thoradh na céille  
Buailte go furasta ag oibreacha an éagainn:  
Bíodh agat chuige sin mire na mBéithe!



## Nóra

Ar saothar i measc do chuidse crann róslíonmhar  
Ó dhos dhuilliúrach go dos duilliúrach aoibhinn  
Ag sciocadh anseo, ag sciotadh ansiúd nuair a chím thú –  
Mar dhia den Ghréagacht, crothach caomh do chím thú.

Ar shráid Rómhánaigh ó thigh go tigh nuair a chím thú  
Ag grinneadh seoid anseo, ansiúd geal-shíoda,  
Le Lydia éigin de chuid Chatullus íogair  
Ar Via Merulana chraobhaigh bímse.

Ar shlí, is deacair dom go mór a shaoilstin  
Gur cuid dem shaol – ní hea ach cuid díom féin tú,  
An neach seo seada soilbhir a thit im líontaibh.

Bailímis linn go lochbhruach Nemi draíochtach  
Is faighimis fios an cad ina thaobh do-inste  
Do-bheir le chéile i bparthas gan scím sinn.

## Patricius

Do stoitheadh é, lá gréine, ina stócach ghroí –  
Deiseacht is neart na Róimhe ann gur fríth –  
Ag dream de laochra garbha na nGaoidheal  
As gairdín Móna Chonaing, caomh an chríoch.

Do dhíoladar na fiairí feá mo rí  
Le bodach éigin d'aicmí Uladh thíos  
Is cuireadh é ag aoireacht muc sa choill,  
Dála is gur duine an naomh dá fhine bhaoith.

I dtír sin chlaoín na mioscas is na mísc  
Fuair sé san uaigneas caradas nár shíl:  
Do labhair leis as na flaitheasa guth fíor.

D'iompaigh an radharc. D'imigh agus d'fhill,  
Is lena lóchrann loisc. Le sciúirsí sciord  
Na toirc úd allta isteach i gcróite Chríost.

## Easach Eileanóra

Cérbh í an bhé ór ainmníodh an áit seo  
Den Dothra chiúin ar fothain crann seanársa,  
Mar sciurdann sí go fothramúil forránta  
De léimrigh síos tar éis a sléibhte d'fhágaint?

Banphrionsa éigin a scinn thar múrtha láidre  
Longphoirt Fhionn-Ghallda Dhuibhlinne ar lorg sánais?  
Nó marcach mná de chuid na Normánach  
Ag blaistint ceoil an esaigh shí do tháinig?

Nó máistreás mhaorga mhín an chaoinchaisleáin úd  
Atá ar bharr an ailt féna dhosaibh áille  
Do rialaigh tráth an sruth, a muilte, a rátha?

B'fhéidir nárbh ea ach sióg de leanbh ghrámhair  
Do rith na poirt seo ré leathuaire fánach  
Is d'fhág idir ainm is anam nua dá mbreáchtaint.

## Eipeasód

(1935)

Sa Tiergarten gona mothar teilí lom'  
B'ea chonaiceas an cruth a d'fhág fite im chom  
An lasair mhion atá ó shin am lobhadh,  
An ghormshúileach ghormghléasta thall.

Tré *allée* ghormgheimhreata na dtamhan,  
Gan duille seachas duille an tseaca ann,  
Ar urlár reoite, le bualadh cruite trom'  
A capall gorm, siúd ina shaighid, mar amhailt...

Sa tslí níor fhan ach imeacht léi gan bheann  
Ar shruthaibh oighir ná ghreamanna na dtom  
Gan d'aithle an radhairc ach cuimhneamh, cuimhneamh lonn

Ar ghormfhís tré ghormchianta crann  
I dtreo na ngormcheotha i bhfad anonn  
Is mise i sáinn Wagnéaraigh, fágtha fann.



as

*Ar an tslí abhaile:*

*Duanaire a seacht 1966-1979 (2012)*



## HMS An Bhreatain

Tá an long bhreá mhear An Bhreatain  
Stadta dá turas fé dheoidh  
Mar an ártach guail do bascadh  
I lár Loch Lurgain mhóir.

Is é béaloideas buí na nUltach  
Do bhain í gan bhaol dá treo  
Is d'fhág í gan bhaol i riochta  
A báite féin go deo.

Tá na francaigh go mear dá tréigean,  
Iad féin is a n-ualáí óir,  
Is is gearr a sheasfaidh sí an t-éigean  
Ina bhfuil sí dá crá go fóill.

A long mhór, baistim faraor ort  
Dá fhaid iad do chúrsaí seoil,  
Is imeoir leat go dtí an t-íochtar  
Do shloig fadó an Róimh.

Ach is é cúis m'ímní féinig  
Is tú dod bhá sa ród  
Go sloigfear leat in éineacht  
Sinn féin inár gcurach dhearóil!



## Hydrangea gorm

*(Rilke)*

Amhail dheasca na huaine a bheadh fágtha in ártach datha  
Na duillí seo atá tur in easpa snasa;  
Laistiar dá dtriopall scoth tá gorm aca  
Nach gorm é muran gorm i bhfad ó bhaile.

Scáil í mar ghnúis fé dheora, fann mar thaise,  
Ar chor go mbeadh arís ar tí é a chailleadh  
I samhail seanpháipéir scríofa ghormdhaite  
I bhfeicfeá buíocht is corcaireacht is glaise.

É sciúrtha as mar a bheadh i leanbh-racaid  
I gcúil ar meath ná bainfí úsáid aisti.  
Rud a mheabhraíonn dúinn gearrshaolacht leanbh-bheatha.

As obann chír an gorm sin athlasta  
I dtriopall díobh, fíorghorm cuanna cneasta  
Ar measc na huaine scaoilte is é in aiteas.

## **Klare Von Reuter**

*(Andrade)*

Lán de thorthaí siúcra do ghlóir  
Dreapann go dtí an cúigiú hurlár  
Ciúb criostail an ardaitheora.

Beireann an traein fé thalamh  
Solas oráisteach do chraicinn  
Tré tholláin leathana.

Scaipeann an bus  
Feadh slí poiblí a lascaí cruithneachtan  
Roim corrán niamhuaine do shúl.

Mar leabhrán gloine, taispeánann  
An doras iompúch *ex-libris* do choirp  
Ar an leathanach deiridh.

## **Gairm an scátháin**

*(Andrade)*

Nuair a dhearmadann gach rud a chruth is a dhath  
Is go bhfillleann na fallaí iar ngabháil ag an oíche  
Is go dtéann gach rud ar a ghlúnaibh, imíonn nó measctar,  
Fanann tusa amháin id sheasamh, a láithreacht shoilseach.

Gabhann do thréantoil os cionn na scál.  
Do thost mianachúil, taitníonn sa doircheacht.  
Mar cholúir obanna  
Cuirir teachtaireachtaí rúnda chun na rudaí.

Síntear na cathaoireacha san oíche is fanaid  
Le haoi neamhréadúil i láthair méise scáile  
Agus is tú amháin a aithriseann de ghlanmheabhair  
Ceacht ón tsolas, a fhinné tharshoilseach.

## **Don oíche**

*(Foscólo)*

B'fhéidir gur tú, thar aon, íomháigh cheart  
An chiúnais deiridh do theacht fém dhéin gurb áil liom,  
A oíche! Is nuair a bhíonn fionn-néalta an tsamhraidh ad  
ghráchtaint  
In aoibhneas fhada, is fársta leoithní sámha,

Nó arís nuair a bheirir leat as aer fhuarálach  
Dorchadais mhóra anuas ar dhomhan neamhfháilteach,  
Téaltaír anuas dála is mar glaoth os ard ort,  
Leanair id réim domhaintslite rúin mo láirse.

Seolair ansin mé is mo smaointe sa chaoinchosán sin  
A ritheann fé dhéin an neamhni shíoraí láithreach:  
Sin am ar ceal, agus leis, an uile chránas

Do mhill é is a mhilleann mise i ndáil leis:  
Is fad is a bhreathnaím ort id shuaimhneas álainn  
Cuirtear a chodladh an cuthach a bhíonn am cháibleadh.

## Nóta ar chóiriú an téacs

Ón uair gurb é príomhaidhm an chnuasaigh seo léitheoirí a spreagadh chun dánta Liam Gógan a léamh, chuireas romham téacs chomh soléite agus ab fhéidir liom a chóiriú gan an dath faoi leith a bhaineann le guth dÍlis an fhile a chaolú rómhór. Ceann de na dúshláin a bhaineann le filíocht an Ghóganaigh a chur in eagar is ea nach leanann sé féin na nósanna tríd síos ó thaobh litriú na bhfocal go háirithe. Tar éis an tsaoil, mar atá ráite ag Fidelma Ní Ghallchobhair sa réamhrá breá a chuir sí le *Ar an tslí abhaile: Duanaire a seacht* (2012), bhí ceithre chnuasach filíochta i gcló cheana féin ag Gógan fén am gur foilsíodh an chéad eagrán de *Litriú na Gaeilge: An caighdeán oifigiúil* sa bhliain 1945. Chomh maith leis sin, ar ndóigh, bhí an seanchló Gaelach fós á úsáid nuair a thosnaigh sé amach is tá meascán mar sin den seanchló, den gcló Rómhánach, agus den gcló Iodálach, sna bunleabhair aige. Maidir leis an seanchló Gaelach, bhain sé feidhm as dhá leagan éagsúla de. Fágann san nach bhfuil litriú na bhfocal de réir a chéile tríd síos ag an bhfile féin ó thosach deireadh a shaothair. Mar áis don léitheoir mar sin, tá cóip de na dánta mar a foilsíodh iad sna cnuasaigh éagsúla ar fáil ar an dlúthdhiosca atá faoi iamh leis an leabhar seo. Leis sin, is féidir éagsúlacht na gcoinbhinsiún agus na nós imeachtaí a chleacht an file agus a chuid eagarthóirí a bhrath agus a chur i gcomparáid leis an gcóiriú atá déanta ar a chuid dánta sa leabhar seo. Tá na dánta san ord a bhfuil teacht orthu sna bunchnuasaigh, ach amháin na dánta as *Ar an tslí abhaile: Duanaire a seacht*, atá curtha le chéile agam ar shlí a threisíonn leis an taibhsiúlacht atá chomh láidir sin i bhfilíocht an Ghóganaigh.

Is léir ón dá chnuasach dheireanacha aige gur ghlac Gógan le cuid éigin den simpliú a bhí déanta ar litriú na Gaeilge lena linn:

Bíodh go raibh an Dr Ó Duinnín, cara agus comhoibrí, go mór i gcoinnibh na Litreach Rómhánach agus an litriú shimplí, agus fáth a dhóthain aige leis, níor ghéilleas ar fad dó sa tuairim: fad is bhí an raic ar siúl fadó chlóbhuailas mo dhara leabhar, ní as litreacha Rómhánacha acht as litreacha Iodálacha – rud do shaor mé ar gach aon taobh! Thosnaíos féin ar an rialtacht nua in eagar a 1927 den bhfoclóir le *-as* in áit *-us* in eireaball focal, agus *-aidhe* in áit *-aighe*, agus aroile. Aontaím leis an gcuid is mó den tsimpliúchán nua, ach ná h-iarrtar orm ‘ionadh’ do chur in áit ‘iongnadh.’ Seo é an chéad leabhar dem shreath a bhfuil na h-athruithe cló úd i bhfeidhm ann, agus is mór an compord iad ag aon scríbhneoir.

(*Duanaire a sé* 1966: 7-8)

Mar chompord don léitheoir, tá na dánta tabhartha níos giorra fós don gCaighdeán Oifigiúil agus don litriú simplí sa leabhar seo nuair ab fhéidir é sin a dhéanamh gan cur isteach ar rím ná ar mheadaracht an dáin. D’fhágas na focail ‘ceo’, ‘boird’ agus ‘reo’ mar a bhíodar ag an bhfile sa dán ‘Samhain’, mar shampla, ar son na ríme, agus chun fuaim na bhfocal mar a theastaigh ón bhfile féin, ní foláir, a thabhairt slán:

Samhain an áir ó tháinig chugainn fé dheoidh  
Fé bhrataibh cumha noch d’fhigh na síobhraí ceoigh  
Leagtar na búird fé bhiannaibh go cóir  
Go bhfeartar Féile Moingfhinne an reoidh.

‘Samhain’

D’fhágas an tseanmhír choibhneasta ‘noch’ mar a bhí sa dán sin chomh maith chun an tseanaimsireacht a bhain le filíocht Gógan fiú amháin i measc a chomhaimsireach féin a léiriú. Tá focail neamhchoitianta den tsaghas san mínithe sna nótaí ar dhánta aonair a thugtar i gcúl an leabhair seo.

Cé gur leanas coinbhinsiúin na linne seo den gcuid is mó, theastaigh uaim oiread agus ab fhéidir den dath faoi leith a bhaineann le guth an fhile a choimeád nuair nach mbeadh sé sin ag teacht rómhór idir an léitheoir agus brí an dáin. Cé go bhfuil an t-urú ar an nginideach iolra den aidiacht ('Wordsworth na bhfocal bhfiúntach') bainte amach mar sin, tá an seantuiséal tabharthach den ainmfhocal san uimhir iolra fágtha mar a bhí aige féin ('i mbriathraibh móra'), agus an tseanfhoirm den ainmfhocal agus den aidiacht sa tuiséal tabharthach uatha ('ar ghainimh bhoig'). Sa tslí chéanna, níor chuireas isteach ar an nós a bhí aige dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile a chur sa tuiséal ginideach san áit go molann an Caighdeán Oifigiúil an chéad cheann a chur sa tuiséal ainmneach agus a shéimhiú ('coinnle cumhra tí an domhain'; 'déis teaspaigh an lae'; 'os comhair scátháin a gnaoi').

Tá go leor eile de na tréithe teanga a bhaineann le guth filíochta Gógan nach bhfuil ag teacht leis an gCaighdeán Oifigiúil, a bheidh soiléir a dhóthain mar sin féin don léitheoir díograiseach. Cé nach gcloíonn sé le haon chanúint amháin tríd síos, tá tréithe áirithe teangan sna dánta aige a bhaineann le canúint Chúige Mumhan, mar shampla: an fhoirm tháite den mbriathar ('cónaíd'; 'taoi'); foirm dhiúltach neamhchaighdeánach den mbriathar ('ná dúnann'; 'ná faca'); an fhoirm dhiúltach den saorbhriathar gan séimhiú ('ní glanfar'; 'ní cluintear'); an mhír réamhbhriathartha 'do' ('do ghaibh sé'; 'do bheifeá'); an réamhfhocal 'roimh' gan séimhiú ('roim suan'); 't' roimh 's' i dtús focail nó i lár comhfhocail i gcásanna áirithe ('ón tsolas'; 'sa tseomra'; 'griantsoilse'); leagan ciorraithe den réamhfhocal 'as' ('a' basaibh'; 'a' gleanntaibh').

Ó thaobh poncaíochta de, leanas caighdeán an lae inniu maidir leis an bhfleiscín ach amháin i gcás comhfhocail áirithe nuair ba shoiléire a mbrí ach an fleiscín a choimeád ('cré-chuilt', 'gné-cheansa, 'culaith-shoilseach'). San áit gur úsáid Gógan uaschamóga mar chomhartha go raibh focal ciorraithe aige, chuireas isteach an focal iomlán in áiteanna nuair ab fhusa dá

réir brí na líne a leanúint ('sp'rid/spiorad'; 'c'luith/culaith'). Sa chás go raibh focal ciorraithe aige i ndeireadh líne mar mhaithe le rím, chuireas uaschamóg isteach chun an focal sin a shoiléiriú nuair nach raibh sé déanta ag an bhfile féin (choích/choích'; maoin/maoin'). Tá 'id' (i do), 'dod' (do do), 'lem' (le mo), agus a leithéid fágtha gan uaschamóga le súil go bhfuil cleachtadh ag an léitheoir ar a leithéid pé scéal é sa scríbhneoireacht chomhaimseartha.

Maidir leis an réamhfocal 'a' agus an mhír choibhneasta 'a' atá fágtha ar lár den gcuid is mó ag Gógan mar a bhíonn, de ghnáth, sa chaint, ('é leigheas'; 'an rud bhí uaim'; 'nuair labhram') táid curtha isteach agam sa leabhar seo ar son na soiléire ('é a leigheas'; 'an rud a bhí uaim'; 'nuair a labhram').

Níor dheineas aon chur isteach ar an litriú neamhchaighdeánach a bhí ag an bhfile féin, nuair ba shoiléire an córas rime aige ach an litriú a fhágaint mar a bhí. In 'Taithleachas', mar shampla, teastaíonn litriú neamhghnách an fhocail 'sampla' i ndeireadh an chéad líne ar son na ríme:

An amhlaidh a mheasfá dom go leanfainn sómpla  
Ár bhfilí dúchais – dream bocht aimid óltach,  
Cam-bhladar béil nó aithis gharbh scólta,  
Caoineadh na marbh maol i mbriathraibh móra?  
‘Taithleachas’

Sa cheathrú líne ansan, is léir gurb í foghraíocht Chonnacht a theastaíonn chun an rím ag deireadh na líne a shlánú. Ina shaothar tríd síos, níor leasc le Gógan tarraingt ar pé canúint nó pé litriú a d'oir dá dhán. Tá 'ceárdacht' agus 'céardacht' aige i ndánta éagsúla, mar shampla, mar mhaithe leis an rím. Ar son na ríme, leis, de ghnáth, bhí nós aige lagiolra a dhéanamh de thréaniolra sa ghinideach, rud a bhí coitianta tráth sa bhfilíocht ('gárthach comhbhách na slua'; 'os cionn ár n-aisling claon').

Cé go bhfuil roinnt mhaith dánta aige atá simplí go leor ó thaobh ionramhála teangan de, is í an deacracht is mó a



bhaineann le filíocht Gógan i gcónaí ná an friotal casta atá in uachtar sa chuid is mó dá shaothar. Mar áis don léitheoir, tá nótaí an fhile ar na dánta i gcúl an leabhair seo agus gluaiseanna dá chuid siúd a mhíníonn roinnt de na focail chrosta, chomh maith le nótaí breise liom féin ar nithe eile a d'fhéadfadh teacht idir an léitheoir comhaimseartha agus brí an dáin. Tá litriú na bhfocal i nótaí an fhile simplithe agam in áiteanna mar atá sna dánta féin. Sna nótaí agam féin, tá tagairt ó am go chéile don dara heagrán d'fhoclóir an Duinnínigh chun brí focail a shoiléiriú. Ó chaith Liam Gógan ceithre bliana ag obair ar an bhfoclóir sin, ní foláir nó tá míniú na bhfocal ansan gairid go maith don mbrí a shamhlaigh sé leo ina chuid dánta. Chomh maith leis sin, braithim go bhfuil pointeálacht sheanaimseartha an Bhéarla sa bhfoclóir ag teacht go maith le guth léannta uasal Gógan féin. Na focail neamhchoitianta nach bhfuil nóta orthu sa leabhar seo, tá teacht orthu ar fad, geall leis, i bhfoclóir Uí Dhónaill.

## Nóta buíochais

Táim fíorbhuíoch d'Fhidelma Ní Ghallchobhair a thug dom cóip dá heagrán féin de *Ar an tslí abhaile: Duanaire a seacht 1966-1979* sular foilsíodh é, agus a phléigh a modh cáiréiseach eagarthóireachta liom go mion, do Chumann na dTéacsanna Gaeilge a cheadaigh sleachta as foclóir an Duinnínigh a úsáid, do Mhichéal Ó Cearúil, do Cholm Breathnach, agus do Phádraig Ó Fiannachta as a gcomhairle fhlaithiúil, do Shamantha Williams a scannaigh na bundánta dom, do Johnny Gógan a chuir na grianghrafanna ar fáil, agus do Bhrian Gógan a cheadaigh an t-eagrán seo de dhánta a athar a chur le chéile agus a chur i gcló.

# Nótaí ar na dánta

Tá cló iodálach ar nótaí an eagarthóra tríd síos; is ó láimh an fhile gach aon ní eile.

## Na coisithe

<i>ag siúl</i>	<i>'ar siúl' atá in Dánta agus duanóga 1919-1929 ach 'ag siúl' atá i leagan láimhscríofa den dán</i>
<i>anamna</i>	<i>anamnacha</i>
<i>i gcónaíd</i>	<i>ina gcónaíonn siad</i>
<i>i bpúnc</i>	<i>i bponc</i>

## Aiceantacht

<i>aiceantacht</i>	<i>nádúrtacht</i>
<i>artha</i>	<i>ortha</i>
<i>glínn</i>	<i>glínn (síneadh fada ag treisiú leis an rím)</i>

## An linn

<i>lí</i>	<i>geal, álainn</i>
<i>taoi</i>	<i>tá tú</i>
<i>naoidhe</i>	<i>naí, leanbh</i>
<i>cnáid</i>	<i>a scoff, a jeer, a flout; vexation, annoyance (Dineen)</i>
<i>sínir</i>	<i>síneann tú</i>
<i>bír</i>	<i>bíonn tú</i>
<i>crithir</i>	<i>critheann tú</i>
<i>in íodhnaibh</i>	<i>i bpianta</i>
<i>taibhrthí</i>	<i>taibhrimh</i>
<i>cás</i>	<i>trioblóid</i>
<i>tigeann</i>	<i>tagann</i>
<i>is foisce</i>	<i>is giorra</i>
<i>eisión</i>	<i>neamhghlan</i>

## Samhla

*reanglamán,*

*a miserable looking person or animal,  
a sickly person, one complaining but  
not seriously ill, a valetudinarian  
(Dineen)*

*i bhfail*

*in éineacht le*

*scothóg*

*bláth, (ginideach iolra)*

*sciórdann*

*sciurdeann, téann de rúid*

*cáidh*

*glan, naofa*

*arrachtaí*

*taibhsí*

*chíd í*

*feiceann siad í*

*biógaid*

*bíogann siad*

*buí-chas*

*buí agus casta*

*ní thiocfaid*

*ní thiocfaidh siad*

*díomdhach*

*dissatisfied, ungrateful, vexed  
(Dineen)*

*téid*

*téann siad*

*breathnaíd*

*breathnaíonn siad*

*doimhin díogach*

*ní foláir nó cáilíonn na haidiachtaí  
an focal ‘míntsruth’*

## An Ghaeilge

*taoi*

*tá tú*

*ón droichead*

*ón droichead adhmaid; toisc*

*chrainn*

*feidhm aidiachta a bheith leis an*

*bhfocal ‘crann’ agus é sa tuiséal*

*tabharthach uatha, tá sé séimhithe*

*agus caolaithe ag an bhfile*

*tharat (litriú eagsúil ar son na ríme)*

*thorat*

*ad*

*do do*

*tím*

*tim, lag*

*stríocadh*

*géilleadh*

*tíocht*

*teacht*

*mar ataoim*

*mar atáim*

## Taithleachas

<i>foighid</i>	<i>foighne</i>
<i>do léis</i>	<i>léigh tú</i>
<i>díble</i>	<i>traochta</i>
<i>corr</i>	<i>a pit; hell (Dineen)</i>
<i>síordha</i>	<i>síoraí</i>
<i>adúras</i>	<i>a dúirt mé</i>
<i>sómpla</i>	<i>sampla</i>
<i>aimid</i>	<i>amaideach</i>
<i>aithis</i>	<i>masla</i>
<i>bia/ní bhia</i>	<i>beidh/ní bheidh; seanfhoirm den mbriathar 'bí' san aimsir fháistineach</i>
<i>ní héirí d'fhile</i>	<i>ní fèidir le file éirí</i>

## An dá theanga

<i>chímse</i>	<i>feicimse</i>
<i>gabhaid</i>	<i>gabhann siad, téann siad</i>
<i>toirtéiseach</i>	<i>uaibhreach</i>

## Trélineach

<i>trélineach</i>	<i>trilíneach</i>
<i>urgháirdim</i>	<i>I amuse, delight (Dineen)</i>
<i>fágaid</i>	<i>fágann siad</i>
<i>ná fuilid</i>	<i>nach bhfuil siad</i>
<i>cuirid</i>	<i>cuireann siad</i>
<i>nódh</i>	<i>nua</i>
<i>an mhaiseach</i>	<i>an bhean mhaisiúil</i>

## Taibhsí

<i>táid</i>	<i>tá siad</i>
<i>ar ghnaoi</i>	<i>ar mbairt</i>
<i>éaguimseach</i>	<i>gan teorainn</i>
<i>dothombais</i>	<i>dothombaiste</i>

## **An spéir**

<i>caithis</i>	<i>grá</i>
<i>braoin</i>	<i>braonta</i>
<i>iar</i>	<i>tar éis</i>
<i>ón tSaor</i>	<i>ón gCruthaitheoir, ó Dbia</i>
<i>ag tríreach</i>	<i>ag portaireacht</i>
<i>clí</i>	<i>corp</i>

## **Samhain**

<i>noch</i>	<i>seanfhoirm den mhír choibhneasta</i>
<i>búird</i>	<i>boird</i>
<i>Féile Moingfhinne</i>	<i>féile na Sambna; bairdia págánach ab ea Mongfhind a adhradh um Shamhain</i>
<i>tiomargaid</i>	<i>bailíonn siad le chéile</i>
<i>triallaid</i>	<i>téann siad</i>
<i>iarmhair</i>	<i>deireanach</i>
<i>fiúir</i>	<i>racht</i>

## **Mí Mheáin Fhómhair**

<i>spíc</i>	<i>a glint, a stim of light (Dineen)</i>
<i>caraid</i>	<i>cara (tuiséal tabharthach, uimhir uatha)</i>
<i>níoth</i>	<i>troid</i>
<i>doghrainn</i>	<i>crá</i>
<i>meirbhí</i>	<i>meirfean</i>
<i>faolras</i>	<i>wildness, want of cultivation, wantonness (Dineen)</i>
<i>corra-ruaiseach</i>	<i>restless, fidgety, fickle (Dineen)</i>

## **An chathraíocht**

<i>cathraíocht</i>	<i>ainmfhocal teibí a chum an file féin, is cosúil, ón bhfocal ‘cathair’</i>
--------------------	--

<i>gluis</i>	<i>malairt foirme den bhfocal 'glas' sa tuiséal ginideach, uatha, ar son na ríme</i>
<i>péirse</i>	<i>a line from coupling to coupling in a house, on which clothes were put to dry (Dineen)</i>
<i>ar séirse</i>	<i>faoi luas</i>
<i>righ</i>	<i>sín</i>
<i>gleithearánach</i>	<i>fuadrach</i>
<i>calán</i>	<i>soitheach</i>
<i>i ndeis</i>	<i>go slachtmhar</i>
<i>sciórdann</i>	<i>sciuirdeann</i>
<i>is suaill</i>	<i>is beag</i>

### **An tslí amach**

<i>crotal</i>	<i>the plant parmelia; the name of a lichen from which a red dye is made (Dineen)</i>
<i>táth den raith</i>	<i>dos nó tom raithní</i>
<i>cuairsce</i>	<i>a roll, a wreath (Dineen)</i>

### **An Nollaig**

<i>fiata</i>	<i>fíochmhar</i>
<i>seanrotharúch</i>	<i>seanruatharach</i>
<i>spriocadh</i>	<i>spreagadh</i>
<i>imreasán</i>	<i>aighneas, coimhlint</i>
<i>gluair</i>	<i>glé</i>
<i>ar tiús</i>	<i>go tiubh</i>
<i>mar is dú</i>	<i>mar is dual</i>
<i>búird</i>	<i>boird</i>
<i>ag tintealaigh</i>	<i>ag preabarnach</i>
<i>bladhmsach</i>	<i>tine mhór gharbh</i>
<i>brománta</i>	
<i>ríon</i>	<i>banríon</i>

*roillsí*  
*cuimbnte*

*gothaí*  
*cuimhní*

### **An taistealaí**

spéirling  
déadla  
léasmhar  
gaothfach  
*cóch*  
*le gcritheann*  
*chíonn sé*  
*uair umá seach*  
*spinncí*  
fiacal  
scáinte  
*cumaí*  
ríog  
éamhaigh  
*spíd*  
b'é  
*déarmhar*  
táirdíol

stoirm  
dána  
geal  
cóch gaoithe  
*gaoth láidir, cuaifeach*  
*lena gcritheann*  
*feiceann sé*  
*ó am go chéile*  
*failltreacha*  
craig  
scaipthe  
*cruthanna*  
geit eagla  
caoineadh  
*doicheall, masla*  
b'fhéidir  
*vast, very great, immense (Dineen)*  
taisteal

### **Cumha**

*díthghlóir*  
creidhil  
cór  
*beidh am*

*ciúin, gan ghlór*  
cling an chloig mhairbh  
lucht canta  
*ní foláir liom nó is dearmad cló*  
*'beidh ann' in Dánta an lae inniu*  
1929-1935

### **Mian**

*sheolais*  
Trostán  
*tairis*

*sheol tú*  
Tristan  
*dílis*

clasa  
*an bhóchna*  
Íosóid  
*d'ól*

claiseanna  
*an fharraige*  
Isolde  
*a ól*

### **Magh Meall**

*Magh Meall*  
*bárc*  
*béim*  
raon  
coscartha  
*tugam*  
boineann  
*réabfam*  
réalann  
luise  
drithleann  
*séis*  
céibheann  
*ag trácht*  
*scotha*  
*copán*  
*go n-ibhead*  
*má bhásaid mé*  
tulca  
*tláithte*  
*cuspa*  
*trácht*  
*séan*

*Tír na nÓg; an saol eile*  
*long*  
*locht*  
slí  
millteach  
*tugaimis*  
bean  
*réabfaimid*  
taitneann, .i. *ina dtaitníonn solas etc*  
solas  
spréachann  
*ceol*  
ainnir  
*ag siúl*  
*bláthanna*  
*cupán*  
*go n-ólfaidh mé*  
*má mbaraíonn siad mé*  
tonn mhór  
*ciúnaithe*  
*cuspoír, sprioc*  
*aistear*  
*sonas*

### **Impression**

fársta  
scaoth  
ní fhuilingeofar é  
i gcomhad

in éineacht leo  
slua  
ní cheadófar é  
i dtaisce



ollachomhacht	comhacht mhór
<i>gléacht</i>	<i>gile</i>
<i>déarmhar</i>	<i>ollmhór</i>
baislic	teampall
de phlimp	go hobann

## **Cogadh**

<i>go mbaineam</i>	<i>go mbainfimid</i>
<i>go dtráid</i>	<i>go dtí go dtráfaidh siad</i>
<i>craorag</i>	<i>dath na fola</i>
Paonach	Phoenician
<i>áigh</i>	<i>cróga</i>
<i>táid</i>	<i>tá siad</i>
téagar	neart
gáifeach	uafásach
Cruinne	Corunna
<i>Lifeachair</i>	<i>Bhí Cairbre Lifeachair ina rí ar Éirinn idir 254 agus 281; maraíodh é ag Cath Ghabhra mar ar tharla sléacht idir dhá bhuíon de na Fianna.</i>
<i>tuaisceartaigh</i>	<i>na Lochlannaigh</i>
<i>alla-chú</i>	<i>an alien hound, a foreigner; in pl., often the English (Dineen)</i>
<i>ciorrú</i>	<i>sléacht</i>
<i>golfairt</i>	<i>gol</i>
<i>fara</i>	<i>in éineacht le</i>
<i>díblí</i>	<i>traochta</i>
<i>fé dbeáidh</i>	<i>fé dbeoidh, fé dbeireadh</i>
<i>coimheascar</i>	<i>coimblint</i>

## Ceart agus cóir dosna béithibh

*Scríobh Gógán scata dánta do Dhámbscoil Mhúscraí a bhunaigh an Suibhneach Meann (Pádraig Mac Suibhne), Dombnall Ó Ceocháin, agus Pádraig Ó Crualaoi ('Gaedheal na nGaedheal') i 1925. Bhéarsaíocht rialta ar mhúnlaí traidisiúnta a chleachtann baill na scoile mar fhreagra ar 'bharántas' ón uachtarán a leagann amach ábhar na filíochta dóibh roimhré. Tá an dámbscoil bunaithe ar chúirteanna filíochta an ochtú haois déag.*

<i>ard-oirmhíde</i>	<i>ardmheas</i>
<i>achairt</i>	<i>iarratas</i>
<i>diorraingeach</i>	<i>cróga</i>
<i>iath</i>	<i>talamh</i>
<i>cód</i>	<i>dlí, rá</i>
<i>táthaire</i>	<i>suarachán</i>
<i>sruimile</i>	<i>suarachán, an awkward, untidy person, a slap-dash worker (Dineen)</i>
<i>binb</i>	<i>fearg</i>
<i>an t-an</i>	<i>an t-am</i>
<i>rachmas</i>	<i>cumas</i>
<i>báibe</i>	<i>bean óg</i>
<i>táille</i>	<i>díol</i>
<i>oide</i>	<i>athair altrama</i>
<i>teachtain</i>	<i>teacht, seilbh a ghlacadh</i>
<i>séada</i>	<i>maoin</i>
<i>íl'</i>	<i>íle</i>
<i>thogair</i>	<i>thoiligh</i>
<i>taimice</i>	<i>faic</i>
<i>stró, áirnéis</i>	<i>gustal</i>
<i>bóchna</i>	<i>farraige</i>
<i>ní chuirid</i>	<i>ní chuireann siad</i>
<i>ní bhlaisid</i>	<i>ní bhlaiseann siad</i>
<i>óirdneadh</i>	<i>ordination</i>
<i>Ard-Chodhnach</i>	<i>Ardmháistir</i>
<i>áirdeall</i>	<i>aire</i>

## Stróll

*an tIntleacht*  
*Dúchais*

sith-áilne  
longphort Gael  
Mac Néill

*glacaim leis gur d'aon ghnó a dhein*  
*an file ainmfhocal firinsneach den*  
*bhfocal 'intleacht' anso*

fada agus álainn  
Baile Átha Cliath  
Nelson

## Seanlaoch

doghrainní  
*réidheadh*  
diorraingeach  
féigh  
*scéalaid*  
créidhe

cruatain  
*míníodh, léiríodh*  
misniúil  
géar  
*instonn siad scéal*  
creideamh

## Atuirse

*Mac Cuirtín*

*de Vigny*

*Lamartine*

*laoi*  
*am*

*níor shásadar*  
*níor chiúnadar*  
tuis

*Aodh Buí Mac Cruitín (c.1670–*  
*1755), is dócha.*

*File, drámadóir, agus úrscéalai*  
*Francach ab ea Alfred de Vigny*  
*(1797–1863), saighdiúir, agus ball*  
*den uasaicme a chreid gur cheart don*  
*bhfile bheith neamhspleách ón*  
*bpobal.*

*File Francach ab ea Alphonse de*  
*Lamartine (1790–1869), ball den*  
*uasaicme, saighdiúir, taidhleoir agus*  
*polaiteoir. Tá an grá idéalach, an*  
*nádúr, agus cúrsaí creidimh lárnach*  
*ina chuid filíochta.*

*dán*  
*do mo*  
*níor shásaigh siad*  
*níor chiúnaigh siad*  
tomhas nó teora

méala  
cnaoi  
cneasaítear

olc  
cneadh, galar  
leigheastar

### **An aithbhliain**

*ag seol'*  
áirithe  
*nódba*  
*go ngeobhair*

*ag seoladh*  
méid áirithe  
*nua*  
*go bhfaighidh tú*

### **Arascain Sildear** .i. Eirscine Childers

dá shuíomh  
*dá dhíogbailt*  
*cuma*  
comhalltar  
fall  
chífidh etc

ag agairt cirt Dé  
*á bhailiú*  
*is cuma*  
comhlíontar  
faillí  
chífidh gach anam dall lom na  
fírinne

cá críoch etc  
*na slua*  
beann  
*dileagra*  
*lútáil*

cad atá i ndán díbh  
*na sluaite*  
adharc  
*óráid mholtach*  
*act of saluting, louting, or bowing;*  
*making up to, fawning (Dineen)*

sirtheoir  
seang  
*go bhfreagraidh*  
lamhann  
Bé  
*dá gléas'*

iarrthóir  
glic  
*go dtí go bhfreagróidh*  
go mbeadh de mhisneach ionam  
músa  
*á gléasadh*

## Marcra an díomua

Scríobhadh an dán so Totensonntag (Domhnach na Laoch Marbh) i mBeirlín, 1935. Rinne foras na foghraíochta in Ollscoil Bheirlín ceirnín gramafóin de.

taoille	líonadh, rabharta
tím	ciúin
<i>matal</i>	<i>clóca</i>
modar-scím	ceo dorcha
díble	lag
míleadh	laoch
cnaoíte	caite
<i>sambhailt</i>	<i>taibhse</i>
canta	breá
coinnleach	lasúil
díomsach	uaibhreach
<i>go díochra</i>	<i>go dian</i>
taisiríocht	boige
<i>ag díonadh</i>	<i>ag cosaint</i>
<i>daorbheart</i>	<i>gníomh crua</i>
<i>fé scím</i>	<i>faoi cheo</i>
<i>coimheascar</i>	<i>coimblint</i>
<i>guais</i>	<i>contúirt</i>
<i>féachaid</i>	<i>féachann siad</i>
<i>ag gluais'</i>	<i>ag gluaiseacht</i>
<i>Éireannach</i>	<i>(tuiseal ginideach, uimhir iolra)</i>
cinseal	comhacht
<i>maoichint</i>	<i>maíomb</i>
tímpreacht	cúrsa
(timthireacht)	
cuairsce	puthaire, néall
<i>dá shuath'</i>	<i>á shuathadh</i>
tuairt	fothram, buille
<i>ag tóir</i>	<i>ag tóraíocht</i>

## Focal scoir

ceachaireacht	suarachas
anfhorlann	éagóir agus láimh láidir
<i>orráiseach</i>	<i>gránna</i>
<i>búr</i>	<i>duine míbhéasach</i>
<i>ciúil</i>	<i>ceolmhar</i>
<i>chreachadar</i>	<i>chreach siad</i>
<i>radadar</i>	<i>chaith siad</i>
<i>dú</i>	<i>dual, ceart</i>
<i>mo cheartas-sa</i>	<i>mo cheart</i>
crág	lámh
<i>ainiúil</i>	<i>aineolach</i>
fáltacht	fólthacht, <i>laige, meatacht</i>
<i>púir</i>	<i>tubaisteach</i>
fantaisí	aislingí
<i>bheir</i>	<i>tugann</i>
<i>lacáiste</i>	<i>faoiseamb</i>
raistine	fearthainn ghéar
<i>gaílbhthean</i>	<i>stoirm</i>
ciúir	réadhánta, <i>oiriúnach</i>
<i>triúch</i>	<i>ceantar, dúthaigh</i>
<i>iar</i>	<i>ar, tar éis</i>
urrús	údarás
'Gem armas!	Dar m'ónóir!
<i>nó go dtagaidh</i>	<i>nó go dtiocfaidh</i>
<i>conách</i>	<i>rath</i>
<i>seadaire</i>	<i>laoch</i>
<i>aithis</i>	<i>náire</i>
<i>scumbadh</i>	<i>lomadh</i>

## An bhliain chinniúnach

<i>de ríog</i>	<i>de phreib</i>
<i>ag caoi</i>	<i>ag caoineadh</i>
<i>fiadhain</i>	<i>fiáin</i>
<i>chríochmais</i>	<i>chríochnaigh tú</i>
<i>seol</i>	<i>cúrsa</i>

<i>glinnte</i>	<i>gleannta</i>
<i>threaghdaís</i>	<i>sháigh/ghortaigh tú</i>
<i>dá seol'</i>	<i>á seoladh, .i. gurb í an eala (de néal)</i>
	<i>atá á seoladh</i>
<i>ina áras aobhdha etc</i>	<i>.i. go bhfuil an tigh ina áras álainn</i>
	<i>faoin ngrian, maisithe ag rósanna</i>
<i>aobhdha</i>	<i>taitneamhach</i>
<i>reanna</i>	<i>réalta</i>
<i>eadarnaí</i>	<i>glic, tréasach, mailíseach</i>
<i>léas</i>	<i>léigh mé</i>
<i>siolla</i>	<i>siolla gaoithe</i>
<i>púir</i>	<i>tubaisteach</i>
<i>niambh</i>	<i>niamhrach, geal</i>

### **Amhrán tosaigh an Fhómhair**

<i>seamhar</i>	<i>sú, beatha</i>
<i>soirbh</i>	<i>taitneamhach, rathúil</i>
<i>siosa</i>	<i>siosarnach</i>
<i>scáineadh</i>	<i>scaipeadh</i>
<i>sochard</i>	<i>compord, suaimhneas</i>
<i>srotha</i>	<i>sruthanna</i>
<i>de bhíthin</i>	<i>mar gheall ar</i>
<i>éacht</i>	<i>scrios</i>
<i>gléacht</i>	<i>soiléire, gile</i>
<i>inne</i>	<i>ionathar</i>
<i>lias</i>	<i>liathacht</i>
<i>síobhra</i>	<i>taibhse</i>
<i>lonn</i>	<i>fíochmhar</i>
<i>tigheas</i>	<i>teaghlach</i>
<i>scúigh</i>	<i>ghlan</i>
<i>nach furas a réaladh</i>	<i>nach fuirist a n-ainmneacha a</i>
	<i>dhéanamh amach ar na</i>
	<i>leacacha uagha</i>
<i>iomhdhaidh</i>	<i>ceapacha bláth</i>
<i>spéirling</i>	<i>stoirm</i>
<i>udhálta</i>	<i>dála, ar nós</i>

<i>ag fuireach</i>	<i>ag feitheamh</i>
<i>bárc</i>	<i>bád</i>
<i>ciste</i>	<i>saibhreas</i>
<i>sciolla</i>	<i>slis bheag</i>
<i>cléith</i>	<i>cliabh</i>
<i>bioranta</i>	<i>géar</i>
<i>braobhach</i>	<i>braobanta, garbh, maslach</i>
<i>ataoi</i>	<i>tá tú</i>
<i>frithír</i>	<i>tinn, pianmhar</i>
<i>do bheirir</i>	<i>beireann tú</i>
<i>áine</i>	<i>aoibhneas</i>

### Liobharn Stáit

‘Ní gá dom a rá gur liobharn stáit an gléas uasal taistil do bhí ag flatha na seanaimsire ag dul d’uisce. Seasann an chosmalóid anso don stát Éireannach agus an saghas daoine a chuirimid ina bhun.’ Ó Conaire, Breandán, eag. *Éigse: Duanaire na na hArdteistiméireachta*, Baile Átha Cliath 1974, 512; luaite in *Ní Ghallchobhair* 1979, 132.

<i>dathbrionnatócht</i>	<i>bróidnéireacht dhaithe</i>
<i>liosta</i>	<i>mall</i>
<i>meata</i>	<i>caite amach</i>
<i>liodarthacht</i>	<i>easpa deifre</i>
<i>gluise</i>	<i>glaise, (malairt foirme ar son na ríme)</i>
<i>comhnard</i>	<i>leibhéalta, comhard</i>
<i>gabhaid</i>	<i>gabhann siad, téann siad</i>
<i>lichtéir</i>	<i>a lighter, boat (Dineen)</i>
<i>taibhrthí</i>	<i>taibhrimh</i>
<i>folamb</i>	<i>‘folmha’ ba chóir a bheith ann de réir an chaighdeáin ach go loitfeadh sé an córas ríme</i>
<i>cnaiste</i>	<i>a stout club, a cudgel; a large strong lump; a man, in a deprecating sense (Dineen)</i>



*forard  
tuairt  
falairacht*

*fíorard, an-ard  
buille .i. glór crúb an chapaill  
siúl réchúiseach*

### **Amhrán Geimhridh**

*tíocht  
clúmhla  
na mbeantrach'  
cuistiúla  
úrthach  
éagsúlta  
loinneach  
aghlom  
teimheal  
i bhfighid  
triúch  
múchna  
eanach  
á dtionlac'  
dúchan  
codarsnaí  
confadh  
fionnscoth  
cóirí  
fadaraíoch*

*ag teacht  
cáiliúla  
na gcnoc  
sioctha  
marfach  
neamhghnáth, uafásach  
corraithe  
lomnocht  
smál  
ina bhfionn said  
ceantar, dúthaigh  
doircheacht, gruaim  
a path, a pass, a road (Dineen)  
á dtionlacan  
dorchadas  
contrártha  
fearg  
bláth geal  
sochraid  
go foighneach, fadfhulangach*

### **Siubhán**

*eineach  
doilbh  
aiteasach  
múchna  
doirbh  
sceol*

*hospitality, generosity; protection,  
mercy (Dineen)  
dorcha, gruama, brónach  
áthasach  
gruaim  
míthaitneamach  
scéal*

## Fantais ceo

<i>lanntán</i>	<i>paiste féir</i>
<i>luím</i>	<i>a bhfuilim i mo luí air</i>
<i>go samhaltach</i>	<i>mar a bheadh samhailt</i>
<i>aladhomban</i>	<i>breacdhomban</i>
<i>amhantrach</i>	<i>ádhúil</i>
<i>fonnsach</i>	<i>catach</i>
<i>fínn</i>	<i>finn, tuiseal ginideach uatha den aidiacht 'fionn'</i>
<i>gnaoi</i>	<i>áilleacht, grá</i>
<i>complacht</i>	<i>combluadar</i>
<i>sobharthan</i>	<i>beannacht, ádh</i>
<i>amhghar</i>	<i>crá</i>
<i>frithir</i>	<i>pianmhar</i>
<i>fronnsa</i>	<i>pósadh bréige</i>
<i>dís</i>	<i>beirt</i>
<i>Tantal</i>	<i>Tantalus (féach lch 32)</i>

## Fantais coille

<i>feoir</i>	<i>bruach féarmhar</i>
<i>spíc</i>	<i>a glint, a stim of light (Dineen)</i>
<i>scód</i>	<i>brat</i>
<i>modarliath</i>	<i>dorcha agus liath</i>
<i>sa tseol</i>	<i>sa tsiúl</i>
<i>sosadh</i>	<i>stopadh</i>
<i>re</i>	<i>le</i>
<i>cuspa</i>	<i>treoir</i>
<i>tiúdas</i>	<i>tiús</i>
<i>d'abhóig</i>	<i>de gheit</i>
<i>scairt</i>	<i>a natural cave or shelter; a bush, thicket or shrubbery (Dineen)</i>
<i>atriallam</i>	<i>téimid ar ais</i>

**Eachtra criosaintéimeach** Saormheadaracht.

<i>donnaibídí</i>	<i>.i. an duilliúr feoite atá tite de na crainn</i>
<i>leathaid</i>	<i>leathann siad</i>
<i>sáimbríocht</i>	<i>suaimhneas</i>
<i>cuimbnte</i>	<i>cuimhní</i>
<i>láiche</i>	<i>cneastacht</i>
<i>camhaoir</i>	<i>tús lae</i>
<i>líonaid</i>	<i>líonann siad</i>
<i>saighneán</i>	<i>splanc tintrí</i>
<i>iomaí</i>	<i>go leor</i>
<i>guairne</i>	<i>casadh</i>
<i>fíor</i>	<i>cruth, samhail</i>
<i>an Dúileamb</i>	<i>Dia</i>
<i>ríchead</i>	<i>neamh</i>
<i>doighear</i>	<i>lasair</i>
<i>glinnte</i>	<i>firmimint</i>
<i>sochard</i>	<i>suaimhneas</i>
<i>duan</i>	<i>dán</i>

**An loch** Saormheadaracht.

<i>amhdhoircheacht</i>	<i>an uair roim breacadh an lae</i>
<i>rángamar</i>	<i>ráinig muid, sbrois muid</i>
<i>do luas</i>	<i>luaigh mé</i>
<i>duainéiseach</i>	<i>mórshaothrach</i>
<i>scoithgheal</i>	<i>leathgheal</i>
<i>níor chuala</i>	<i>níor chuala mé</i>
<i>as croibh</i>	<i>as láimh</i>
<i>matal</i>	<i>clóca</i>
<i>craoiseach</i>	<i>sleá</i>
<i>compar</i>	<i>cliabh, corp</i>
<i>sraithte</i>	<i>spréite, leagtha amach</i>
<i>cuilitheáil</i>	<i>tonnaíl, guairne uisce</i>
<i>doimhseach</i>	<i>dothomhaiste</i>
<i>ainiúil</i>	<i>aineoil</i>

<i>farainn</i>	<i>in éineacht linn</i>
<i>praip</i>	<i>tom</i>
<i>ba chlos etc</i>	<i>bhí fuaim gunna le cloisint</i>
bileog bháite	bual-lile

### **Amharclann an bháis**

An ‘Mhainistir’ atá i gceist i ré dhrabhlásach éigin. Tá cuid de shean-mharbháras Bhaile Átha Cliath i gcorp an fhoirgnimh.

tuile dhonn	Life
<i>mealltrach</i>	<i>meall</i>
spaglainní	spréichíní
<i>mór’</i>	<i>teastaíonn fogbraíocht Chúige</i>
	<i>Chonnacht anso chun an rím a</i>
	<i>shlánú</i>
<i>amhantrach</i>	<i>ádhúil</i>
<i>snó</i>	<i>snuá, cuma</i>
<i>tais</i>	<i>taibhse</i>
breabhaid	fogha
<i>ceall</i>	<i>eaglais</i>
seamlas	teach marúcháin
dubhlobhadh	comharthaí otraithe nó morguithe
<i>fantais</i>	<i>taibhse</i>
neoid	dearóil
mísc	beart mailíseach
meabhal	meang, <i>mioscais</i>
<i>cuimbhnte</i>	<i>cuimhní</i>
<i>léimeann’ abhann</i>	<i>.i. cuimhní ar léimeanna abhann</i>
	<i>agus ar an scian á chur le scornach</i>
	<i>duine</i>
meall	úil na scornaí
<i>leoin</i>	<i>cráite</i>
odharscaoilteog	aisléine nó brat marbh agus é
	buíthe

fadhbha	iarsmaí
dobhail	duairc
méirneáil	solas fasfarúil
<i>os ceann</i>	<i>os cionn</i>
clamhra	galar na lobhar
na gcrannta bróin	na míchinniúna
<i>fuarga</i>	<i>fuar</i>
clár	ardán, stáitse

### Nollaig Bheirlíneach

An Schloss, príomh-sheanphálás Bheirlín (ina mhúsaem fhothrachúil anois); an Dóm, ardeaglais Liútarach Bheirlín; *lustgarten* (gairdín pléisiúir), plás mór poiblí in aice an Schloss; an Denkmal, teampall beag Gréagach i gcuimhneamh mhairbh an chogaidh; Linden (teile) .i. Unter den Linden, Slí na dTeilí, príomhshlí Bheirlín; Tiergarten (gairdín na bhfia), príomh-pháirc phoiblí Bheirlín.

scríbin	cábán aonaigh
<i>caor</i>	<i>lasair</i>
<i>fé bhraoithibh</i>	<i>faoi mhaláí, faoi fhabhraí</i>
<i>déadla</i>	<i>dána, cróga</i>
<i>Schlöss</i>	<i>tá síneadh fada anso ar son na ríme</i>
<i>glagaireacht</i>	<i>fuaim gan bhrí</i>
<i>slógh</i>	<i>slua</i>
<i>puthairí</i>	<i>scamaill</i>
<i>cuaircí</i>	<i>burlaí</i>
<i>aisleíne</i>	<i>léine na marbh</i>
<i>cóip</i>	<i>slua</i>
<i>dubhsbnóch</i>	<i>dubhsnhuach</i>
<i>in aimhreo</i>	<i>in aimbréidh</i>
<i>ar leithridh</i>	<i>i leataobh</i>
<i>ar a seol</i>	<i>ar a gcúrsa</i>
<i>geamhsbúileach</i>	<i>leathchaoch</i>

<i>crothaí ar scód</i>	<i>cruthanna ceangailte de théada</i>
<i>eachdheilbh</i>	<i>dealbh de chapall</i>
<i>urranta</i>	<i>láidir</i>
<i>cubhais</i>	<i>coinsias</i>
<i>as an nódh</i>	<i>as an nua</i>
<i>fánaidh</i>	<i>fána</i>
<i>aibhéis</i>	<i>duibheagán</i>
<i>doilbh</i>	<i>dorcha, gruama</i>
<i>gus an Tiergarten</i>	<i>go dtí an Tiergarten</i>
<i>éintsiansach</i>	<i>agus éin ag canadh ann</i>
<i>eachmhinic</i>	<i>lán de chapail</i>
<i>dom</i>	<i>do mo</i>
<i>ar cóir</i>	<i>mar is cóir</i>
<i>fuirste</i>	<i>brúite</i>

### **Grá éagmaiseach**

Ba mhaith liom buíochas speisialta do ghabháil le file nár scúigh ach le deireanaí, Rilke, file nár léas ach le blianta beaga anuas agus ór fhoghlaimíos rud éigin ná raibh ar eolas agam cheana; molaim é mar mháistir filíochta agus ‘feasa’ dár n-éigsibh dúchais. An té ná léann an Ghearmáinis, léadh sé as Béarla é: thar file ar bith eile, ní shuaraíonn an t-aistriú a bhrí ná a spiorad: b’fhéidir nach gan cúis éigin folaithe é sin mar b’aistritheoir faíoch é féin. (*Dánta agus duanta 1941–1947*, 7) *Is duine de mbórfhíle na Gearmáinise é Rainer Maria Rilke (1875–1926). Tá taibhsíúlacht neamhchoitianta ag baint le go leor dá chuid dánta agus miotaseolaíocht na Gréige mar bhonn leis an tsraith cháiliúil soinéad a scríobh sé bunaithe ar scéal Orpheus agus Eurydice.*

<i>feicfead</i>	<i>feicfidh mé</i>
<i>aireod</i>	<i>aireoidh/cloisfidh mé</i>
<i>leanfad</i>	<i>leanfaidh mé</i>
<i>aithbhéarad</i>	<i>béarfaidh mé arís</i>
<i>mar le</i>	<i>ar nós, mar a bheadh</i>

## **Cuibhrigh ghorma**

<i>blaodhm</i>	<i>bladh</i>
<i>lé gcumaim</i>	<i>lena gcumaim</i>
<i>go bhfilíocht</i>	<i>le/agus filíocht</i>
<i>reanna</i>	<i>ranna, codanna</i>
<i>colaim</i>	<i>colm</i>
<i>crioslach</i>	<i>crios</i>
<i>aisnéidhim</i>	<i>insím, faisnéisim</i>
<i>sians</i>	<i>ceol</i>
<i>sursaing</i>	<i>crios</i>

## **An soitheach Gréagach**

<i>gan on</i>	<i>gan smál, gan locht</i>
<i>ar fhúig</i>	<i>ar fhág</i>
<i>saitír</i>	<i>a satyr (Dineen)</i>
<i>frithir</i>	<i>géar</i>
<i>forránta</i>	<i>díograiseach, dána</i>
<i>ní creidte san</i>	<i>ní féidir é sin a chreidiúint</i>
<i>Cam</i>	<i>abhainn a théann tré Chambridge</i>
	<i>Shasana</i>
<i>conairt</i>	<i>madraí</i>

## **Sreanga beo**

<i>preatainn</i>	<i>pár, páipéar</i>
<i>taibhlibh</i>	<i>cláraibh nó leacaibh greanta</i>
<i>aibhéis</i>	<i>duibheagán</i>
<i>righte</i>	<i>sínite, tarraingte</i>
<i>in inneall chóir</i>	<i>réidh le scaoileadh</i>
<i>trá</i>	<i>ansan</i>
<i>seol</i>	<i>cúrsa</i>
<i>im dhóid</i>	<i>im láimh</i>
<i>aibidh</i>	<i>aibí</i>

## Lá 'le Muire sa bhFómhar

*Is é sin Lá Fhéile na Deastógála, 15 Lúnasa.*

<i>foirinn</i>	<i>tuiséal tabharthach, uatha, den bhfocal 'foireann'</i>
<i>i bhfail</i>	<i>in éineacht le</i>
<i>bhís</i>	<i>bhí tú</i>
<i>cradhscal</i>	<i>annoyance, mortification, torture (Dineen)</i>
<i>faighreadh</i>	<i>heat or temper in a forge of furnace; purge, purify (Dineen)</i>
<i>am</i>	<i>do mo</i>
<i>báidh</i>	<i>bá</i>

## An phoblacht

*File Portaingéileach ab ea Luis Vaz de Camoens (1524-1580) a chaith tréimhse ina shaighdiúir gairmiúil san Afraic agus san India. Scríobh sé as Portaingéilis agus as Spáinnis.*

<i>d'fhágaibh</i>	<i>d'fhág</i>
<i>ar ionnas</i>	<i>ar nós</i>
<i>scál</i>	<i>scáil</i>
<i>gluair</i>	<i>geal</i>
<i>uais</i>	<i>usal</i>

## An tseanbhlíain

Páirc an Ídigh, i Londain; le ceart is ionann Hyde le talamh teaghlaigh amháin, agus Hyde Manor dob ainm ar dtúis di; an Choill Bhúlónach: Bois de Boulogne, talamh páirce i bPáras na Fraince.

<i>léigim</i>	<i>ligim</i>
<i>oragán</i>	<i>marjoram (planda)</i>
<i>im</i>	<i>i mo</i>
<i>marbhna</i>	<i>an elegy, soliloquy, reflection (Dineen)</i>



<i>táthán</i>	<i>táitbean, b'fhéidir, .i. lyme grass (focal.ie); é sin nó táth beag bláthanna</i>
<i>taodmhar</i>	<i>taghdach</i>
<i>gleoir</i>	<i>geal</i>
<i>do riarais chugam</i>	<i>a roinn tú orm</i>
<i>iosta-log</i>	<i>teach taisce</i>
<i>critbir</i>	<i>lonrach</i>
<i>éadrocht</i>	<i>soilseach</i>

### Ronsard agus Helén

*Is aistriú ón bhFraincis é seo ar dhán cáiliúil Pierre de Ronsard (1524–1585), 'Quand vous serez bien vieille', (Sonnets pour Helene, lièvre II, XLIII). Murab ionann agus leagan Béarla Yeats den dán céanna, 'When you are old and grey', leanann Gógan an bundán go dlúth.*

<i>rinn</i>	<i>faobhar</i>
<i>gnaoi</i>	<i>áilleacht</i>
<i>uallachas</i>	<i>silliness, conceit, airiness, ostentation, coquetry (Dineen)</i>

### An dá chlochar

<i>timpeallaid</i>	<i>timpeallaíonn siad</i>
<i>bán</i>	<i>páirc, gort féir</i>
<i>síoth</i>	<i>suaimhneas, síocháin</i>
<i>búird</i>	<i>boird</i>
<i>slíobtha</i>	<i>snasta</i>
<i>scoth</i>	<i>bláth</i>
<i>míochair</i>	<i>mín, cneasta</i>
<i>gnáthaim</i>	<i>bím ann de ghnáth</i>

### September

<i>Meitheamh Fómhair</i>	<i>Meán Fómhair</i>
<i>is clos etc</i>	<i>tá na hambráin le cloisint</i>

*ag bíodaireacht  
oirfideacht*

*ag bíogarnach  
entertainment, delight; melody,  
music, minstrelsy (Dineen)*

### **Aonach na neathanna**

*neathanna*

*nithe*

*ar seol*

*ar siúl*

*sló*

*slua*

*deinid*

*deineann/déanann siad*

*scribín*

*both aonaigh*

*mearathal*

*mearbhall*

*nócht*

*nuacht*

*táirm*

*fuadar*

*radaireacht*

*foolish behaviour, wandering, night-  
walking, flirting, courting (Dineen)*

*cóip*

*slua*

*aiteas*

*áthas*

*glaoch asaile*

*ceadaíonn foclóir an Duinnínigh  
'asaile' mar mhalairt leagain den  
bhfocal 'asal' sa ginideach uatha*

### **Cill Mhuire Nua**

*ceartas*

*ceart agus cóir*

*caithiseach*

*grámhar, rathúil*

*aibidh*

*aibí*

*caor*

*buama*

*piléir*

*póilíní*

*a d'fhulaing*

*a d'fhulaing mé*

*speán*

*energy (Dineen)*

### **Fuinneog an bhláthadóra**

*nóimeat*

*nóiméad*

*diair*

*tapaídh*

*scothach*

*bláfar*

*connail*

*néata*

*músclaid*

*músclaíonn siad*

<i>canta</i>	<i>deas, álainn</i>
<i>ruag</i>	<i>ruaig</i>
<i>thórsa</i>	<i>tharstu</i>
<i>Escallonia</i>	<i>planda ard bláfar</i>
<i>adeirid</i>	<i>deir siad</i>
<i>sír</i>	<i>cuardaigh</i>
<i>bába</i>	<i>mná óga</i>
<i>silleadh súl</i>	<i>sracfhéachaint</i>
<i>neolta</i>	<i>néalta</i>
<i>lonn</i>	<i>fíochmbar</i>
<i>riasc</i>	<i>talamh portaigh</i>
<i>modar-mheonta</i>	<i>mianta dorcha</i>
<i>braighde</i>	<i>príosúnaigh</i>
<i>contanós</i>	<i>aghaidh</i>

### **Plato don bhfile**

Bunaithe ar dheacht de chuid an fhealsaimh Ghréagaigh gur bhain Houseman, file is léirmheastóir Sasanach, feidhm as i léacht ar nádúir na filíochta.

<i>an Naonúr</i>	<i>na béithe, inspioráid</i>
<i>céardacht</i>	<i>ceardúlacht</i>
<i>éagann</i>	<i>amadán</i>

### **Nóra**

*Eisiomláir den leannán idéalach baineann is ea Lydia i bhfilíocht Chatullus. Tá fothrach theampall Diana i Loch Nemi, atá ainmnithe ó Nemus Dianae .i. coill bheannaithe Diana. Sráid sa Róimh is ea an Via Merulana.*

<i>ar saothar</i>	<i>ag obair go dian</i>
<i>róslíonmbar</i>	<i>lán de rósanna</i>
<i>ag sciobadh</i>	<i>ag piocadh</i>
<i>ag sciotadh</i>	<i>ag gearradh</i>
<i>ag grinneadh</i>	<i>ag scrúdú</i>

<i>seoid</i>	<i>tuiséal ginideach de 'seod', ainmfhocal firinsneach de réir fhoclóir an Duinnínigh</i>
<i>craobhach</i>	<i>lán de chrainn</i>
<i>a shaoilstin</i>	<i>a shíleadh, a cheapadh</i>
<i>seada</i>	<i>seang, grástúil</i>
<i>soilbhir</i>	<i>gealgháireach, dea-labhartha</i>
<i>draíochtach</i>	<i>cáilíonn an aidiacht an t-ainmfhocal 'lochbhruach'</i>
<i>do bheir</i>	<i>a thugann</i>
<i>scím</i>	<i>buairt, imní, scamall</i>

### **Patricius**

<i>gur fríth</i>	<i>go bhfuarthas</i>
<i>Gaoidheal</i>	<i>Gael</i>
<i>Móin Chonaing</i>	<i>Anglesey sa Bhreatain Bheag</i>
<i>na fiaií feá</i>	<i>lucht fiaiígh; 'fiadhaire feadha', a ranger of the woods, a vagrant, a person of unsettled habits (Dineen)</i>
<i>fine</i>	<i>muintir</i>
<i>mísc</i>	<i>drochiompar</i>
<i>scíord</i>	<i>ruaig</i>

### **Easach Eileanóra**

<i>easach</i>	<i>eas</i>
<i>an Dothra</i>	<i>abhainn a théann ó Chill Mhantáin tré bhruachbhailte dheisceart Bhaile Átha Cliath</i>
<i>forránta</i>	<i>dána</i>
<i>de léimrigh</i>	<i>de léim</i>
<i>sánas</i>	<i>faoiseamb</i>
<i>ag blaisint</i>	<i>ag blaiseadh</i>
<i>ré</i>	<i>ar feadh</i>
<i>dá mbreachtaint</i>	<i>á mbreáthú</i>

## Eipeasód

<i>Tiergarten</i>	<i>páirc phoiblí i mBeirlín</i>
<i>gona</i>	<i>lena</i>
<i>mothar</i>	<i>coill</i>
<i>chonaiceas</i>	<i>chonaic mé</i>
<i>am</i>	<i>do mo</i>
<i>tamhan</i>	<i>stoc crainn</i>
<i>cruite</i>	<i>crúite capall</i>
<i>ina shaighid</i>	<i>.i. cruth na mná</i>
<i>ambailt</i>	<i>taibhse</i>
<i>d'aithle</i>	<i>tar éis</i>
<i>lonn</i>	<i>fíochmhar</i>

## HMS An Bhreatain

Tagairt anseo do long ghuail as an bPolainn do chuaigh amú ar an gcaptaen.

*imeoir*                      *imeoidh tú*

## Hydrangea gorm

Tháinig mé féin ar thoirt shaibhir de na bláthanna seo ar an mbóthar idir Ceann Mara agus Beantraí, iad ar dhathanna measctha. Thug na húinéirí dom ceann gorm acu is mhair sé agam ar feadh tamaill mhaith. *Aistriúchán ó Ghearmáinis Rilke ar dhán dar teideal 'Blaue hortensie'.*

<i>deasca</i>	<i>dríodar</i>
<i>scoth</i>	<i>bláth</i>
<i>aca</i>	<i>acu</i>
<i>ar chor</i>	<i>sa tslí</i>
<i>i bhfeicfeá</i>	<i>ina bhfeicfeá</i>
<i>racaíd</i>	<i>gúna</i>
<i>chír</i>	<i>feiceann/feicfidh tú</i>
<i>cuanna</i>	<i>grástúil</i>
<i>aiteas</i>	<i>áthas</i>
<i>ar measc</i>	<i>i measc (Dineen)</i>

## Klare von Reuter

*File Spáinnise as Ecuador ab ea Jorge Carrera Andrade (1902-1978).*

## Gairm an scátháin

*Aistriú ar 'Vocación del espejo' le Andrade.*

<i>scál</i>	<i>scáil</i>
<i>iar</i>	<i>ar, tar éis</i>
<i>cuirir</i>	<i>cuireann tú</i>
<i>fanaid</i>	<i>fanann siad</i>
<i>mias</i>	<i>bord, altóir</i>

## Don oíche

<i>ad gbráchtaint</i>	<i>ag tabhairt grá duit</i>
<i>fársta</i>	<i>chomb maith leo; tríú pearsa, uimhir iolra den bhforainm réamhfhoclach 'faram'</i>
<i>beirir</i>	<i>beireann tú, tugann tú</i>
<i>téaltaír</i>	<i>téaltaíonn/sleambnaíonn tú</i>
<i>leanair</i>	<i>leanann tú</i>
<i>seolair</i>	<i>seolann tú</i>
<i>cránas</i>	<i>crá</i>
<i>am cháibleadh</i>	<i>do mo chiapadh</i>

*Duanóg is ea an bundán 'Alla sera' le Ugo Foscolo (1778-1827), file agus saighdiúir, a chaith blianta in arm Napoleon, ag troid in aghaidh chumbacht na hOstaire san Iodáil. Is mar seo a chuireann aistritheoir Béarla síos ar na tagairtí clasaiceacha atá coitianta ina shaothar. 'Such classical references are a recurrent feature of his poetry, working sometimes to make of the poem a rather precious and idealized object, and at their best widening the poem's scope beyond the personal and into history. There is still such a strong tendency in English*

*criticism after Wordsworth to decry any diction that may be described as “artificial” that it is worthwhile recalling that Leopardi (in his Zibaldone 3418) praised Foscolo’s language and style because it was more “precisely and more perfectly poetical and distinct from prose than that of any other of our poets”. Poetry is an art, and what is artistic is always to some extent artificial: how artificial one likes it is a matter of taste. [...] This is poetry on stilts, but it does have its attractions, as stilt-walking always does.’ JG Nichols, Sepulchres, Oneworld classics Ltd: London 2009, 77-8.*







